An Roinn Oideachais agus Scileanna
Tuarascáil Bhliantúil 2011



Clár na nÁbhar

CUID 1 Faisnéis Chorparáideach 4

1.1 Ár Misean 4
1.2 Ár Spriocanna Ardleibhéil 4
Réamhfhocal ón Aire 5
Ráiteas ón an Ard-Rúnaí 6

2. Súil Siar ar an mBliain 7

2.1 Feabhas a Chur ar Éifeachtúlacht agus ar Cháilíocht na Seirbhíse a sholáthraíonn an Roinn 7
2.2 Athchóiriú Struchtúrtha ar ár bPróiseas Buiséadach 8
2.3 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 8
2.3.1 An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2011 9
2.3.2 SOLAS 9
2.3.3 Athchumrú na gCoistí Gairmoideachais 10
2.4 Feabhas a Chur ar ár gCaighdeáin sa Litearthacht agus san Uimhearthacht 10
2.5 Athchóiriú agus Forbairt Curaclaim 11
2.6 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna 12
2.7 Athchóiriú Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí 12
2.8 An Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bhunscoile 13
2.9 Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 13
2.10 An Clár Tógála Scoileanna 13
2.11 Breisoideachas, Breisoiliúint agus Scileanna 14
2.13 Sásamh d'Institiúidí Cónaithe 16
2.14 Comhoibriú Thuaidh-Theas 17

3. Sonraí Corparáideacha Ginearálta i 2011 19

3.1 Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte 19
3.2 Seirbhísí Faisnéise 19
3.3 Tuarascálacha Cigireachta Scoile 19
3.4 Achoimre ar Phras-Íocaíochtaí: Eanáir go Nollaig 2011 20
4.1 Cáilíocht a Chinntiú i Suíomhanna Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige 21
4.2 Curaclam agus Measúnú i Scoileanna 22
4.2.1 Tionscadal Mata 22
4.2.2 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí 22
4.2.3 Tacú leis an bPróiseas Scrúduithe 23
4.2.4 An Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoile 23
4.2.5 An Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre 23
4.3 Feabhas a Chur ar ár gCaighdeáin sa Litearthacht agus san Uimhearthacht 24
4.4 Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) 26
4.4.1 Tionscnaimh Phlean Gníomhaíochta DEIS chun Feabhas a Chur ar an Litearthacht agus ar an Uimhearthacht 27
4.4.2 Measúnacht ar DEIS 28
4.4.3 Straitéis Oideachais an Lucht Siúil 28
4.4.4 Athghiniúint Luimnigh 28
4.4.5 Cur Chun Feidhme na Straitéise Oideachais Idirchultúrtha 28
4.4.6 Aistriú Fheidhmeanna an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais 29
4.5 Oideachas Speisialta 29
4.6 Pátrúnacht Scoile 29
4.7 Beartais Rollaithe Scoile 30
4.8 Forbairt Bunachair Shonraí Nua Ar Líne d'Iarbhunscoileanna (P-POD) 30
4.9 TFC i Scoileanna 31
4.10 Iompar Scoile 31
4.11 Leabhair Scoile 31
4.12 Rialachas agus Bainistíocht Éifeachtach Scoileanna 31
4.13 Cigireacht Scoile agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna 32
4.13.1 Féin-Mheasúnacht Scoile 33
4.14 An Rannóg Párolla 33
4.15 Téarmaí agus Coinníollacha na Múinteoirí agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAnna) 34
4.16 Oideachas Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 34

4.16.1 Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí 35
4.16.2 An tSeirbhís Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) 35
4.16.3 An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge (STDLG) 36
4.16.4 An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) 36
4.16.5 Foireann Forbartha Thionscadal Mata (PMDT) 37
4.16.5a Tabhairt Isteach Chlár Thionscadal Mata d'Iarchéimithe 37
4.17 Líon na Múinteoirí le Céim ó na Príomh-Choláistí Oideachais i 2011 37
4.18 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais 38
4.19 Tábla 1 – Roinnt Aschur a baineadh amach faoi Sprioc 1 i 2011 39
Breisoideachas agus Oiliúint 50
5.1 SOLAS 50
5.2 Tacú le Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna - FET 51
5.3 An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí 52
5.4 An Tionscnamh Jabanna 52
5.5 Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas 53
5.6 Printíseachtaí 53
5.7 Skillnets 54
5.8 Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta na nAosach 54
5.9 An Ciste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair (LMAF) 55
5.10 Tábla na gClár Breisoideachais 56
5.11 Bunú Fóraim Rannpháirtíochta Fiontair 56
5.12 Tábla 2 – Roinnt aschur a baineadh amach faoi Sprioc 2 i 2011 56
6.1 An Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas 59
6.2 Tacú le Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna – Ard-Oideachas 60
6.3 Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas a Chur Chun Cinn 60
6.4 Athchóiriú an Chórais Deontas Mac Léinn 60
6.5 Bunú an Bhoird Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn 61
6.6 Leathnú na híocaíochta deontas mac léinn ag EFT 61
6.7 Caiteachas ar Thacaíocht do Mhic Léinn 61
6.8 Taighde agus Airgeadas 62
6.9 Oideachas in Éirinn a Chur Chun Cinn ar Bhonn Idirnáisiúnta 62
6.9.1 An Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013 63
6.9.2 Rannpháirtíocht na Roinne i gCruinnithe agus i dTionscnaimh Idirnáisiúnta 64
6.10 Tábla 3 – Roinnt aschur a baineadh amach faoi Sprioc 3 i 2011 66
7.1 Infheistíocht Mheántéarmach Bonneagair agus Caipitil 69
7.2 Éifeachtúlacht a Mhéadú i Seachadadh Tionscadal Tógála 70
7.3 Soláthar Áiteanna Scoile 70
7.4 Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach 71
7.5 Forbairtí ag Tríú Leibhéal 72
7.6 Comórtas Dearaidh d'Iarbhunscoileanna 72
7.7 Tábla 4 – Roinnt aschur a baineadh amach faoi Sprioc 4 i 2011 72

Cuid 3 – Feabhas a chur ar ár nÉifeachtúlacht agus ar ár nÉifeachtacht 75

8.1 An Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil 75
8.2 Athchóiriú Ginearálta na hEarnála Oideachais 75
8.3 Feabhas a Chur ar Fheidhmíocht agus ar Éifeachtúlacht ár Roinne 77
8.3.1 Párolla agus Airgeadas 77
8.3.2 Tacú lenár mBeartais agus lenár nAnailísí agus Iad a Fheabhsú 78
8.3.3 Faireachán a Dhéanamh ar ár gCórais Inmheánacha agus ar ár bPróisis Inmheánacha 78
8.3.4 Acmhainní Daonna agus Oiliúint Foirne 78
8.3.5 Feabhsúcháin Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide Inmheánaí 80
8.3.5a Forbairt ár Láithreáin Ghréasáin Nua 80
8.3.6 Pleanáil agus Feabhsúcháin Ghnó ag an Leibhéal Rannóige 80
8.4 Tábla 5 – Athchóiriú a Chur Chun Feidhme agus Feabhas a Chur ar ár Seirbhísí i 2011 80

Aguisín A: Comhlachtaí faoi Scáth na Roinne i 2011 85

Arna foilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1
© An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012

CUID 1 Faisnéis Chorparáideach

Ár Misean agus Ár Spriocanna

1.1 Ár Misean

Is é ár misean cur ar chumas foghlaimeoirí a lánchumas a bhaint amach agus cur le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

1.2 Ár Spriocanna Ardleibhéil

Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go soláthraíonn an Roinn agus an earnáil oideachais agus oiliúna níos leithne seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadann luach ar airgead don cháiníocóir. Is é ár sprioc uileghabhálach feabhas a chur ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama ag gach leibhéal den earnáil oideachais agus oiliúna agus feabhas a chur ar thorthaí foghlama le himeacht ama. Chun tacú leis seo, d'aithníomar na spriocanna ardleibhéil seo a leanas:

1. Córas oideachais scoile agus na luathóige atá uileghabhálach agus ar ardchaighdeán, a bhfuil torthaí foghlama níos fearr ag gabháil leis, a chur ar fáil

2. Deiseanna a chur ar fáil le haghaidh athoiliúna agus breisoiliúna a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine agus an mhargaidh shaothair

3. Deiseanna foghlama, taighde agus nuálaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil san earnáil ardoideachais

4. Bonneagar cuí a phleanáil agus a chur ar fáil do thimpeallachtaí foghlama

Réamhfhocal ón Aire

Cuirim fáilte roimh an gcéad tuarascáil seo ar dhul chun cinn maidir leis na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne 2011-2014. Freagraíonn an Tuarascáil seo do leithead théarmaí tagartha obair na Roinne agus don phointe ar oibrigh an Roinn chuige i 2011 le haghaidh na n-athruithe atá leagtha amach sa chlár oibre uaillmhianach athchóirithe don earnáil oideachais a bhaint amach.

Is é atá in athchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí dhá cheann de na hathchóirithe móra ar chuireas tús leo i 2011. Go mall i 2011, thacaíos le tograí a leag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) amach, tograí a neadóidh foghlaim ghníomhach agus a sholáthróidh aistriú níos mó i dtreo measúnacht bunaithe ar scoil sa tSraith Shóisearach. Tá an Roinn tiomanta freisin d'athchóiriú na sraithe sinsearaí agus chomhchruinnigh an NCCA agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) comh-chomhdháil anuraidh chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann leis an trasdul ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal.

Ag an leibhéal bunscolaíochta, bunaíodh an Fóram Pátrúnachta agus Iolrachais san Earnáil Bhunscolaíochta i 2011 lena chinntiú go bhfreagraíonn ár gcóras scoileanna dár sochaí athraithe agus don éileamh ar iolrachas agus ar éagsúlacht. Cuireadh tús le díospóireacht ar bheartais um chlárú scoile a raibh an cuspóir foriomlán aici córas cothrom follasach um iontráil daltaí i scoileanna a chinntiú.

Ag tríú leibhéal, cuireadh tús leis an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas d'fhonn an córas a athchóiriú go fairsing chun tuilleadh feabhsuithe solúbthachta i gcaighdeán an teagaisc agus na foghlama a éascú agus a chinntiú go nascann ardoideachas níos éifeachtaí le riachtanais níos leithne shóisialta, gheilleagracha agus fiontair.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne ar fad as a cuid oibre i 2011 lenár gcuspóirí a bhaint amach agus táim ag tnúth le hobair le chéile isteach sa todhchaí.

Ruairí Quinn
An tAire Oideachais agus Scileanna

Ráiteas ón an Ard-Rúnaí

Is maith liom tabhairt isteach a dhéanamh ar an Tuarascáil Bhliantúil seo a chuireann síos ar an obair a chuir an Roinn i gcrích ar feadh na chéad bhliana dár Ráiteas Straitéise 2011-2014.

I rith 2011, rinneadh athbhreithniú ar an Roinn faoin gClár Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP). Is é ceann amháin de phríomhthorthaí an athbhreithnithe gurb ionann ár bpríomhláidreachtaí mar Roinn agus ardchaighdeán ár mbainisteoireachta agus ár bhfoirne, ár luachanna láidre agus ár dtiomantas d'oideachas, ár dtoilteanas le bheith rannpháirteach i réiteach fadhbanna agus ár dtiomantas do dhéileáil le clár oibre iontach dúshlánach. Cuirim fáilte roimh an toradh sin mar go gcuireann sé in iúl go soiléir gur féidir linn dul i ngleic leis na dúshláin os ár gcomhair, in ainneoin ár gcúinsí geilleagracha agus imthosca timpeallachta deacra eile amhail éilimh mhéadaithe dhéimeagrafacha.

Freagraíonn an dul chun cinn a bhain an Roinn amach i 2011 le haghaidh athchóirithe agus athruithe a chur chun feidhme, maille lena cumas chun tascanna riachtanacha leanúnacha oibriúcháin a dhéanamh go rathúil le hacmhainní airgeadais agus daonna laghdaithe, mar atá leagtha amach sa Tuarascáil seo, do thiomantas fhoireann na Roinne. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, Brigid McManus, as a tiomantas agus as a rannpháirteachas san earnáil oideachais i rith a sealbhaíochta mar Ard-Rúnaí. Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh le hobair le foireann na Roinne agus lenár gcomhpháirtithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir ar chur chun feidhme agus ar thuilleadh forbartha ár Straitéise.

Seán Ó Foghlú
An tArd-Rúnaí

2. Súil Siar ar an mBliain

I 2011, lean an Roinn Oideachais agus Scileanna ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara go léir trína chinntiú go bhfuil ár seirbhís cumasach agus éifeachtúil, agus go bhfuil ár gcóras oideachais dinimiciúil agus freagrúil ar ár riachtanais oideachais, chultúrtha agus eacnamaíocha. Beag beann ar na dúshláin timpeallachta, amhail éilimh dhéimeagrafacha mhéadaitheacha agus srianta fioscacha, atá á gcur i bhfeidhm sa chóras oideachais faoi láthair, lean an Roinn ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh torthaí oideachais a fheabhsú agus athchóiriú struchtúrtha a bhaint amach laistigh den earnáil i gcomhréir le clár oibre athchóirithe an Rialtais agus lena straitéis fáis agus fostaíochta. Mar gheall ar an timpeallacht dhúshlánach ina bhfuilimid ag feidhmiú faoi láthair, bhí ar eagraíochtaí i ngach earnáil athbhreithniú a dhéanamh ar a bpróisis ghnó d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtúlacht costais uasta a chinntiú i seachadadh a seirbhísí agus, mar gheall air sin, tá móiminteam gan fasach le haghaidh athchóirithe agus nuálaíochta ar fud na seirbhíse poiblí. Thug sé seo dúshláin agus treoir nua do gach eagraíocht na seirbhíse poiblí i 2011, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus leanfaidh sé ar aghaidh lena leithéid a dhéanamh sa todhchaí. Is an-chasta atá an clár athchóirithe san earnáil Oideachais, agus tá idirspleáchas ar fud raon tionscadal. Áirítear leis na hathruithe seo athchóiriú oideachais tosaigh do mhúinteoirí; athchóiriú curaclaim, lena n-áirítear athchóiriú an Teastais Shóisearaigh; feabhas a chur ar ár gcaighdeáin náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta; pátrúnacht scoile; bearta nua dearbhaithe cáilíochta agus measúnaithe a thabhairt isteach i scoileanna; ár gcóras oideachais a oiriúnú d'fhonn go mbeidh iarchéimithe in ann freastal ar riachtanais ár margaidh shaothair agus d'fhonn go mbeifear in ann dífhostaíocht a laghdú, agus athchóiriú mór na hearnála tríú leibhéal d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as maoiniú atá ann cheana féin.

2.1 Feabhas a Chur ar Éifeachtúlacht agus ar Cháilíocht na Seirbhíse a sholáthraíonn an Roinn

Aithníodh i dTuarascáil Athbhreithnithe Eagraíochtúil na Roinne Oideachais agus Scileanna, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2011, go bhfeidhmíonn an Roinn i dtimpeallacht an-dúshlánach an-chasta, atá á múnlú ag athruithe eacnamaíocha, sóisialta, teicneolaíochta, cultúrtha agus déimeagrafacha go háirithe... I measc roinnt de na príomhthorthaí atá le fáil sa Tuarascáil gurbh iad príomhláidreachtaí na Roinne caighdeán ard a lucht bainistíochta agus foirne, an tiomantas láidir atá againn don oideachas agus an toilteanas atá againn réiteach a dhéanamh ar fhadhbanna a bhaineann le clár oibre an-dúshlánach. Aithníodh sa Tuarascáil freisin gur chabhraigh an Roinn le hardleibhéal comhthuisceana agus comhthiomantais a bhaint amach ar fud an chórais ina iomláine nuair a ghlac sí le cur chuige an-chomhairleach le príomhpháirtithe leasmhara sa chóras oideachais maidir le forbairt agus le cur chun feidhme a beartas.

Mar chuid de thiomantas na Roinne d'fheabhas a chur ar ár seirbhís agus d'fhonn ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach ar bhealach níos rathúla agus níos éifeachtúla trí chur chun feidhme na bhfeabhsúchán a aithníodh sa Tuarascáil, chuireamar tús le Plean Gníomhaíochta an

Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP) a fhorbairt i lár na bliana 2011. Cuireadh an Plean Gníomhaíochta faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2011 agus foilsíodh é mar chuid de Thríú Tuarascáil phróiseas an Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil i mí Eanáir 2012. Tá an tuarascáil iomlán, ina bhfuil léirmheasanna ar thrí Roinn eile, ar fáil le híoslódáil ó www.orp.ie

2.2 Athchóiriú Struchtúrtha ar ár bPróiseas Buiséadach

I mí Mheán Fómhair 2011, chuir an Roinn seo a hAthbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas Reatha faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é aidhm an phróisis seo príomhshraith a aithint de chuspóirí agus de réimsí tosaíochta atá le maoiniú. Tacóidh athchóiriú leanúnach san earnáil agus sraith chomhaontaithe de thionscnamh athchóirithe chrosghearrtha le seachadadh na gcuspóirí. Is é aidhm na dtionscnamh crosghearrtha dúbailt a laghdú agus tacú le seirbhísí agus le struchtúir thacaíochta níos cuíchóirithe a sheachadadh ar fud na seirbhíse poiblí. Bhí athbhreithniú caiteachais na Roinne mar chuid den Tuarascáil Chuimsitheach fhoriomlán ar Chaiteachas 2012-2014 don tseirbhís phoiblí, rud ina leagtar amach na huasteorainneacha caiteachais ilbhliantúla do Ranna ó 2012 go 2014. Tugadh Buiséadú Feidhmíochta isteach mar cheann amháin de na príomhghnéithe d'athchóiriú struchtúrach tábhachtach an phróisis bhuiséadaigh. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige nua seo go bhfoilsíonn Ranna a Meastacháin ar chaiteachas beartaithe ar bhonn cláir straitéiseacha, de réir mar atá leagtha amach ina Ráitis Straitéise, seachas ar bhonn na bhfo-mhírcheann cuntasaíochta a bhí i bhfeidhm roimhe seo. Áiríodh le Meastachán na Roinne seo do 2012 aguisín léiriúcháin a bhí bunaithe ar an bhformáid nua bhuiséadaithe feidhmíochta, ach beidh na Meastacháin do 2013 bunaithe go hiomlán ar an bhformáid nua seo. Tá an t-aistriú chuig an bhformáid nua á dhéanamh i dteannta le hathstruchtúrú Vóta na Roinne chun an cur chuige nua i leith an chláir straitéisigh a léiriú. Is é an aidhm fhoriomlán próiseas oscailte trédhearcach a bheith againn, rud trína leithdháiltear cistí poiblí ar réimsí inar féidir an chuid is fearr a bhaint astu agus a chuirfidh feabhas ar shaolta saoránach. Is é ceann de na príomhthorthaí atá san Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas (CRE) na hathchóirithe seo a dhearadh ar bhealach comhleanúnach agus inoibrithe agus iad a thabhairt isteach gan mhoill. Is féidir amharc ar athbhreithniú na Roinne seo ar chaiteachas, agus ar an tuarascáil fhoriomlán don tseirbhís phoiblí, ag http://per.gov.ie/comprehensive-review-of-expenditure/

2.3 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Go déanach i 2011, d'fhoilsigh an Rialtas a Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Ráiteas Rialtais a bhí ag gabháil leis. Thug próiseas comhairliúcháin phoiblí, a bhí mar chuid den Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas (CRE), eolas don dá fhoilseachán seo. Leagtar amach sa Phlean an bonn le haghaidh athrú forleathan a dhéanamh ar fud gach earnála na Seirbhíse Poiblí do na blianta atá le teacht chun a chinntiú go mbeidh an tSeirbhís Phoiblí dírithe ar an gcustaiméir, go mbeidh sí níos caoile agus níos comhtháite agus go soláthróidh sí an luach is fearr ar airgead. Is lárnach den chlár oibre athchóirithe atá béim ar chúig mhórthiomantas d'athrú. Is iad sin: tús áite a thabhairt do sheirbhís do chustaiméirí; an chuid is fearr a bhaint as bealaí seachadta seirbhíse nua agus nuálacha; laghdú mór a dhéanamh ar ár gcostais d'fhonn

luach níos fearr ar airgead a bhaint amach; a bheith ag stiúradh, ag eagrú agus ag obair ar bhealaí nua agus béim láidir a choimeád ar chur chun feidhme agus ar sheachadadh. Mar chuid de chlár an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, chuir an Roinn tús lena Plean Seachadta Athchóirithe Chomhtháite a fhorbairt don Earnáil Oideachais, rud ina leagtar amach na mórthionscadail athchóirithe earnála, atá ar siúl nó atá beartaithe, chomh maith le roinnt tionscadail athchóirithe chrosghearrtha. Mar chuid den tionscnamh seo, éilíodh ar Ranna Pleananna Seachadta Athchóirithe Chomhtháite a fhorbairt chun gníomhartha faoi Phlean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh), faoin Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas, nuair is cuí, agus faoi thionscnaimh athchóirithe atá sonrach don eagraíocht/earnáil a chur ar chomhréim le chéile

Cuireadh tús le hobair ar phlean athchóirithe chomhtháite don earnáil oideachais go déanach i 2011 agus cuireadh í i gcrích go luath i 2012.

2.3.1 An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2011

Le linn 2011, chuir an Roinn tús leis an bpróiseas chun athchóiriú struchtúrtha beartaithe na hearnála oideachais a sheachadadh trí chur chun feidhme ár bplean athchóirithe. Gné amháin de seo a bhí i bhfoilsiú an Bhille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2011, i 2011. Déantar foráil sa Bhille d'Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), do Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus do Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC), arb iad na comhlachtaí atá freagrach as dearbhú cáilíochtaí agus cáilíochta, a chónascadh le chéile chun Gníomhaireacht na hÉireann um Dhearbhú Cáilíochtaí agus Cáilíochta (QQAAI) a chruthú. Ina theannta sin, beidh sé de fhreagracht ar QQAI athbhreithniú seachtrach dearbhaithe cáilíochta a dhéanamh ar ollscoileanna. Tá an fheidhm seo á comhlíonadh ag Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann faoi láthair. Fágann sé seo go gclúdóidh ról dearbhaithe cáilíochta QQAI gach réimse de bhreisoideachas, de bhreisoiliúint, d'ardoideachas agus d'ardoiliúint.

2.3.2 SOLAS

Fógraíodh an t-údarás nua breisoideachais agus breisoiliúna, ar a dtugtar SOLAS, i mí Iúil 2011 agus beidh sé mar shainordú aige soláthar clár breisoideachais agus breisoiliúna atá cothrom le dáta agus ar ardchaighdeán a chinntiú do chuardaitheoirí poist agus d'fhoghlaimeoirí eile. Beidh na cláir comhtháite agus solúbtha, soláthróidh siad luach ar airgead agus beidh siad freagrúil ar riachtanais foghlaimeoirí agus ar riachtanais ár dtimpeallachta eacnamaíche. Cuirfidh SOLAS béim níos mó ar scileanna ginearálta inaistrithe, lena n-áirítear scileanna a bhaineann le daoine, scileanna fadhbréitigh agus scileanna litearthachta digití. Tá SOLAS tacaithe ag dearbhú cáilíochta láidir, ag caighdeáin cheirde, ag tagarmharcanna idirnáisiúnta agus ag athbhreithnithe ar ábhair chúrsaí. Comhlíonfaidh sé ról don earnáil breisoideachais agus breisoiliúna a bheidh cosúil leis an ról atá á chomhlíonadh ag an Údarás Ard-Oideachais d'institiúidí ardoideachais. Is éard a bheidh i gceist lena chuid oibre: bearnaí scileanna a aithint i gcomhar leis an Sainghrúpa ar

Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, fiosrú agus feabhsú a dhéanamh ar an soláthar atá ann cheana féin, agus cúrsaí a nascadh níos dlúithe le riachtanais an duine agus le riachtanais an mhargaidh shaothair araon.

2.3.3 Athchumrú na gCoistí Gairmoideachais

I mí an Mheithimh 2011, d'fhógair an tAire athchumrú athbhreithnithe ceadaithe na gCoistí Gairmoideachais (VECanna). Glacfaidh Boird Oideachais agus Oiliúna obair na gCoistí Gairmoideachais ar láimh agus beidh ról leathnaithe acu maidir le seachadadh breisoideachais agus breisoiliúna ar fud na tíre. I mí Dheireadh Fómhair 2011, cheadaigh an Rialtas na príomhghnéithe de Bhille na mBord Oideachais agus Oiliúna, rud ina ndéantar foráil d'athchumrú na gCoistí Gairmoideachais chun líon na gCoistí Gairmoideachais a laghdú ó 33 coiste go 16 choiste. Sa Bhille, déanfar gach Acht na gCoistí Gairmoideachais atá ann cheana féin a aisghairm, feidhmeanna agus cumhachtaí a thabhairt cothrom le dáta agus nuachóiriú a dhéanamh ar an gcreat rialála don earnáil.

2.4 Feabhas a Chur ar ár gCaighdeáin sa Litearthacht agus san Uimhearthacht

Is é ceann de phríomhchuspóirí na Roinne a chinntiú go bhfuil torthaí foghlama ar ardchaighdeán á mbaint amach ag an gcóras oideachais chun tacú le gach foghlaimeoir i sochaí agus in ionad oibre atá ag athrú go tapa, ón réamhscoil go dtí oideachas tríú leibhéal. Tá sé mar chuid lárnach den sprioc seo a bhaint amach feabhas a chur ar cháilíocht ár soláthraithe ag gach leibhéal agus ar an gcóras oideachais i gcoitinne, chomh maith le tionscnaimh a chur chun feidhme ar mhaithe le feabhas a chur ar ár gcaighdeáin, go háirithe sa Litearthacht agus san Uimhearthacht. I 2011, foilsíodh *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* (An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta), agus is príomhcholún den Chlár don Rialtas í seo. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis leathan seo a chinntiú go bhfágfaidh gach leanbh an scoil tar éis an litearthacht agus an uimhearthacht a bheith ar a gcomhairle acu féin.

Ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile, tá sé mar aidhm ag an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a chinntiú go leanfaidh múinteoirí agus scoileanna ar aghaidh le béim láidir a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta laistigh de churaclam atá leathan agus cothrom. Leagtar amach sa Straitéis clár leathan athchóirithe i gcúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí, i bhforbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do phríomhoidí scoile agus in ábhar an churaclaim ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iarbhunscoile le go gcuirfear ar chumas daltaí na scileanna tábhachtacha seo a ghnóthú. I 2011, cuireadh tús le roinnt athchóirithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear cúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí a fhadú, níos mó ama a chaitheamh ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht i scoileanna, agus méadú a dhéanamh ar úsáid na measúnuithe caighdeánaithe sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic.

Tá foilsiú na Straitéise ina chloch mhíle freisin maidir le forbairt earnáil na luathbhlianta in Éirinn mar go n-aithnítear inti an ról tábhachtach atá á imirt ag eispéiris i luathóige i bhforbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Tagraíonn roinnt moltaí go díreach don tábhacht a bhaineann

le soláthar luathoideachais ar ardchaighdeán. Déantar tagairt do chroíphrionsabail Síolta[1] agus Aistear[2] ar fud an doiciméid, lena n-áirítear comhpháirtíocht le tuismitheoirí, an tábhacht a bhaineann le súgradh agus le hidirghníomhaíochtaí in oideolaíocht na luathóige agus an ról príomhúil ag an duine fásta atá oilte agus cáilithe.

2.5 Athchóiriú agus Forbairt Curaclaim

Le linn 2011, lean an Roinn ar aghaidh lena cuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) maidir le forbairt curaclaim chun tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme leanúnach athchóiriú Thionscadal Mata agus na Sraithe Sóisearaí.

Tugadh Tionscadal Mata isteach chun bunathrú a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim na matamaitice ag an dara leibhéal d'fhonn feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fhoriomlán sa mhatamaitic agus d'fhonn méadú a dhéanamh ar líon na ndaltaí a bhíonn ag dul do mhatamaitic ardleibhéil. Eisíodh Snáithe 3 agus Snáithe 4 de Shiollabas Thionscadal Mata chuig scoileanna príomhshrutha i mí Mheán Fómhair 2011. Rinne iarrthóirí ar scrúdú na hArdteistiméireachta 2011 sna 24 scoil tionscadail le haghaidh Thionscadal Mata, a bhí á dhéanamh roimh an rolladh amach náisiúnta i scoileanna príomhshrutha, scrúduithe a chlúdaigh ceithre cinn de na cúig shnáithe siollabais.

Go déanach i 2011, chuir an tAire fáilte roimh fhoilsiú na tuarascála *I dTreo Creata don tSraith Shóisearach* ag NCCA, rud ina ndéantar moltaí a bhaineann le hathchóiriú curaclaim na sraithe sóisearaí. Is é aidhm an athchóirithe foghlaim ghníomhach agus smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn agus bogadh i dtreo measúnú scoilbhunaithe. Ba iad na príomh-shaincheisteanna ar thug NCCA aghaidh orthu ina hathbhreithniú ar an tsraith shóisearach ró-ualú curaclaim, foghlaim de ghlanmheabhair, soláthar a dhéanamh do chruthaitheacht agus do nuálaíocht níos fearr, príomhscileanna a neartú, soláthar a dhéanamh do chineálacha measúnaithe atá níos ábhartha agus níos solúbtha, agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an tsraith shóisearach ar riachtanais gach duine ar bhealach níos fearr. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán ag www.ncca.ie

Ag leibhéal na sraithe sinsearaí, mar gheall ar imní a chuir páirtithe leasmhara éagsúla in iúl faoi ghnéithe d'aistriú daltaí ó oideachas dara leibhéal go hoideachas tríú leibhéal, thionóil NCCA agus an tÚdarás um Ard-Oideachas comhdháil chomhpháirteach ar fheabhas a chur ar an aistriú seo, agus cuireadh an tuarascáil a tháinig as an gcomhdháil seo faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2011. Díríodh sa Tuarascáil ar na himpleachtaí a bhíonn ag scrúdú na hArdteistiméireachta, toisc gurb é an cinntitheach is mó maidir le rochtain ar an ardoideachas agus, ar an taobh eile, ar na himpleachtaí a bhíonn ag cleachtais tríú leibhéal ar dhaltaí dara leibhéal.

[1] Is ionann Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, agus sraith chuimsitheach de threoirlínte cleachtais do gach suíomh ina bhfuil leanaí idir 0-6 bliain d'aois i láthair.
[2] D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, i 2009. Dírítear ann go sonrach ar thacú le luathfhoghlaim agus le luathfhorbairt leanaí atá idir 0-6 bliain d'aois.

2.6 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna

Le linn 2011, lean an Chigireacht ar aghaidh le hathbhreithniú agus le forbairt a dhéanamh ar na múnlaí cigireachta a úsáideann sí chun measúnacht a dhéanamh ar scoileanna. Tháinig sraith cineálacha cigireachta as seo, idir cigireachtaí scoile neamhfhógartha nua i scoileanna dara leibhéal ó 2011 agus measúnachtaí níos déine agus níos speisialaithe ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iarbhunscoile araon. Tá tuilleadh faisnéis mhionsonraithe ar chigireachtaí scoile a rinneadh i 2011 le fáil ar leathanach 23, ar leathanach 36, ar leathanach 37 agus ar leathanach 38 den Tuarascáil seo.

Tugadh rialacha nua isteach chun teorainneacha nua a chur ar mhúinteoirí neamhcháilithe a fhostú i scoileanna agus chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go bhfuil na daoine a cheaptar le teagasc ina múinteoirí cáilithe a bhfuil cáilíochtaí acu atá cuí don earnáil agus atá oiriúnach don phost dá bhfuil siad fostaithe agus go dtairgtear fostaíocht do mhúinteoirí dífhostaithe de rogha ar na daoine sin a chuaigh ar scor. Tá feidhm ag na rialacha nua maidir le gach ceapachán a rinneadh ar an 1 Meán Fómhair 2011 nó ina dhiaidh. Faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, rinneadh leasuithe comhaontuithe ar an gconradh múinteora as ar tháinig thart ar 36 uair bhreise ag an leibhéal bunscoile agus 33 uair bhreise ag an leibhéal iarbhunscoile in aghaidh na bliana ionas go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha, amhail pleanáil scoile agus cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí, gan am teagaisc a chailleadh.

I mí Mheán Fómhair 2011, foilsíodh an doiciméad “Boird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta: Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta 2011” i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais. Áirítear leis an leabhrán forbhreathnú ar ról an Bhoird agus cur síos ar roinnt príomhghníomhaíochtaí a nglacann Boird páirt iontu go hiondúil agus go rialta. Foilsíodh an leabhrán sula ndeachaigh Boird Bhainistíochta Bunscoile nua i mbun oifige i mí na Nollag 2011. Cuireadh oiliúint ábhartha ar fáil do chomhaltaí na mBord Bainistíochta a chuaigh i mbun oifige i 2011 mar ba ghá.

2.7 Athchóiriú Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí

Sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, leagtar amach clár leathan athchóirithe i gcúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile. Faoin Straitéis seo, tá feabhsúcháin le cur ar chúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí, lena n-áirítear riachtanais iontrála nua níos airde a leagan síos do chúrsaí oideachais mhúinteoirí agus athchumrú a dhéanamh ar ábhar agus ar fhad na gcúrsaí do mhúinteoirí bunscoile chun a chinntiú go bhforbrófar scileanna múinteoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Chuaigh an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta i ndlúthchomhairle le chéile agus cuireadh na hathruithe ar oideachas múinteoirí, mar a bhí molta sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, le foilseacháin na Comhairle Múinteoireachta *Páipéar Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* agus *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár* a foilsíodh i 2011 freisin.

Mairfidh na cláir chomhthráthacha ceithre bliana ar a laghad agus reáchtálfar na cláir iarchéime oideachais mhúinteoirí thar dhá bhliain, agus cabhróidh sé seo le hath-choincheapú nuálaíoch a dhéanamh ar chláir reatha. Cuirfear tús leis an gcúrsa Baitsiléara Oideachais (Bhunscoile) athchumraithe agus sínithe i mí Mheán Fómhair 2012.

2.8 An Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bhunscoile

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna bunú an Fhóraim ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bhunscoile i mí an Mhárta 2011. Seoladh an Fóram agus Grúpa Comhairleach an Fhóraim go hoifigiúil i mí Aibreáin 2011. Thionóil an Grúpa Comhairleach seisiún poiblí trí lá le páirtithe leasmhara go déanach i mí an Mheithimh 2011, agus rinneadh craoladh beo air seo ar láithreán Gréasáin na Roinne. Fuarthas níos mó ná 240 aighneacht ó pháirtithe leasmhara agus rinne an Grúpa Comhairleach breithniú orthu. Go déanach i 2011, thionóil an Grúpa Comhairleach seisiún oibre poiblí deireanach chun a gcuid machnamh a chomhroinnt agus chun cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara freagraí a thabhairt sula dtabharfaidís a dtuarascáil don Aire chun críche.

2.9 Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

I bhFómhar na bliana 2011, foilsíodh Nósanna Imeachta nuashonraithe um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna, a forbraíodh i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais. Tá na nósanna imeachta seo bunaithe ar an bhfoilseachán *Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011* (Tús Áite do Leanaí) a tháirg an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Áirítear leis na nósanna imeachta nua um chosaint leanaí do scoileanna feabhsúcháin shuntasacha ar na treoirlínte roimhe seo do scoileanna agus tá siad ceaptha chun cur chun feidhme comhsheasmhach aonfhoirmeach Thús Áite do Leanaí ar fud gach scoile a chinntiú ar bhealach níos fearr. I measc na bhfeabhsúchán seo, tá teimpléad beartas nua um chosaint leanaí, ceanglas nach mór do gach bunscoil an clár Bí Sábháilte a chur chun feidhme go hiomlán agus socruithe maoirseachta níos fearr a chur i bhfeidhm ag leibhéal an Bhoird Bhainistíochta.

2.10 An Clár Tógála Scoileanna

I mí na Samhna 2011, gheall an Rialtas níos mó ná €2 billiún i maoiniú do thionscadail tógála scoileanna mar chuid den Infheistíocht Bonneagair agus Caipitil don Mheántéarma chun freastal ar éilimh dhéimeagrafacha atá ag ardú. Déanfaidh an infheistíocht seo soláthar do 70,000 áit bhreise scoile do leanaí a bheidh ag dul isteach sa chóras thar na sé bliana atá le teacht. Cuireadh tús le pleanáil i 2011 do 40 scoil nua, idir bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal, a sholáthar thar na sé bliana atá le teacht. Den chuid is mó, is bunscoileanna sé sheomra ranga dhéag agus iarbhunscoileanna a mbeidh acmhainn acu do 1,000 dalta a bheidh sna scoileanna nua. Is é an costas caipitil measta a bhaineann le bunú na scoileanna nua thart ar €380m agus beidh roinnt thionscadail PPP i gceist leis an gclár seachadta.

Cuireadh Grúpa Bunaithe Scoileanna Nua ar bun chun comhairle a thabhairt maidir le pátrúnacht scoileanna nua, agus déanfaidh sé forbairt ar an bhFóraim ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bhunscoile a chuir an tAire ar bun.

D'fhonn cur le héifeachtúlacht i seachadadh tionscadal tógála, cuireadh socruithe nua i bhfeidhm freisin i 2011 le Coistí Gairmoideachais, le húdaráis áitiúla, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais chun cabhrú leis an Roinn maidir leis na scoileanna nua agus leis na síntí atá ag teastáil a sheachadadh thar na cúig bliana atá le teacht. I 2011, cineachadh an fhreagracht as bainistíocht tionscadal a dhéanamh ar thart ar 30 mórthionscadal tógála scoileanna do Choistí Gairmoideachais aonair ar fud na tíre agus do chomhairle contae freisin. Ar an iomlán, soláthróidh na tionscadail seo 21,000 áit do dhaltaí, lena n-áirítear níos mó ná 14,000 áit bhreise i scoileanna nua.

Cuireadh mórthionscadail tógála i gcrích do 55 scoil i 2011, agus sholáthair siad áiteanna buana do níos mó ná 18,500 dalta. Seachadadh 14 scoil nua faoin gClár Mear-Sheachadta 2011. Cuirfidh na scoileanna seo foirgnimh nua-aimseartha a bheidh tíosach ar fhuinneamh agus timpeallachtaí foghlama níos fearr ar fáil do 3,500 duine, idir dhaltaí agus lucht foirne scoile, agus níos mó ná 1,000 áit bhreise á gcur ar fáil acu ag an am céanna. Bhain níos mó ná 450 scoil, idir bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal, tairbhe as maoiniú de €41 milliún faoin Scéim Oibreacha Samhraidh i 2011. Cuireadh €35 milliún ar fáil do champas oideachais i gCo. Mhuineacháin, agus is é seo an tionscadal tógála is mó a fuair maoiniú ón Roinn Oideachais i 2011. Cuimseoidh an campas cóiríocht nua do bhunscoil sé sheomra ranga dhéag agus d'iarbhunscoil a mbeidh acmhainn aici do 400 dalta, chomh maith le hInstitiúid Bhreisoideachais agus Bhreisoiliúna Mhuineacháin a mbeidh acmhainn aici do 700 dalta.

2.11 Breisoideachas, Breisoiliúint agus Scileanna

Trí SOLAS a bhunú, tríd an Straitéis Náisiúnta Scileanna a chur chun feidhme agus tríd an earnáil breisoideachais agus breisoiliúna (FET) a athchóiriú, tá an Roinn ag obair chun feabhas a chur ar chaighdeán agus ar ábharthacht an tsoláthair bhreisoideachais agus bhreisoiliúna chun a chinntiú go bhfreastalóidh sé ar riachtanais daoine aonair agus an mhargaidh shaothair.

I 2011, chuir na hearnálacha breisoideachais agus breisoiliúna thart ar 300,000 áit ar fáil do dhaoine dífhostaithe. Áirítear leis an bhfigiúr seo áiteanna a cuireadh ar fáil trí FÁS, trí na Coistí Gairmoideachais, trí Skillnets agus tríd an gCiste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair. Sa Tionscnamh Jabanna, a fógraíodh i mí na Bealtaine 2011, bhí sonraí ar níos mó ná 20,000 áit bhreise oiliúna, oideachais agus taithí oibre do dhaoine dífhostaithe. Cuireadh maoiniú breise de €3.5 milliún ar fáil do 1,000 áit bhreise sna cúrsaí níos faide Oiliúna Sainscileanna de chuid FÁS. Leithdháileadh 3,000 áit bhreise ar Choistí Gairmoideachais sa Tionscnamh Ar Ais ar an Oideachas mar chuid den Tionscnamh Jabanna, rud a mhéadaigh líon na n-áiteanna go 12,000 áit. Chomh maith leis sin, leithdháileadh 1,000 áit bhreise ar Choistí Gairmoideachais i gCúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLCanna) mar chuid den Tionscnamh Jabanna, rud a mhéadaigh líon na n-áiteanna PLC go 32,688 áit.

Sa Chlár don Rialtas, rinneadh soláthar do sheirbhís náisiúnta fostaíochta agus teidlíochtaí a bhunú d'fhonn soláthar seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí íocaíochta sochar a chomhtháthú laistigh den Roinn Coimirce Sóisialaí chun tacú le cuardaitheoirí poist agus iad ar lorg fostaíochta, i measc rudaí eile. Ar feitheamh le bunú SOLAS agus le rolladh amach iomlán na seirbhíse náisiúnta fostaíochta agus teidlíochtaí, cinneadh gur chóir prótacail eatramhacha a chomhaontú idir Coistí Gairmoideachais agus oifigí leasa áitiúla d'fhonn go mbeifí in ann daoine dífhostaithe a tharchur ar bhealach níos éifeachtaí chuig cláir bhreisoideachais agus bhreisoiliúna. Maidir leis seo, síníodh meabhrán tuisceana idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus FÁS i mí na Nollag 2011 agus d'eisigh an Roinn seo Imlitir 76/2011, a bhaineann le cur chun feidhme na bprótacal tarchuir eatramhach idir na Coistí Gairmoideachais agus oifigí leasa áitiúla, i mí na Nollag freisin.

I measc forbairtí eile san earnáil seo i 2011, bhí cur chun feidhme próisis nua tairisceana buiséid do Sholáthraithe Sainoiliúna a oibríonn i gcomhar le FÁS chun oiliúint a sheachadadh do dhaoine faoi mhíchumas, tabhairt isteach na Scéime athbhreithnithe um Shocraíochtaí Printíseach Iomarcach chun deiseanna a chur ar fáil do phrintísigh iomarcacha oiliúint ar-an-jab a chur i gcrích, agus tabhairt isteach Meicníochta chun Inniúlacht a Chinneadh do phrintísigh iomarcacha ag FÁS.

Chuir an tionscnamh nua Springboard níos mó ná 5,000 áit pháirtaimseartha san ardoideachas ar fáil saor in aisce do dhaoine dífhostaithe i réimsí na scileanna aitheanta amhail TFC, Feistí Leighis agus an Geilleagar Glas. Tá an tionscnamh Springboard dírithe orthu siúd a bhí ag obair roimhe seo ach ar chaill a gcuid post nó a rinneadh iomarcach agus ar féidir leo, tar éis roinnt oiliúna a fháil, ganntanas post reatha nó amach anseo a líonadh.

I 2011, chuir an Roinn Fóram Rannpháirtíochta Fiontair ar bun chun deis a thabhairt le haghaidh rannpháirtíocht straitéiseach le comhpháirtithe fiontair. Tá an Fóram faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne agus tugann sé deis le haghaidh rannpháirtíochta le fiontar ar gach gné de shainchúram na Roinne.

2.12 An tArd-Oideachas

Rinneadh an Straitéis Náisiúnta um Ard-Oideachas go dtí 2030, ina moltar athchóiriú suntasach a dhéanamh ar ár gcóras ardoideachais reatha thar an bhfiche bliain atá le teacht, a sheoladh go luath i 2011. Leagtar roinnt athruithe amach sa Straitéis, lena n-áirítear córais níos solúbtha a fhorbairt, feabhsúcháin a chur ar an gcaighdeán teagaisc agus foghlama, agus a chinntiú go nascfaidh an t-ardoideachas ar bhealach níos éifeachtaí leis na riachtanais shóisialta, eacnamaíocha agus fiontair níos leithne. Tá roinnt athruithe struchtúrtha molta sa Straitéis, lena n-áirítear laghdú a dhéanamh ar líon na n-institiúidí agus soláthar a dhéanamh do bhunú Ollscoileanna Teicneolaíochta. Tá sé measta i réamh-mheastacháin a d'ullmhaigh an Roinn go dtiocfaidh méadú suntasach ar an éileamh ar an ardoideachas thar na blianta atá le teacht mar gheall ar dhéimeagrafach na bhfágálaithe scoile atá ag ardú, agus mar gheall ar an méadú ar líon na mac léinn fásta agus idirnáisiúnta. Moltar sa Tuarascáil gur chóir an córas a bhunú chun

freastal ar an éileamh seo trí mhéadú a dhéanamh ar raon agus ar sholúbthacht an chórais le go mbeidh sé níos freagrúla ar riachtanais daoine fásta, go háirithe iad siúd atá sa lucht saothair, a bheidh ag féachaint le breisoiliúint nó le hathoiliúint a fháil ag leibhéil ardoideachais.

Thug an tUachtarán an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 isteach sa Dlí i mí Feabhra 2011 agus foilsíodh é i mí Aibreáin. San Acht nua, soláthraítear bonn reachtúil d'athchóiriú bunúsach an chórais deontas mac léinn trí fhoráil a dhéanamh do scéim deontas aontaithe aonair a chruthú, don fhreagracht as deontais mhac léinn a aistriú chuig údarás bronnta deontas amháin agus do Bhord Achomhairc neamhspleách a bhunú. Sa chéad chéim mhór chun an córas deontas mac léinn a ollchóiriú, ghlac scéim aontaithe amháin áit na ceithre scéim a bhí ann cheana féin, le héifeacht ón mbliain acadúil 2011/12. Rinneadh córas nua a sholáthraíonn saoráid iarratais deontas mac léinn ar líne do mhic léinn, a chuaigh beo i 2010, a rolladh amach do 24 údarás bronnta deontas eile i 2011. D'fhág sé seo go raibh 35 údarás bronnta deontas san iomlán ag baint úsáid as an gcóras i 2011. I mí Eanáir 2011, d'eisigh an Roinn cuireadh do Choistí Gairmoideachais, d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí poiblí eile chun Léiriú Spéise a chur in iúl maidir leis an bhfreagracht as bronnadh agus íocaíocht láraithe deontas mac léinn a ghlacadh ar láimh. Fuarthas deich dtogra. I mí Aibreáin 2011, tar éis an phróisis roghnúcháin, roghnaíodh Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC) le bheith ar an údarás láraithe nua amháin maidir le hoibriú an chórais deontas mac léinn, faoi réir fhorbairt an phlean forfheidhmithe comhaontaithe. De réir a chéile, glacfaidh Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn, Éire (SUSI), ar rannóg de chuid Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath í, áit na 66 comhlacht, idir Choistí Gairmoideachais agus chomhlachtaí bronnta deontas údarás áitiúil, atá ann cheana féin. Oibreoidh SUSI ar bhonn idirthréimhseach agus í ag glacadh le gach iarratas nua ón scoilbhliain 2012/13.

2.13 Sásamh d'Institiúidí Cónaithe

Tacaíonn an tAonad um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRU) sa Roinn leis an mBord um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe, a bunaíodh i 2002 chun dámhachtainí airgeadais a sholáthar d'íospartaigh dhrochúsáide leanaí in institiúidí cónaithe; leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú; le Seirbhís Origins de chuid Barnardos, a sholáthraíonn seirbhísí rianaithe teaghlach d'iarchónaitheoirí; leis an mBord Airgeadais Oideachais, a sholáthraíonn deontais oideachais d'iarchónaitheoirí agus dá gcuid teaghlach agus seirbhís faisnéise agus tarchuir d'iarchónaitheoirí. Chomh maith leis sin, soláthraíonn RIRU taifid phearsanta d'iarchónaitheoirí scoileanna saothair agus ceartúcháin.

Ó foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú i 2009, shaothraigh an Roinn na gníomhartha ábhartha atá i bplean forfheidhmithe an Rialtais chun dul chun cinn a dhéanamh ar mholtaí na Tuarascála, go háirithe maidir le hoideachas, chomh maith le cuimhneachán a sholáthar agus le Ciste Reachtúil a bhunú chun tacú le riachtanais mharthanóirí de réir na tairisceana uile-pháirtí a bhí ceadaithe ag Dáil Éireann. Leanann an Roinn ar aghaidh le gnóthú na ranníocaíochtaí a shaothrú, de bhun dhearcadh an Rialtais gur chóir an costas a

bhaineann leis an bhfreagra ar dhrochúsáid institiúide cónaithe a chomhroinnt ar bhonn 50:50 idir an Stát agus iad siúd a bhí freagrach as bainistíocht na n-institiúidí.

I 2011, achtaíodh an tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe (Leasú) 2011 agus foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille um Chiste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe mar aon le tuarascáil ó phróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir leis an gCiste Reachtúil. Sheol an Coiste Cuimhneacháin an comórtas chun an cuimhneachán a dhearadh agus a choimisiúnú, ceapadh giúiré agus cuireadh gearrliosta d'iarrthóirí rathúla le chéile. Rinne an Rialtas breithniú ar fhreagraí na bpobal ar an iarratas le haghaidh ranníocaíochtaí breise agus chuir sé na tairiscintí maoine a bhfuil sé beartaithe aige a shaothrú in iúl dóibh. Tugadh roinnt aistrithe maoine de bhun an Chomhaontaithe Slánaíochta 2002 chun críche. Rinne an Bord um Shásamh próiseáil ar 467 iarratas, rud as ar tháinig 467 dámhachtain agus as ar tugadh 567 aighneacht dhéanach chun críche. Thug Barnardos 169 iarratas ar rianú teaghlach chun críche. Cheadaigh an Bord Airgeadais Oideachais 2,108 deontas. Lean an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ar aghaidh le billí dlí a thabhairt chun críche agus a íoc, agus rinne an Roinn próiseáil ar thart ar 760 iarratas ar thaifid ó iarchónaitheoirí.

B'ionann Caiteachas RIRU i 2011 agus thart ar €47m, a bhí comhdhéanta de na méideanna seo a leanas:

€44.2m ar an Scéim um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe;
€2.17m ar an gCoimisiún;
€0.63m ar sheirbhísí rianaithe teaghlach agus
€0.27m ar thacaíochtaí seirbhísí faisnéise agus tarchuir.

Faoi dheireadh 2011, fuarthas €21.05m de na ranníocaíochtaí airgid a thairg pobail i 2009 agus cuireadh é seo i dtaisce i mBanc Ceannais na hÉireann ar feitheamh le bunú an Chiste Reachtúil.

2.14 Comhoibriú Thuaidh-Theas

Le linn 2011, lean an Roinn de bheith ag cur le forbairt an chomhoibrithe Thuaidh-Theas trí mhalartú faisnéise agus foghlama agus trí ghníomhaíocht chomhpháirteach i réimsí comhaontaithe leasa choitinn. Críochnaíodh Cuid 1 den staidéar comhpháirteach cuimsitheach ar chomhoibriú Thuaidh-Theas san oideachas, a chuimsíonn cleachtadh scóipe ar ghníomhaíocht chomhoibríoch Thuaidh-Theas atá ann faoi láthair agus a bhí ann roimhe seo san earnáil oideachais agus san earnáil óige sa tréimhse 2005 – 2010, agus chomhaontaigh an dá Roinn Oideachais sa Tuaisceart agus sa Deisceart é i mí an Mheithimh 2011. Tháinig oifigigh ón Roinn seo agus ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann le chéile i mí na Nollag 2011 ar mhaithe le plé a dhéanamh ar Chuid 2 den staidéar chun plean gníomhaíochta a dhréachtú do na blianta atá romhainn.

Tionóladh dhá chruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas (NSMC) i bhformáid Earnála Oideachais i mí Eanáir agus i mí Mheán Fómhair 2011 in Ard Mhacha. Rinne airí athbhreithniú ar fhorbairtí i gcomhoibriú Thuaidh-Theas sna réimsí seo a leanas:

Tearcghnóthachtáil Oideachais, Riachtanais Speisialta Oideachais, Cáilíochtaí Múinteoirí agus Aoisliúntas Múinteoirí agus Malartuithe Scoileanna, Óige agus Múinteoirí.

I gcomhthéacs na hoibre comhpháirtí ar dhul i ngleic le tearcghnóthachtáil oideachais, d'eagraigh an dá Roinn comhdháil rathúil litearthachta iarbhunscoile ar an 23 Feabhra 2011 sa Chabhán.

Sa tábla thíos, leagtar amach líon na rannpháirtithe i scoileanna Thuaidh-Theas agus i dtionscadail mhalartaithe oideachais bunaithe ar an óige a mhaoinigh an Roinn i 2011. Léiríonn na figiúirí atá tugtha líon iomlán na scoileanna/na ngrúpaí óige/na múinteoirí/na n-oiliúnóirí, agus na ndaltaí/na ndaoine óga ó Éirinn agus ó Thuaisceart Éireann a bhí páirteach sna tionscadail ábhartha.

Rannpháirtithe i dTionscadail Thuaidh/Theas	**2011**
Líon Iomlán na Scoileanna	**2,462**
Líon Iomlán na nGrúpaí Óige	**60**
Líon Iomlán na Múinteoirí/na nOiliúnóirí	**1,005**
Líon Iomlán na nDaltaí	**143,580**
Líon Iomlán na nDaoine Óga	**7,831**

B'ionann caiteachas iomlán na Roinne seo ar thacú leis na gníomhaíochtaí seo i 2011 agus thart ar €1,187,408.

3. Sonraí Corparáideacha Ginearálta i 2011

Tugtar sonraí corparáideacha ginearálta sa chuid seo. Is féidir sonraí a bhaineann le tionscnaimh shonracha a fháil i gCuid 2 den tuarascáil. Is féidir staitisticí oideachais tábhachtacha a fháil ar an leathanach staitisticí ar láithreán Gréasáin na Roinne tríd an nasc seo a leanas: www.education.ie/en/Publications/Statistics/

3.1 Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte

- **Tugadh freagra ar 3,103 Ceist Pharlaiminte i 2011**
- **Fuarthas 147 Meabhrán don Rialtas i gcomhair tuairimí i 2011**
- **Fuair Oifig an Aire agus Oifigí na nAirí Stáit thart ar 13,000 uiríoll i 2011**
- **Tugadh freagra ar 60 Ceist Thráthúil sa Dáil agus tugadh freagra ar 32 rún Díospóireachta Atrátha sa Seanad.**

3.2 Seirbhísí Faisnéise

- **Fuarthas níos mó ná 7,000 fiosrúchán ríomhphoist trí** info@education.gov.ie
- **Bhí 1,646,145 cuairt ar ár láithreán Gréasáin** www.education.ie **i 2011, agus bhí úsáideoirí nua freagrach as 41% díobh.**
- **Fuarthas 1,170 iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI) 1997 agus 2003 i 2011. Rinneadh níos mó ná 1,000 cinneadh ar iarratas Saorála Faisnéise i 2011.**
- **An Phreas-Oifig – Eisíodh 112 Preas-Eisiúint agus tionóladh 4 Phreas-Chomhdháil i 2011**

3.3 Tuarascálacha Cigireachta Scoile

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le cigireachtaí scoileanna agus obair na Cigireachta a fháil i gCuid 2 faoi Sprioc 1 ar leathanach 36.

An Cineál Cigireachta	2011
Measúnacht na scoile uile (WSE), Bunscoileanna	291
Measúnacht na scoile uile (WSE), Iarbhunscoileanna	8
Measúnacht na scoile uile (WSE-MLL) Iarbhunscoileanna	92
Cigireachtaí ábhar – cigireachtaí aonair	501
Cigireachtaí ábhar – laistigh de WSE	28
Measúnachtaí clár	23
Promhadh múinteoirí (Bunscoileanna) i 2011	2261*
Cigireacht Theagmhasach (Bunscoileanna) Cigireacht Theagmhasach (Iarbhunscoileanna)	405 92
Cigireachtaí ar phleanáil feabhsúcháin i Scoileanna DEIS	32
Tuarascálacha Measúnachta ar Choláistí Gaeilge	36
Measúnachtaí ar Chúrsaí Samhraidh (Múinteoirí)	11
Ionaid Oideachais (Ógtheagmháil, Ionad Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach)	10
Eile Measúnachtaí ar Theorainneacha a Dhíscaoileadh Cigireachtaí ar Champaí Litearthachta Samhraidh Cigireachtaí ar Champaí Samhraidh Cigireachtaí mar chuid d'Athbhreithniú ar Riachtanais Speisialta Oideachais Cigireachtaí leantacha Cigireachtaí ar Aonaid Ard-Tacaíochta do Leanaí	 16 6 5 16 7 8
Líon iomlán na gcigireachtaí	3848

* Tabhair faoi deara: Cuireadh líon iomlán de 4996 cuairt ar mhúinteoirí ar promhadh i gcrích sa tréimhse Eanáir-Nollaig 2011.

3.4 Achoimre ar Phras-Íocaíochtaí: Eanáir go Nollaig 2011[3]

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh (Líon)
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	12,525	318,478,385	78.53%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh idir 16 lá go 30 lá	2,857	13,846,009	18.32%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá	481	1,288,697	3.15%
Líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh i 2011	15,863	333,613,091	100.00%
Líon Iomlán na nÍocaíochtaí a Díospóideadh i 2011	73	302,514	

Foinse: Achoimre ar Thuarascálacha ráithiúla 2011 don Roinn de bhun Chinneadh Uimh. S29296 ón Rialtas ar an 19 Bealtaine 2009

[3] Íocaíochtaí a rinneadh ar an dáta nó roimh an dáta ar a bhfuil íocaíocht dlite faoi théarmaí conartha scríofa, nó i gcásanna nach bhfuil aon chonradh scríofa nó nach bhfuil dáta íocaíochta sonraithe sa chonradh scríofa iontu, laistigh de 45 lá tar éis an sonrasc a fháil nó tar éis na hearraí nó na seirbhísí a sheachadadh, cibé acu is déanaí.

Cuid 2 Dul Chun Cinn i 2011 maidir lenár Spriocanna Ardleibhéil

Sa chuid seo den Tuarascáil, leagtar amach an dul chun cinn a rinneamar i 2011 maidir leis na ceithre Sprioc Ardleibhéil inár Ráiteas Straitéise do na blianta 2011-2014.

Is é ceann de phríomhthosaíochtaí na Roinne cur ar chumas soláthraithe oideachais seirbhísí oideachais ar ardchaighdeán a sheachadadh dár gcuid foghlaimeoirí go léir i dtimpeallacht uilechuimsitheach d'fhonn torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach le himeacht ama. Chun na críche sin, tacaíonn an Roinn leis an gcóras oideachais trí raon beart, lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, beartais, reachtaíochta, bonneagair agus rialála. I 2011, thug an Roinn roinnt tionscnaimh nua isteach chun caighdeán agus éifeachtúlacht ár gcórais oideachais a fheabhsú. Ina measc siúd, tugadh bearta isteach chun an curaclam, uilechuimsitheacht, teagasc, foghlaim, ceannaireacht scoile agus cuntasacht a fheabhsú.

4.1 Cáilíocht a Chinntiú i Suíomhanna Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige

Tacaíonn an Roinn le soláthar ar ardchaighdeán in earnáil oideachais na luathóige tríd an lucht saothair a fhorbairt agus trí chleachtas éifeachtach a chur chun cinn. Tá an tAonad Beartas um Oideachas sna Luath-Bhlianta comhlonnaithe leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun a chinntiú go mbeidh forbairtí beartas in earnáil na luathóige ag teacht leis an gcreat beartas straitéiseach foriomlán do leanaí.

Sa Phlean Forbartha Tascfhórsa d'Earnáil na Luath-Bhlianta, a d'fhoilsigh an Roinn i 2010, aithníodh an fhianaise taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ina mbunaítear comhghaolmhaireacht láidir idir lucht saothair atá oilte go cuí chun seirbhísí luathbhlianta a sholáthar agus an cumas atá ann chun soláthar réamhscoile ar ardchaighdeán a sheachadadh. Mar chuid de chur chun feidhme an Phlean, foilsíodh Caighdeáin Dámhachtainí Choiteanna do chúrsaí cúraim agus oideachais luathóige ag Leibhéil 4, 5 agus 6[4] an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) i 2011 agus tiocfaidh siad i bhfeidhm i 2013. Cuimsíonn na Caighdeáin Dámhachtainí Choiteanna nua Síolta, an chreatlach cáilíochta d'oideachas na luathóige, agus Aistear, an chreatlach curaclaim do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois. Cinnteoidh na Caighdeáin Dámhachtainí Choiteanna go mbeidh céimithe na gclár cúraim agus oideachais luathóige go hiomlán ullmhaithe do dhul isteach sa lucht saothair.

Cuireadh measúnacht neamhspleách ar thástáil allamuigh Síolta, a bhí coimisiúnaithe ag an Roinn, i gcrích i 2011. Rinneadh an mheasúnacht ar aon dul le forbairt leanúnach an chláir sa réimse agus tá moltaí na measúnachta ag cur le hathbhreithniú agus le mionleasú leanúnach atá á ndéanamh ar ábhair, ar phróisis agus ar thacaíochtaí Síolta. Tá tuarascáil na measúnachta ar fáil le híoslódáil ónár láithreán Gréasáin www.education.ie.

[4] Soláthraíonn an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) bealach chun cáilíochtaí a chur i gcomparáid le chéile, agus chun a chinntiú go bhfuil siad dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de agus go bhfuil siad aitheanta sa tír seo agus thar lear. Is féidir amharc ar thuilleadh faisnéise ar NFQ tríd an nasc seo a leanas http://www.nfq.ie/nfq/en/

Leanadh ar aghaidh le foireann uirlisí ar líne Aistear, ar acmhainn Ghréasánbhunaithe a sholáthraíonn podchraoltaí fuaime agus amhairc do sholáthraithe oideachais luathóige í, a thabhairt cothrom le dáta i 2011. Lean NCCA agus líonra na nIonad Oideachais ar aghaidh le pleanáil agus le maoirseacht a dhéanamh ar Thionscnamh Teagascóirí Aistear i 2011. Cuireann Teagascóirí Aistear gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí ranga naíonán trí líonra na n-ionad oideachais ar bhonn náisiúnta.

Agus deireadh á chur de réir a chéile le soláthar réamhscoile leithscartha don Lucht Siúil, fuair an Roinn maoiniú faoi Shnáithe Míbhuntáiste Oideachais na gCuntas Díomhaoin le haghaidh tionscnamh oideachais réamhscoile a thacódh le braislí seirbhísí luathbhlianta tabhairt faoi oiliúint comhionannais agus éagsúlachta. Tá an scéim á riar tríd an líonra Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae, agus d'oibrigh beagnach gach ceann díobh le chéile ar an tionscnamh seo cheana féin.

4.2 Curaclam agus Measúnú i Scoileanna

Le linn 2011, lean an Roinn ar aghaidh lena cuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) maidir le forbairt curaclaim agus thug sí tús áite do chur chun feidhme leanúnach Thionscadal Mata agus Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí.

4.2.1 Tionscadal Mata

Is tionscnamh úrnua forbartha curaclaim i matamaitic iarbhunscoile é Tionscadal Mata. Déanfaidh an tionscadal, atá sceidealta le bheith ar siúl ó 2008 go 2013 ar a laghad, forbairt incriminteach ar shiollabais athbhreithnithe i matamaitic an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta, agus cuimseoidh sé clár suntasach forbartha gairmiúla múinteoirí. Tá an t-athrú siollabais á chur chun feidhme ag an tionscadal ar bhonn céimnithe i scoileanna píolótacha. Tabharfaidh eispéireas sa seomra ranga eolas d'athbhreithniú siollabais agus cuirfear athruithe i measúnú ar chomhréim le hathruithe i siollabais, agus beidh athruithe i measúnú mar bhonn taca ag athruithe i siollabais. Tugadh an clár isteach chun bunathrú a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim na matamaitice ag an dara leibhéal d'fhonn feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fhoriomlán sa mhatamaitic agus d'fhonn méadú a dhéanamh ar líon na ndaltaí a bhíonn ag dul do mhatamaitic ardleibhéil. Eisíodh Snáithe 3 agus Snáithe 4 de Shiollabas Thionscadal Mata chuig scoileanna príomhshrutha i mí Mheán Fómhair 2011. Rinne iarrthóirí ar scrúdú na hArdteistiméireachta 2011 sna 24 scoil tionscadail le haghaidh Thionscadal Mata, a bhí á dhéanamh roimh an rolladh amach náisiúnta i scoileanna príomhshrutha, scrúduithe a chlúdaigh ceithre cinn de na cúig shnáithe siollabais.

4.2.2 Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

I 2011, d'fhoilsigh NCCA an tuarascáil *I dTreo Creata don tSraith Shóisearach*, rud ina ndéantar moltaí a bhaineann le hathchóiriú curaclaim na sraithe sóisearaí. Is é aidhm an athchóirithe foghlaim ghníomhach agus smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn agus bogadh i dtreo measúnú scoilbhunaithe. Ba iad na príomh-shaincheisteanna ar thug NCCA aghaidh orthu ina hathbhreithniú ar an tsraith shóisearach ró-ualú curaclaim, foghlaim de ghlanmheabhair, soláthar

a dhéanamh do chruthaitheacht agus do nuálaíocht níos fearr, príomhscileanna a neartú, soláthar a dhéanamh do chineálacha measúnaithe atá níos ábhartha agus níos solúbtha, agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an tsraith shóisearach ar riachtanais gach duine ar bhealach níos fearr. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán ag www.ncca.ie

4.2.3 Tacú leis an bPróiseas Scrúduithe

Thug an Roinn tacaíocht leanúnach do SEC maidir le próiseas scrúduithe Stáit atá oibiachtúil agus trédhearcach a chur ar fáil. Thug sí tacaíocht do SEC freisin maidir le himpleachtaí praiticiúla na n-athruithe a bhain le comhpháirteanna na scrúduithe Gaeilge a athualú agus maidir le scrúdú a dhéanamh ar athchóiriú an chórais oideachais de réir athruithe curaclaim, go háirithe Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí. Is féidir amharc ar thuilleadh faisnéise maidir le scrúduithe Stáit ar láithreán Gréasáin SEC www.examinations.ie

4.2.4 An Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoile

Thacaigh an Roinn leis an Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoile (PPLI) d'fhonn éagsúlú, feabhsú agus leathnú a dhéanamh ar theagasc teangacha i scoileanna dara leibhéal. Rinneadh tuilleadh forbartha ar láithreán Gréasáin nua PPLI www.languagesinitiative.ie agus seoladh é. Chomhroinn múinteoirí 600 acmhainn do mhúinteoirí ar an láithreán Gréasáin i 2011. Cruthaíodh sraith gearrscannán (Seapáinis, Rúisis agus Tuilleadh Teangacha, Tuilleadh Roghanna (*More Languages, More Options*) d'fhonn méadú a dhéanamh ar fheasacht ar an luach a bhaineann le teangacha iasachta a fhoghlaim ag an leibhéal iarbhunscoile. Faoi chomórtais teangacha a bhí á reáchtáil ag PPLI, cuireadh scoláireachtaí ar fáil do dhaltaí Iodáilise, Rúisise agus Spáinnise chun staidéar a dhéanamh i dtíortha na sprioctheangacha.

Cruthaíodh leagan leictreonach den téacsleabhar *In Bocca Al Lupo1…Crepi!*, mar aon le heagrán nua de théacsleabhar Seapáinise na hArdteistiméireachta *Nihongo Kantan*. Is féidir amharc ar thuilleadh faisnéise maidir le PPLI agus leis na téacsleabhair thuasluaite ag www.languagesinitiative.ie.

Cuireadh sraith físeán *Videoing Ideas for Teaching and Learning Languages* (*Smaointe Físeán do Theagasc agus d'Fhoghlaim Teangacha*) (VITALL) le chéile i gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus leis an Rannóg Oideachais ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Má Nuad ar mhaithe le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí teanga iasachta nua-aimseartha. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach www.vitall.ie.

4.2.5 An Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre

Leathnaíodh an Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre, atá dírithe ar dhaltaí na hIdirbhliana, chuig 25 scoil eile i 2011. Clúdaíonn an clár sábháilteacht do choisithe, do rothaithe, do ghluaisrothaithe agus do thiománaithe, agus cuireadh saincheisteanna amhail criosanna sábhála agus málaí aeir, tuirse tiománaithe, tiomáint faoi thionchar dí agus drugaí, agus garchabhair bhunúsach ag láithreacha timpiste san áireamh. Tugadh an clár isteach mar chuid den Straitéis Náisiúnta um

Shábháilteacht ar Bhóithre agus tá sé á reáchtáil ar bhonn comhoibríoch ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), ag NCCA agus ag an Roinn seo. Chuir roinnt gníomhaireachtaí leis freisin, lena n-áirítear an tseirbhís otharcharranna, an tseirbhís dóiteáin agus an Garda Síochána.

4.3 Feabhas a Chur ar ár gCaighdeáin sa Litearthacht agus san Uimhearthacht

Is cuid lárnach d'fheabhas a chur ar thorthaí oideachais dár gcuid foghlaimeoirí é cur chun feidhme *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*, rud a seoladh i 2011 agus a chuimsíonn raon beart chun feabhas a chur ar thorthaí oideachais ag an leibhéal luathóige, ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iarbhunscoile. Áirítear leis na gníomhartha atá sa Straitéis athruithe ar oideachas tosaigh do mhúinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD), an curaclam agus faireachán agus measúnacht a dhéanamh ar scoileanna. Mar thoradh ar chur chun feidhme na ngníomhartha, déanfar breithniú ar ghnéithe den churaclam chun ligean do na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe den churaclam bunscoile i ranganna naíonán d'fhonn comhsheasmhacht a chinntiú le creat curaclaim Aistear do réamhscoileanna a fógraíodh i 2009 agus béim níos mó a chur ar luathfhorbairt teangacha agus uimhearthachta

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam Béarla i ngach bunscoil agus ar an gcuraclam Gaeilge i mbunscoileanna lánGhaeilge d'fhonn aithint a dhéanamh ar na scileanna atáthar ag súil le bheith foghlama ag leanaí ag gach céim agus, ina dhiaidh sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam Gaeilge do scoileanna Béarla

- Méadú a dhéanamh ar an méid ama a chaitear ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta i mbunscoileanna

- An ceanglas go n-úsáidtear measúnuithe caighdeánaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht ag deireadh an dara bliain, an cheathrú bliain agus an tséú bliain i mbunscoileanna agus ag deireadh an dara bliain in iarbhunscoileanna

- Tús áite a thabhairt d'athchóiriú an churaclaim Bhéarla agus an churaclaim Ghaeilge san athbhreithniú ar an tsraith shóisearach chun a chinntiú go dtabharfar tús áite do scileanna litearthachta

- Méadú ar an am atá ar fáil le haghaidh scileanna litearthachta agus uimhearthachta daltaí a fhorbairt trí spreagadh a thabhairt d'iarbhunscoileanna a chinntiú go dteagascfar an mhatamaitic agus Béarla (nó Gaeilge i gcás scoileanna Gaeilge) ar feadh cúig thréimhse ar a laghad in aghaidh na seachtaine

- An ceanglas go mbaineann scoileanna úsáid as sonraí measúnaithe mar chuid den phróiseas féinmheasúnaithe chun eolas a thabhairt d'fhorbairt an phlean feabhsúcháin scoile

- Socruithe níos fearr a chur i bhfeidhm le haghaidh sonraí gnóthachtála daltaí a aistriú ó réamhscoileanna go bunscoileanna agus ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna
- Torthaí comhiomlánaithe na dtástálacha caighdeánaithe a bhailiú ar bhonn náisiúnta agus an fhaisnéis a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chaighdeáin
- Feabhas a chur ar na measúnachtaí litearthachta agus uimhearthachta a dhéantar ar scoileanna trí úsáid a bhaint as féinmheasúnacht scoile agus as cigireacht sheachtrach araon
- Páirt a ghlacadh i measúnuithe idirnáisiúnta, e.g. OECD PISA, a dhéanann éascú ar ghnóthachtáil daltaí na hÉireann a thomhas in aghaidh gnóthachtáil daltaí ó thíortha eile

D'eisigh an Roinn Imlitir 56/2011 do gach bunscoil i mí na Samhna 2011 chun aird na gcomhlachtaí bainistíochta scoile a tharraingt ar fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. Luadh san Imlitir seo go bhfuil ceangal ar gach bunscoil ó mhí Eanáir 2012 ar aghaidh uair an chloig san iomlán a chur leis an am a chaitear ar fhorbairt scileanna litearthachta in aghaidh na seachtaine, go háirithe i gcéad teanga na scoile, agus 70 nóiméad a chur leis an am a chaitear ar an matamaitic in aghaidh na seachtaine. Iarradh ar chomhlachtaí bainistíochta scoile soláthar a dhéanamh do na socruithe seo ina gcuid scoileanna trí chomhcheangal de chur chuige, lena n-áirítear scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chomhtháthú le réimsí curaclaim eile, cuid den am curaclaim lánroghnach nó an t-am curaclaim lánroghnach ar fad a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta, an t-am a chaitear ar ábhair eile sa churaclam a ath-leithdháileadh ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta, agus tús áite a thabhairt do chuspóirí curaclaim a mheastar a bheith ar na cuspóirí is luachmhaire maidir le tacú le foghlaim leanaí trí ghnéithe de roinnt ábhar a thabhairt isteach níos moille sa tsraith bhunscoile.

Cuireadh Grúpa Comhairleach forfheidhmithe ardleibhéil ar bun d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le luathghníomhartha na Straitéise a chur chun feidhme agus tá obair á déanamh ar ghníomhartha meántéarmacha agus fadtéarmacha. Ceapadh foireann comhairleoirí litearthachta agus uimhearthachta chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna an Straitéis a chur chun feidhme agus tá clár náisiúnta um fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí bunscoile agus do mhúinteoirí dara leibhéal ar siúl. Bhí cláir litearthachta, lena n-áirítear Gaeilge agus an mhatamaitic, freagrach as beagnach leath den fhreastal ar fad ar chúrsaí samhraidh i 2011.

Cuireadh tograí maidir le caighdeáin iontrála athbhreithnithe d'oideachas tosaigh do mhúinteoirí san áireamh i bhfoilseachán na Comhairle Múinteoireachta *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár*. Chomh maith leis sin, déantar foráil sna Critéir don chlár Baitsiléara Oideachais Bhunscoile a mhéadú ó 3 bliana go 4 bliana, agus don Dioplóma Gairmiúil san Oideachas a mhéadú go 2 bhliain. Tá aonaid litearthachta agus uimhearthachta i bhfeidhm laistigh den Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí don scoilbhliain 2011/12. Is féidir an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus

Daoine Óga 2011 – 2010 a fheiceáil nó a íoslódáil ónár láithreán Gréasáin ag www.education.ie. Is féidir amharc ar fhoilseacháin arna dtáirgeadh ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a láithreán Gréasáin ag www.teachingcouncil.ie.

4.4 Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)

Díríonn DEIS, arb é an plean gníomhaíochta don chuimsiú oideachais, a seoladh i mí na Bealtaine 2005, ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga faoi phobail faoi mhíbhuntáiste, ón réamhscoil go dtí an t-oideachas dara leibhéal (3 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois). Déanann DEIS soláthar do chóras caighdeánaithe chun leibhéil mhíbhuntáiste a aithint agus chun Clár Tacaíochta Scoile (SSP) comhtháite a chur ar fáil.

Áirítear le SSP sraith idirghabhálacha, lena n-áirítear tacaíochtaí laistigh den scoil agus lasmuigh den scoil. Ina measc siúd, tá acmhainní teagaisc feabhsaithe i mbunscoileanna ina bhfuil na leibhéil mhíbhuntáiste is airde, acmhainní airgeadais feabhsaithe do gach scoil DEIS, rochtain ar thacaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta, tacaíochtaí curaclaim, tacaíochtaí pleanála agus forbartha gairmiúla agus tacaíochtaí aistrithe agus rochtana. Ina theannta sin, áirítear le SSP dhá idirghabháil mhóra, is iad sin Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail agus an Clár Críochnaithe Scoile.

Tá 864 scoil, a chuimsíonn 669 bunscoil agus 195 scoil dara leibhéal, a bhfuil líon iomlán de 164,000 dalta cláraithe iontu, páirteach i gclár DEIS. Tugadh roinnt beart isteach faoi phlean gníomhaíochta DEIS go dtí seo, lena n-áirítear:

- Laghdú ar mhéideanna ranga de 20:1 i ranganna sóisearacha agus 24:1 i ranganna sinsearacha i mbunscoileanna uirbeacha ina bhfuil na tiúis mhíbhuntáiste is airde
- Cur chun feidhme na dtionscnamh litearthachta agus uimhearthachta
- Leithdháileadh príomhoidí riaracháin i mbunscoileanna uirbeacha bunaithe ar fhigiúirí cláraithe agus soláthair foirne níos ísle, rudaí a bhíonn ag teastáil de ghnáth do leithdháileadh post den sórt sin i mbunscoileanna
- Scéim Deontas na Leabhar Scoile a ligeann do €1m breise i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna chun cur leis an deontas leabhar a sholáthraítear do gach scoil
- An Scéim Béilí Scoile atá á hoibriú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí
- Leathnú Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Iarrtar ar scoileanna DEIS tabhairt faoi phróiseas pleanála gníomhaíochta 3 bliana trí úsáid a bhaint as teimpléid phleanála chaighdeánaithe. Éascaíonn an próiseas pleanála féinmheasúnacht, agus is acmhainn úsáideach é don Chigireacht nuair a bhíonn measúnachtaí á ndéanamh aici ar scoileanna DEIS.

Den chuid uair riamh, soláthraítear sa Tuarascáil ar Rátaí Coinneála Daltaí i Scoileanna Dara Leibhéal, a d'fhoilsigh an Roinn i 2011, sonraí a bhaineann le daltaí a chuaigh isteach sa chéad bhliain den tsraith shóisearach i scoileanna DEIS sna blianta ó 2001 go 2004 agus ar chuir a

gcuid scolaíocht dara leibhéal i gcrích tráth nach déanaí ná an bhliain 2010. Léirítear sa Tuarascáil gur mhéadaigh an meánráta coinneála (neamhchoigeartaithe) don Ardteistiméireacht i scoileanna DEIS faoi 5 phointe céatadáin ó 68.2% go 73.2% do chohóirt iontrála idir 2001 go 2004, cé gur mhéadaigh an meánráta coinneála (neamhchoigeartaithe) i scoileanna nach scoileanna DEIS iad faoi 85.0% go 87.4% do na cohóirt iontrála chéanna. Léirítear sa Tuarascáil freisin gur tháinig laghdú 10% i 2010, i gcomparáid le 13% i 2004, ar líon na luathfhágálaithe scoile in Éirinn.

4.4.1 Tionscnaimh Phlean Gníomhaíochta DEIS chun Feabhas a Chur ar an Litearthacht agus ar an Uimhearthacht

Faoi théarmaí phlean gníomhaíochta DEIS, tugtar ardtosaíocht do bhearta agus do thacaíochtaí sonracha chun feabhas a chur ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta, agus folaíonn siad na cláir atá liostaithe thíos.

Tacaíochtaí DEIS don Litearthacht agus don Uimhearthacht i mBunscoileanna:

- **Aisghabháil Léitheoireachta** – Tá sé seo ina luath-idirghabháil scoilbhunaithe a bhaineann le tréimhse theagaisc dhian ar bhonn aonraic atá ceaptha chun fadhbanna litearthachta a laghdú laistigh den chóras oideachais
- **Na Chéad Chéimeanna** – Tugann an clár seo aghaidh ar riachtanais litearthachta i mbunscoileanna, agus cuimsíonn sé cúrsaí forbartha gairmiúla agus ábhair thacaíochta do mhúinteoirí bunscoile
- **Aisghabháil Matamaitice –** Tá an clár seo ina fhreagra córasach ar an bhfadhb a bhaineann leis an teip ainsealach a bhí ar mhatamaitic na scoile, agus cuimsíonn sé clár teagaisc dhian ar bhonn aonraic
- **Ready, Set, Go Maths –** Tá sé seo ina chlár idirghabhála a chuimsíonn leabhar treorach praiticiúil do mhúinteoirí maidir le húsáid réimse leathan gníomhaíochtaí agus ábhar chun cur ar a gcumas feabhas a chur ar chaighdeán agus ar éifeachtacht na luathfhoghlama san uimhearthacht do leanaí.

Tacaíochtaí DEIS don Litearthacht agus don Uimhearthacht in Iarbhunscoileanna:

- **Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) –** Tá an clár seo ina idirghabháil do dhaltaí dara leibhéal a bhféadfadh a bheith ina luathfhágálaithe scoile.
- **An Tionscadal Taispeána Leabharlainne –** Áirítear le Straitéis Litearthachta JCSP Tionscadal Taispeána Leabharlainne do Leabharlanna a sholáthar do Scoileanna JCSP. Cuireadh leabharlanna a bhfuil foirne leabharlannaithe cáilithe lánaimseartha acu ar bun i 30 scoil atá páirteach i DEIS.

Is mar seo a leanas atá na rátaí rannpháirtíochta sna tionscnaimh thuasluaite do na blianta 2006-2011:

Bunscoileanna	2006	2007	2008	2009	2010	2011
Aisghabháil Léitheoireachta	97	162	198	215	229	229
Na Chéad Chéimeanna	50	221	283	339	344	344

Aisghabháil Matamaitice	0	89	242	272	301	313
Ready Set Go Maths	0	0	245	248	261	261
Iarbhunscoileanna						
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	118	141	162	184	186	186
An Tionscadal Taispeána Leabharlainne	10	20	30	30	30	30

4.4.2 Measúnacht ar DEIS

Choimisiúnaigh an Roinn seo an tIonad Taighde Oideachais (ERC) chun tabhairt faoi mheasúnacht ar DEIS, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir agus d'fhonn an tionchar a bhí aige ar dhaltaí agus ar scoileanna ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iarbhunscoile a mheas. Cuireadh an mheasúnacht seo i gcrích i 2011. Ina theannta sin, rinne Cigireacht na Roinne measúnachtaí ar phleanáil i sampla de 36 scoil DEIS, a chuimsigh 18 mbunscoil agus 18 n-iarbhunscoil i 2010. Bunaithe ar na measúnachtaí seo, cuireadh tuarascáil náisiúnta ilchodach le chéile ar mheasúnachtaí na Cigireachta ar cé chomh héifeachtach is a bhí pleanáil DEIS i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna i 2011 agus foilsíodh an tuarascáil seo agus tuarascáil ERC araon go luath i 2012. Léirítear sa dá thuarascáil go mbíonn tionchar diúltach á imirt ag clár DEIS ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachais.

4.4.3 Straitéis Oideachais an Lucht Siúil

I 2011, leanadh ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil. Scoir Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta agus Múinteoirí Acmhainne don Lucht Siúil de bheith ann le héifeacht ón 31 Lúnasa 2011.

4.4.4 Athghiniúint Luimnigh

Cinntíonn an Roinn, trína hoifig atá lonnaithe i Luimneach, go n-úsáidtear na hacmhainní don oideachas ar bhealach comhleanúnach agus éifeachtach le gur féidir leo cur ar chumas gach linbh agus duine óig sna limistéir athghiniúna saol níos fearr a bheith acu de bharr bonn fónta oideachais a fháil. Baineann an Roinn an méid sin amach trí rannchuidiú leis an gclár oibre athghiniúna fadtéarmaí, idir athghiniúint fhisiciúil agus athghiniúint shóisialta, de réir mar atá leagtha amach i Máistirphlean Athghiniúna Luimnigh.

4.4.5 Cur Chun Feidhme na Straitéise Oideachais Idirchultúrtha

I 2011, leanadh ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Oideachais Idirchultúrtha 2010-2015.

Tionóladh comhdháil ar *An Straitéis Oideachais Idirchultúrtha – Tar Éis na Chéad Bhliana,* rud ar ghlac príomhpháirtithe leasmhara san oideachas idirchultúrtha páirt ann, i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Rinne an **Chigireacht** measúnacht théamach ar an soláthar do dhaltaí EAL i dtríocha bunscoil agus i gcúig bhunscoil déag. Tá na tuarascálacha aonair ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne. Dhírigh na measúnachtaí téamacha ar athbhreithniú a dhéanamh ar na dúshláin atá ann agus ar

na deiseanna a thugtar do scoileanna maidir le héiteas, le teagasc agus le foghlaim agus maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do EAL.

Bhí na measúnachtaí seo ina gcomhpháirt dhílis fhaisnéiseach den **Athbhreithniú Luach ar Airgead ar Chaiteachas ar Oideachas Daltaí ar Imircigh iad nach bhfuil Béarla (nó Gaeilge) mar Chéad Teanga acu ag an Leibhéal Bunscoile nó ag an Leibhéal Iarbhunscoile.** Foilsíodh an tAthbhreithniú Luach ar Airgead i mí an Mhárta 2011 agus tá sé ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne.

4.4.6 Aistriú Fheidhmeanna an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais

Aistríodh na feidhmeanna faoin Acht Oideachais (Leas) 2000, lena n-áirítear an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB) agus na seirbhísí comhtháite faoi shainchúram an Bhoird, ón Aire Oideachais agus Scileanna chuig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tugadh éifeacht d'aistriú na bhfeidhmeanna le hordú faoi Alt 6 (1) (c) agus (d) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 1939 agus síníodh é ar an 10 Bealtaine 2011. Cuireadh Grúpa Oibre ar bun i gcomhar le hoifigigh ón dá Roinn d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar shaincheisteanna comhleasa.

4.5 Oideachas Speisialta

Déanann an Roinn soláthar do raon tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta, lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach, saintrealamh, caipitíocht fheabhsaithe agus socruithe iompair speisialta. Tá an Roinn tiomanta dona chinntiú gur féidir le gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain a fháil ar oideachas atá oiriúnach dá gcuid riachtanas, agus is fearr an t-oideachas seo a chur ar fáil i suíomh scoile príomhshrutha uilechuimsithí trí líonra na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna. Sa chás nach féidir soláthar a dhéanamh i suíomhanna príomhshrutha do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déanann an Roinn soláthar d'áiteanna i ranganna speisialta speisialaithe agus i scoileanna speisialta. Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach as próiseáil a dhéanamh ar iarratais ó scoileanna le haghaidh tacaíochtaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. In 1.4 de Thábla 1 thíos, leagtar amach na tacaíochtaí oideachais speisialta a soláthraíodh i 2011.

4.6 Pátrúnacht Scoile

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais chultúrtha éagsúla ár sochaí, cuireadh an Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bunscoile ar bun i 2011 agus ceapadh Grúpa Comhairleach chun maoirseacht a dhéanamh ar obair an Fhóraim. Mar gheall ar na hathruithe sochaí suntasacha a tharla in Éirinn, tháinig méadú ar an éileamh atá ar chineálacha nua scolaíochta ilchreidmhí agus neamh-shainchreidmhí. Ba iad téarmaí tagartha an Fhóraim comhairle a thabhairt don Aire maidir leis an dóigh is fearr ar féidir a chinntiú gur féidir leis an gcóras oideachais líon agus raon bunscoileanna a chur ar fáil atá sách éagsúil agus a fhreastalaíonn ar dhaoine de gach creideamh agus ar dhaoine nach bhfuil aon chreideamh acu; maidir leis na praiticiúlachtaí a bhaineann leis an dóigh ar chóir don aistriú agus don dídhílsiú

pátrúnachta a oibriú do bhunscoileanna aonair i bpobail ina bhfuil pátrúnacht oiriúnach agus riachtanach, agus maidir leis an dóigh ar féidir dul chun cinn a dhéanamh ar aistriú nó ar dhídhílsiú den sórt sin chun a chinntiú gur féidir aithint agus freastal a dhéanamh ar bhonn forleathan náisiúnta ar éilimh ar éagsúlacht phátrúnachta, lena n-áirítear iad siúd i gcás na Gaeilge. Agus an obair seo á déanamh aige, thug an Fóram aird ar leith ar an toilteanas a chuir an Eaglais Chaitliceach in iúl maidir le breithniú a dhéanamh ar phátrúnacht bunscoileanna a dhídhílsiú agus ar na srianta airgeadais reatha a bhfuil an Stát ag oibriú laistigh díobh, agus ar an ngá atá le srianadh leanúnach sa todhchaí agus ar an gceanglas sa chomhthéacs seo chun an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as bonneagar scoile reatha le freastal ar éilimh amach anseo.

Tionóladh seisiún poiblí trí lá le páirtithe leasmhara, a ndearnadh craoladh beo air ar láithreán Gréasáin na Roinne, go déanach i mí an Mheithimh 2011. Fuarthas níos mó ná 240 aighneacht ó pháirtithe leasmhara agus rinne an Grúpa Comhairleach breithniú orthu. Go déanach i 2011, thionóil an Grúpa Comhairleach seisiún oibre poiblí deireanach chun a gcuid machnamh a chomhroinnt agus chun cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara freagraí a thabhairt sula dtabharfaidís a dtuarascáil don Aire chun críche. Tá an tuarascáil seo agus an plean forfheidhmithe le bheith críochnaithe i 2012.

4.7 Beartais Rollaithe Scoile

Foilsíodh plédhoiciméad maidir le beartais rollaithe scoile i 2011 d'fhonn creat rialála nua a fhorbairt do chlárú scoile. Sa doiciméad *An Plépháipéar ar Chreat Rialála do Rollú Scoile*, tá moltaí maidir leis dóigh ar féidir an próiseas rollaithe i scoileanna a dhéanamh níos oscailte, níos cothroime agus níos comhsheasmhaí. Is é aidhm an phlédhoiciméid tús a chur le díospóireacht as a dtiocfaidh athruithe ar an dóigh a leithdháilfidh bunscoileanna agus iarbhunscoileanna áiteanna ar dhaltaí d'fhonn a chinntiú go mbeidh córas rollaithe cothrom, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ann. Thug an tAire cuireadh do chomhpháirtithe oideachais agus do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur faoi bhráid na Roinne faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2011. Fuarthas 90 aighneacht san iomlán, agus tabharfaidh siad seo eolas do chineál agus do raon an chreata rialála nua do rollú scoile atá beartaithe ag an Aire a thabhairt don Rialtas go luath i 2013.

4.8 Forbairt Bunachair Shonraí Nua Ar Líne d'Iarbhunscoileanna (P-POD)

Rinne an Roinn cinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2011 ar bhunachar sonraí nua ar a dtabharfaí P-POD a chur in áit na mbogearraí riaracháin scoile reatha a ghlacann sonraí daltaí iarbhunscoile. Tá P-POD á fhorbairt faoi láthair chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos mó a thabhairt don dóigh a ndéanann iarbhunscoileanna a gcuid tuairisceáin sonraí daltaí don Roinn. Beidh córas P-POD, a bheidh á óstáil ag an Roinn, ina bhunachar sonraí lárnach do shonraí daltaí agus do roinnt sonraí scoile. Nuair a bheidh P-POD forbartha, beidh iarbhunscoileanna in ann teacht ar an gcóras trí úsáid a bhaint as tairseach *esinet* na Roinne chun sonraí a gcuid daltaí a choimeád. Táthar ag súil go mbeidh gach iarbhunscoil in ann a gcuid tuairisceáin sonraí daltaí, ar a dtugtar Tuairisceáin Dheireadh Fómhair, a dhéanamh trí P-POD ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 ar aghaidh.

4.9 TFC i Scoileanna

Tá Clár na Roinne TFC i Scoileanna dírithe ar TFC a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim agus cuireann sé forbairt scileanna litearthachta na ndaltaí chun cinn. Tugann an clár aghaidh ar an soláthar bonneagair riachtanaigh TFC agus ar an líonrú riachtanach laistigh de scoileanna, ar an soláthar rochtana ar nascacht leathanbhanda i scoileanna, ar thuilleadh oiliúna i scileanna TFC a chur ar mhúinteoirí, ar TFC a chomhtháthú laistigh den churaclam, agus ar ábhar digiteach agus ar bhogearraí digiteacha atá ábhartha don churaclam a chur ar fáil. Saothraítear straitéisí trí obair na Rannóige Beartas TFC agus Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar (DWEC) i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, le seirbhísí tacaíochta agus le comhlachtaí ionadaíocha de réir mar is gá. Sa Chlár don Rialtas, leagtar amach pleananna chun deireadh a chur leis an dóigh a bhféachtar ar TFC san oideachas mar shaincheist aonair agus chun í a chomhtháthú ar fud an bheartais oideachais. Sa chomhthéacs seo, tugadh an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE) faoi scáth DWEC i mí Mheán Fómhair 2011, in éineacht leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), arb í an tseirbhís tacaíochta is mó de chuid na Roinne. Cinntíonn an chumraíocht nua seo go mbeidh comhtháthú TFC níos mó laistigh den teagasc agus den fhoghlaim ó thaobh beartais de agus ó thaobh cleachtais de araon. Aistríodh feidhmeanna áirithe a bhaineann le forbairt curaclaim ó NCTE chuig NCCA freisin.

4.10 Iompar Scoile

Tá Scéim Iompair Scoile na Roinne ina hoibríocht an-mhór a chlúdaíonn 82 milliún ciliméadar agus thart ar 6,000 bealach. Foilsíodh Athbhreithniú Luach ar Airgead ar an Scéim Iompair Scoile i 2011. Rinneadh roinnt athruithe ar an scéim iompair scoile, a tháinig ó mholtaí atá san Athbhreithniú, a chur chun feidhme d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na Scéime. Athbhreithníodh an Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu freisin le go gcuimseodh sí soláthar iompair ar bhonn lamháltais. B'ionann an caiteachas iomlán ar an Scéim Iompair Scoile agus thart ar €170 milliún i 2011.

4.11 Leabhair Scoile

Mar aitheantas ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a bhí le fáil i gcuid mhór teaghlach i 2011, fuarthas gealltanais ó na príomhfhoilsitheoirí oideachais go dtabharfaidís lascainí suntasacha do scoileanna a reáchtálann scéimeanna leabhar ar cíos. Tar éis dhá chruinniú leis an Aire Quinn, dheimhnigh formhór na bhfoilsitheoirí go mbainfeadh scoileanna a cheannaíonn leabhair ar an mórchóir do scéimeanna leabhar ar cíos tairbhe as lascainí idir 12% - 17.5%.

4.12 Rialachas agus Bainistíocht Éifeachtach Scoileanna

Ról tábhachtach atá ag an Roinn is ea forbairt beartais chun tacú le rialachas, le bainistíocht agus le hoibríocht éifeachtach scoileanna i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Oideachais agus le páirtithe leasmhara eile. I mí Mheán Fómhair 2011, foilsíodh Boird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta: Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta 2011 i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Oideachais. Áirítear leis an leabhrán forbhreathnú ar ról an Bhoird agus cur síos ar roinnt príomhghníomhaíochtaí a nglacann Boird páirt iontu go hiondúil agus go rialta. Foilsíodh

an leabhrán sula ndeachaigh Boird Bhainistíochta Bunscoile nua i mbun oifige i mí na Nollag 2011.

4.13 Cigireacht Scoile agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna

Tá freagracht reachtúil ar Rannóg Cigireachta na Roinne as measúnacht a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i scoileanna agus in ionaid oideachais. Le linn 2011, lean an Chigireacht ar aghaidh le hathbhreithniú agus le forbairt a dhéanamh ar na múnlaí cigireachta a úsáideann sí chun measúnacht a dhéanamh ar scoileanna. Tháinig sraith cineálacha cigireachta as seo, idir cigireachtaí scoile neamhfhógartha nua i scoileanna dara leibhéal ó 2011 agus measúnachtaí níos déine agus níos speisialaithe ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iarbhunscoile araon. I 2011, tar éis comhairliúchán leis na comhpháirtithe oideachais, rinne an Chigireacht leathnú ar an gcigireacht theagmhasach (neamhfhógartha) le go gcuimseodh sí iarbhunscoileanna agus ionaid oideachais ó mhí na Samhna 2011 ar aghaidh. Rinneadh 92 cigireacht den sórt sin san iomlán in iarbhunscoileanna i 2011.

Bhí múnla na Measúnachta Uile-Scoile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (WSE-MLL), a tugadh isteach sa bhliain roimhe sin, bunaithe go daingean ag an leibhéal iarbhunscoile i 2011. Díríonn an múnla seo ar chaighdeán na bainistíochta agus na ceannaireachta agus ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama, ar príomhghnéithe d'obair na scoile iad. B'ionann formhór na gcigireachtaí de chineál uile-scoile a rinneadh ag an leibhéal iarbhunscoile i 2011 agus Measúnachtaí Uile-Scoile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim.

Mar gheall ar na leasuithe leanúnacha atá á ndéanamh ar na múnlaí measúnachta a úsáidtear, tá méadú tagtha ar an gclúdach cigireachta scoileanna agus ionad oideachais agus tá tuairisciú níos fearr do phobail scoile, don Oireachtas agus don phobal.

Le linn 2011, foilsíodh 1,015 tuarascáil chigireachta scoile ar láithreán Gréasáin na Roinne (www.education.ie). Cinntíonn foilsiú na dtuarascálacha go mbíonn rochtain ag scoileanna, ag tuismitheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne ar fhaisnéis bhríoch ar cháilíocht agus ar chaighdeáin sa chóras oideachais. Tacaíonn foilsiú agus scaipeadh na dtorthaí cigireachta le soláthar comhairle ábhartha maidir le beartas don chóras oideachais freisin.

Mar aon le foilsiú na dtuarascálacha cigireachta scoile, d'fhoilsigh an Chigireacht na tuarascálacha seo a leanas i 2011:

- *Measúnacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna DEIS*
- *Measúnacht ar Phróisis Phleanála in Iarbhunscoileanna DEIS*

Tuarascálacha Cigireachta Scoile a foilsíodh i 2011	
• **WSE, Bunscoileanna**	**299**

• **WSE, Iarbhunscoileanna, & WSE-MLL, Iarbhunscoileanna**	**54**
• **Cigireacht ábhar (laistigh de WSE)**	**109**
• **Cigireacht ábhar (aonair)**	**496**
• **Measúnacht clár (laistigh de WSE)**	**6**
• **Measúnachtaí clár (aonair)**	**41**
• **Measúnacht ar ionaid oideachais**	**10**
Iomlán	**1,015**

Tá meas mór ag an gCigireacht ar thuairimí tuismitheoirí agus daltaí toisc gur príomhpháirtithe leasmhara iad i bpobal na scoile. Mar chuid de mheasúnachtaí uile-scoile, ó mhí Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh, riaradh ceistneoirí do shampla ionadaíoch de thuismitheoirí agus de dhaltaí d'fhonn a gcuid tuairimí a fháil ar oibríocht a gcuid scoileanna. I 2011, bhí ceistneoirí curtha ar ais ag 20,941 tuismitheoir agus ag 15,066 dalta i mbunscoileanna, agus ag 9,908 tuismitheoir agus ag 13,713 dalta in iarbhunscoileanna. Úsáidtear sonraí ó na ceistneoirí chun aithint a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhfuil gá acu le tuilleadh fiosraithe le linn cuairt chigireachta ar scoil. Soláthraítear na sonraí comhiomlánaithe don scoil mar thacaíocht d'fhéinmheasúnacht scoile freisin. Tá sé beartaithe ag an gCigireacht úsáid na gceistneoirí a leathnú chuig múinteoirí le linn measúnachtaí uile-scoile.

4.13.1 Féin-Mheasúnacht Scoile

I 2011, lean an Chigireacht ar aghaidh le spreagadh a thabhairt do scoileanna chun dul i mbun féinmheasúnacht scoile (SSE). Is é an príomhchuspóir atá leis seo scoileanna a dhéanamh freagrach agus cuntasach as a gcuid torthaí oideachais. Bunaíodh aonad a bhfuil freagracht shonrach air as féinmheasúnacht scoile a chur chun cinn. Cuireadh dréacht-treoirlínte cuimsitheacha nua le chéile chun cabhrú le scoileanna dul i mbun féinmheasúnachta. Tá na dréacht-treoirlínte nua seo á dtástáil i sé bhunscoil agus i sé iarbhunscoil sa scoilbhliain 2011-12. Tá cigirí ag tacú le scoileanna sa treoirthionscadal de réir mar a úsáideann siad na dréacht-Treoirlínte agus de réir mar a fhorbraíonn siad a gcuid phróisis SSE. D'fhoilsigh an Chigireacht na treoracha seo a leanas:

- *Dréacht-Treoirlínte maidir le Féinmheasúnacht Scoile do Bhunscoileanna*
- *Dréacht-Treoirlínte maidir le Féinmheasúnacht Scoile d'Iarbhunscoileanna*

4.14 An Rannóg Párolla

Tá freagracht ar Rannóg Párolla na Roinne as tuarastail agus as pinsin a íoc le foireann teagaisc agus le foireann neamhtheagaisc atá, nó a bhí, fostaithe i mbunscoileanna, i meánscoileanna, i

scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha. I 2011, rinne an Rannóg cur chun feidhme ar na bearta a fógraíodh i mBuiséad 2010 a bhaineann le párollaí, lena n-áirítear an Muirear Uilíoch Sóisialta agus Laghdú Pinsean na Seirbhíse Poiblí. Tugadh saoráid ar líne isteach le haghaidh cur isteach éileamh ag údaráis bhainistíochta scoileanna i gcás íocaíochtaí a dhéantar le múinteoirí i mbunscoileanna, i meánscoileanna agus i scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha faoin scéim mhaoirseachta nó faoin scéim mhalartaithe. Laghdaigh tabhairt isteach na saoráide ar líne seo an t-ualach riaracháin atá ar údaráis bhainistíochta scoileanna. Tá tuilleadh sonraí maidir le gníomhaíochtaí párolla agus pinsean leagtha amach in 1.2 de Thábla 1 thíos.

4.15 Téarmaí agus Coinníollacha na Múinteoirí agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAnna)

I gcomhar leis an Rannóg Párolla agus leis an Aonad um Chaidreamh Foirne Seachtrach, déanann an rannóg seo rialú ar na téarmaí agus ar na coinníollacha fostaíochta a rialaíonn Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAnna) agus forbraíonn sí beartas bunaithe ar fhianaise d'fhonn úsáid éifeachtach acmhainní daonna a chur chun cinn i scoileanna aitheanta. I 2011, d'fhoilsigh an rannóg roinnt Imlitreacha agus doiciméad atá deartha chun comhairle maidir le teidlíochtaí a chur ar an lucht bainistíochta scoile agus ar fhostaithe scoile ar bhealach atá soiléir agus trédhearcach.

Maidir leis seo, d'fhoilsigh an rannóg téarmaí agus coinníollacha atá cothrom le dáta do mhúinteoirí cláraithe a bhaineann leis na réimsí seo a leanas: sosanna gairme, teidlíochtaí cosanta máithreachais, leathnú scéimeanna atá ann cheana féin chun aitheantas a thabhairt do chomhpháirtíochtaí sibhialta; earcaíocht, clárú agus cáilíochtaí múinteoirí agus nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le hardú céime ag an leibhéal bunscoile. Foilsíodh riachtanais cháilíochta atá cothrom le dáta do chúntóirí riachtanas speisialta freisin.

Comhaontaíodh nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le ceapachán múinteoirí, príomhoidí agus cúntóirí riachtanas speisialta ag an leibhéal bunscoile leis na comhpháirtithe oideachais agus cuireadh iad san áireamh sa doiciméad cothrom le dáta *Boird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta: Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta 2011*. Den chéad uair, is féidir fógraíocht earcaíochta do chúntóirí riachtanas speisialta a chur ar líne, rud a laghdaíonn costais fógraíochta do scoileanna agus a thugann nósanna imeachta maidir le fógraíocht do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mbunscoileanna ar aon dul leis na forálacha atá ann cheana féin d'fhoireann teagaisc. Forbairt eile i 2011 a bhí sa tairiscint rathúil ag an Roinn i gcomhair Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe le haghaidh múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

4.16 Oideachas Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Clúdaíonn sainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí (TES) sa Roinn leanúntas an oideachais mhúinteoirí ó oideachas tosaigh do mhúinteoirí, chuig ionduchtú agus ar aghaidh chuig Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus cinntíonn sí go mbíonn comhtháthú i mbeartas agus i gcleachtais oideachais mhúinteoirí ar bhealach a thacaíonn le múinteoirí agus le ceannairí scoile ar an mbealach is fearr. Cuimsíonn obair na Rannóige ceapadh beartas, agus comhordú,

bainistíocht, cáilíocht agus rialú airgeadais na mbeart chun tacú le soláthar oideachais do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile le linn a gcuid gairmeacha beatha. Tá an Rannóg freagrach as beartais agus as bearta éifeachtacha a cheapadh agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach múinteoirí bunscoile a bheidh cáilithe agus oilte go cuí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Is éard atá i gceist leis seo ardleibhéal cumarsáide agus idirghníomhaithe leis na Coláistí Oideachais, leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus le daoine eile. Tá an Rannóg seo freagrach freisin as cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais a bhaineann leis an gclár dioplóma iarchéime a chuireann Rannóga Oideachais na nOllscoileanna páirteacha ar fáil do mhúinteoirí iarbhunscoile.

4.16.1 Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí

Le linn 2011, chuaigh an Roinn i mbun cumarsáid agus riarachán éifeachtach leanúnach leis na Coláistí Oideachais ar raon ábhar a bhain le hoideachas tosaigh do mhúinteoirí, go háirithe an chéim Baitsiléara Oideachais agus an Dioplóma Iarchéime san Oideachas do theagasc bunscoile. Mar atá luaite níos luaithe sa Tuarascáil seo, tar éis dlúthchomhairle idir an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, cuireadh na tograí maidir le hathruithe ar oideachas tosaigh do mhúinteoirí, a bhí leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, le foilseacháin na Comhairle Múinteoireachta *Páipéar Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* agus *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár* a foilsíodh i 2011. Rinneadh foráil sna Critéir don chlár Baitsiléara Oideachais bhunscoile a leathnú ó 3 bliana go 4 bliana, agus don Dioplóma Gairmiúil san Oideachas a leathnú go 2 bhliain. Cuirfear tús leis an gclár Baitsiléara Oideachais (bhunscoile) athchumraithe leathnaithe i mí Mheán Fómhair 2012.

4.16.2 An tSeirbhís Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)

Le blianta beaga anuas, tá roinnt comhdhlúthaithe agus athstruchtúraithe déanta ar an gcóras seirbhíse tacaíochta do mhúinteoirí. Mar gheall ar an bpróiseas seo, rinne an Roinn ath-choincheapú ar a cuid soláthair do thacaíocht scoile agus d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí. Mar thoradh air seo, bogadh i dtreo seirbhís tacaíochta ghinearálta nua atá comhtháite agus trasearnála, ar a dtugtar PDST, ó mhí Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh. Is é príomhaidhm na seirbhíse seo tacaíocht forbartha gairmiúla múinteoirí atá ar ardchaighdeán, comhsheasmhach agus comhtháite a chinntiú mar fhreagra ar réimsí tosaíochta náisiúnta agus ar riachtanais áitiúla atá ag teacht chun cinn.

Tá sé de dhualgas ar PDST a bheith i gceannas ar an ngné thacaíochta do mhúinteoirí den Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. D'fhorbair PDST plean comhtháite chun tacú leis an straitéis seo. I 2011, reáchtáladh seimineáir do cheannairí scoile inar leagadh amach an fhreagracht atá ar an scoil as an straitéis a chur chun feidhme ag an leibhéal áitiúil. Ó shin i leith, forbraíodh raon leathan de sheisiúin eile i réimsí amhail féinmheasúnacht scoile, cúrsaí do mhúinteoirí nasc agus do chúrsaí atá sonrach do mheán teanga na scoile. Rinneadh soláthar freisin i réimsí amhail léitheoireacht threoraithe, teanga labhartha, scríbhneoireacht agus tuiscint.

4.16.3 An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge (STDLG)

Is é ceann amháin de phríomhchuspóirí na seirbhíse seo tacú le húsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide i scoileanna agus i seomraí ranga trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cur chun cinn a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le scileanna labhartha mar chuid lárnach de shiollabais an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta
- Cur ar chumas múinteoirí forbairt a dhéanamh ar raon straitéisí teagaisc agus foghlama a chuirfidh inniúlacht teanga labhartha chun cinn, de réir mar atá molta in Imlitir 0042/2007
- Forbairt a dhéanamh ar láidreachtaí an Churaclaim Athbhreithnithe do Bhunscoileanna.

I mí na Samhna 2011, d'eagraigh STDLG An Tionól Teagaisc, ar fóram náisiúnta do mhúinteoirí Gaeilge i meánscoileanna é, a tionóladh in OÉ Má Nuad, rud ina raibh rogha de níos mó ná tríocha ceardlann. D'fhreastail níos mó ná 450 múinteoir Gaeilge air.

Tá STDLG an-tábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus maidir le tacaíocht a thabhairt do scoileanna lánGhaeilge i ndáil le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. Cumascfaidh STDLG le PDST i 2012.

4.16.4 An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS)

Is ardtosaíocht an chórais oideachais go fóill é an gá atá le forbairt ghairmiúil leanúnach bhreise (CPD) do mhúinteoirí, atá ceaptha chun cur ar a gcumas freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Faoi láthair, cuirtear maoiniú ar fáil don soláthar áiteanna in institiúidí tríú leibhéal do mhúinteoirí ar mian leo cáilíochtaí iarchéime a shaothrú in oideachas speisialta.

Tugtar spreagadh do gach múinteoir cúnamh a lorg ón tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) agus forbairt ghairmiúil leanúnach speisialaithe a lorg maidir le foghlaim agus le teagasc daltaí a bhfuil raon leathan riachtanais speisialta oideachais acu. Cuireadh SESS ar bun i mí Mheán Fómhair 2003 d'fhonn oiliúint agus tacaíocht inseirbhíse a sheachadadh do scoileanna ar bhonn náisiúnta. Déanann an tseirbhís comhdhlúthú, comhordú, forbairt agus seachadadh ar raon de thionscnaimh forbartha gairmiúla agus de struchtúir thacaíochta do phearsanra scoile a oibríonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i suíomhanna oideachais éagsúla. I measc na suíomhanna seo, tá bunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhshrutha, scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.

Cuireadh clár speisialaithe forbartha gairmiúla leanúnaí, a bhí deartha do scoileanna speisialta nua do dhaltaí a bhfuil uathachas orthu, ar fáil i 2011. Sannadh príomhoide piarthacaíochta ó scoil speisialta a bhí ann cheana féin do gach príomhoide nua freisin.

I 2011, soláthraíodh 18,903 áit d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach trí SESS, agus soláthraíodh 338 áit i gcláir choláistebhunaithe i dTacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta.

4.16.5 Foireann Forbartha Thionscadal Mata (PMDT)

Cuireadh tús le rolladh amach náisiúnta na forbartha gairmiúla múinteoirí chun tacú le Tionscadal Mata i mí Mheán Fómhair 2009 de réir mar a chuir PMDT tús le soláthar oiliúna inseirbhíse roimh chur chun feidhme na siollabas athbhreithnithe. Leanadh ar aghaidh leis an obair seo le linn 2011 agus cuireadh Snáithe 3 agus Snáithe 4 den churaclam nua chun feidhme ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. Ina theannta sin, cuireann PMDT raon acmhainní ar fáil, lena n-áirítear:

- Pleananna Teagaisc agus Foghlama a sholáthraíonn plean mionsonraithe ar an gcuma ba chóir a bheith ar sheomra ranga atá éifeachtach ó thaobh aidhmeanna, torthaí foghlama, idirghníomhaíocht ceachta agus gníomhaíochtaí daltaí de

- Dlúthdhioscaí Daltaí, a thugann deis do dhaltaí ní amháin chun feabhas a chur ar an tuiscint atá acu ar an matamaitic, ach chun taitneamh a bhaint as an eispéireas freisin. Cuimsíonn siad gníomhaíochtaí chun cabhrú le daltaí uirlisí TFC a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí d'fhonn rochtain a fháil agus éascú a dhéanamh ar a gcuid foghlama

- Lámhleabhar Múinteoirí a cabhraíonn le múinteoirí pleanáil ar bhonn laethúil, nuálaíochtaí samhlaíocha a thabhairt isteach, an foghlaimeoir a chur ag lár an ranga matamaitice agus feabhas a chur ar an raon acmhainní atá ar fáil. Tá an Lámhleabhar seo bunaithe ar thaithí agus aiseolas múinteoirí i Scoileanna an Tionscadail

I gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Sármhaitheasa i dTeagasc agus i bhFoghlaim na Matamaitice agus na hEolaíochta (NSCE-MSTL) ag Ollscoil Luimnigh, rinne éascaitheoirí áitiúla cúrsaí ábhair/oideolaíochta a fhorbairt agus a sheachadadh do mhúinteoirí trí líonra na nIonad Oideachais áitiúil. Tugann na cúrsaí modúlacha seo aghaidh ar ábhar atá ábhartha do na siollabais athbhreithnithe, ar nós Staitisticí agus Dóchúlacht agus Céimseata agus Triantánacht.

4.16.5a Tabhairt Isteach Chlár Thionscadal Mata d'Iarchéimithe

Le blianta beaga anuas, tá sé léirithe i dtuarascálacha go bhfuil easnamh san eolas ábhair agus sna cáilíochtaí matamaitice atá ag céatadán suntasach den chohórt múinteoirí atá ag teagasc na matamaitice in iarbhunscoileanna faoi láthair. Ní mór eolas matamaitice dóthanach a bheith ag múinteoirí chun forbairt agus tacú a dhéanamh ar dhea-theagasc agus ar dhea-fhoghlaim na matamaitice do gach dalta. D'fhonn múinteoirí 'as réimse' a éascú maidir le feabhas a chur ar a gcuid cáilíochtaí ó thaobh na matamaitice de agus ó thaobh theagasc na matamaitice de, i 2011, d'eisigh an Roinn iarratas le haghaidh thairiscintí chun clár oiriúnach staidéir/cláir oiriúnacha staidéir a chonrú, rudaí a bheidh ar fáil ar bhonn céimnithe don chohórt múinteoirí seo. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an gcúrsa/ag na cúrsaí seo eolas ábhair oiriúnach sa mhatamaitic, agus straitéisí oideolaíochta cuí atá ar aon dul le tionscnamh Thionscadal Mata, a chur ar fáil do mhúinteoirí, rudaí a chabhróidh le múinteoirí ar réimsí amhail riachtanais foghlaimeoirí a aithint, freagairt ar cheisteanna daltaí, samplaí úsáideacha a roghnú, ceachtanna pleanála, foghlaim daltaí a mheas, agus araile.

4.17 Líon na Múinteoirí le Céim ó na Príomh-Choláistí Oideachais i 2011

Coláistí	Céimithe – An Clár Baitsiléara Oideachais agus An Clár Iarchéime Oideachais 2011
Coláistí nach Coláistí an Údaráis um Ard-Oideachas iad	
Coláiste Froebel	96
Coláiste Mhuire, Marino	165
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann	29
Coláistí ar Coláistí an Údaráis um Ard-Oideachas iad	
Coláiste Phádraig	505
Coláiste Mhuire gan Smál	522
Iomlán	**1317**

4.18 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) i 1999 chun tacú le forbairt phearsanta, shóisialta agus oideachasúil gach linbh i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna trí theoiric shíceolaíochta agus trí chleachtas síceolaíoch a chur i bhfeidhm san oideachas, agus aird á tabhairt go háirithe ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá fáil ag gach Bunscoil agus ag gach iarbhunscoil ar mheasúnuithe síceolaíochta go díreach trí shíceolaí NEPS atá sannta dóibh nó tríd an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú (SCPA). Is féidir le scoileanna nach bhfuil síceolaithe NEPS sannta dóibh cheana féin leas a bhaint as SCPA, rud trína ndéanann ball den phainéal síceolaithe príobháideacha, atá ceadaithe agus íoctha ag NEPS, measúnú a dhéanamh ar an scoil.

Soláthraíonn NEPS cúnamh, ach é a iarraidh, do gach scoil agus do gach pobal scoile ina dtarlaíonn teagmhais chriticiúla. Chomh maith leis sin, próiseálann sí iarratais ar an gCóiríocht Réasúnach i Scrúduithe Teastais (RACE) agus freagraíonn sí ar fhiosruithe maidir le leanaí aonair ó rannóga eile na Roinne agus ó shainghníomhaireachtaí.

Cuireann NEPS le forbairt beartas agus comhlíonann sí raon leathan feidhmeanna comhairleacha agus comhairliúcháin le rannóga eile laistigh den Roinn agus lena cuid gníomhaireachtaí, go háirithe i réimse an tsoláthair do riachtanais speisialta.

Go luath i 2011, rinne NEPS atheagrú ar a struchtúr réigiúnach chun soláthar seirbhíse a chuíchóiriú ó rannóg deich réigiún go rannóg ocht réigiún. Ceapadh ceathrar Stiúrthóirí Réigiúnacha sa tréimhse, agus iad ag glacadh áit an phearsanra a chuaigh ar scor i 2010.

Earcaíodh triúr síceolaithe dhéag sa tseirbhís i 2011. Le linn na tréimhse seo, cailleadh cúigear síceolaithe de bharr éirí as nó scoir; b'ionann líon iomlán na síceolaithe ag deireadh na bliana agus 173 síceolaí (166.4 coibhéis lánaimseartha).

Maidir lena soláthar lárnach le linn 2011, sannadh síceolaithe NEPS do thart ar 86% de bhunscoileanna (arbh ionann iad agus 91% de dhaltaí) agus do 93% d'iarbhunscoileanna (arbh ionann iad agus 95% de dhaltaí). Ar an iomlán, b'ionann é seo agus méadú ar an líon de shíceolaithe NEPS a bhí sannta do scoileanna.

Le linn na scoilbhliana 2010/11, bhí síceolaithe NEPS i mbun casóibre, rud a raibh measúnú agus idirghabháil i gceist leis, a bhain le níos mó ná 7,880 dalta ainmnithe; tá sé measta freisin gur thug siad comhairle do mhúinteoirí maidir le hidirghabhálacha i gcomhair 12,000 dalta neamhainmnithe eile. Ina theannta sin, maoiníodh thart ar 2,508 measúnú faoi SCPA.

Sa dara leath den bhliain acadúil, chuir síceolaithe NEPS oiliúint ar fáil do níos mó ná 1,000 múinteoir bunscoile nuacháilithe i mbainistíocht iompraíochta sa seomra ranga, bunaithe ar Threoirlínte Leanúntais, mar chuid dá gcuid próiseas ionduchtaithe foirmiúil. Lean NEPS ar aghaidh leis an bpróiseas chun seisiúin faisnéise a chur ar fáil ar an bpróiseas Leanúntais do phríomhoidí iarbhunscoile mar chuid dá plean leabaithe 3 bliana.

Ina theannta sin, rinne síceolaithe NEPS moltaí maidir le thart ar 4,700 dalta breise faoi scéim na Cóiríochta Réasúnaí i Scrúduithe Teastais (RACE) thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus d'fhreastail siad ar thart ar 98 teagmhas criticiúil i scoileanna ar iarratas ó údaráis scoile.

B'ionann caiteachas iomlán ar NEPS i 2011 agus €17.76m, lena n-áirítear €0.75m ar mheasúnuithe SCPA.

4.19 Tábla 1 – Roinnt Aschur a baineadh amach faoi Sprioc 1 i 2011

Cuspóir		Aschur i 2011
1.1	• **Tacú le córas oideachais luathbhlianta atá ar ardchaighdeán, do leanaí idir 0-6 bliain.**	**Aschur i 2011** Cuireadh níos mó na 125,000 áit ar fáil i ranganna naíonán • Leanadh ar aghaidh le creataí Síolta agus Aistear a chur chun feidhme • Cuireadh measúnacht leanúnach i gcrích ar thástáil allamuigh Síolta • Foilsíodh Caighdeáin Dámhachtainí Choiteanna do chúrsaí Cúraim agus Oideachais Luathóige • Leanadh ar aghaidh le foireann uirlisí ar líne Aistear a thabhairt cothrom le dáta • Chláraigh 67,000 leanbh, nó 94% de na leanaí a bhí incháilithe, sa bhliain réamhscoile saor in aisce do 2011/12
1.2	**Tacú le hoibríocht córais scoile atá ar ardchaighdeán.** **Aschur i 2011** **Maoiniú agus Riarachán** • Cuireadh seirbhísí maoinithe agus riaracháin ar fáil do níos mó ná 800,000 dalta i níos mó ná 4,100 scoil trí sholáthar 60,150 post	**Pinsin** • Bhí thart ar 13,500 múinteoir bunscoile ag fáil pinsin • Bhí thart ar 9,500 múinteoir iarbhunscoile ag fáil pinsin • Bhí thart ar 300 ball foirne neamhtheagaisc ag an leibhéal Bunscoile ag fáil pinsin • Bhí thart ar 70 ball foirne neamhtheagaisc ag an leibhéal Iarbhunscoile ag fáil pinsin

	Cuspóir	Aschur i 2011
	teagaisc. • Cuireadh €330,000 ar fáil chun Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC) a mhaoiniú ag an leibhéal Bunscoile • Cuireadh €202,000 ar fáil chun NPC a mhaoiniú ag an dara leibhéal, lena n-áirítear €12,000 i gcomhair líne chabhrach torthaí scrúduithe agus soláthar aonuaire de €25,000 chun cur chun feidhme chéim 1 dá bPlean Straitéiseach a phíolótú • Cuireadh €197m ar fáil le haghaidh seirbhísí caipitíochta, coimhdeacha agus tacaíochta scoile ag an leibhéal bunscoile • Cuireadh €117m ar fáil do mheánscoileanna deonacha le haghaidh seirbhísí caipitíochta, coimhdeacha agus tacaíochta scoile • Cuireadh deontais chaipitíochta agus choimhdeacha ar fáil ag an leibhéal bunscoile ag ráta €325 in aghaidh an dalta i 2011 • B'ionann an ciste tacaíochta comhcheangailte do sheirbhísí caipitíochta agus scoile agus €529 in aghaidh an dalta • Bhí leibhéil chaipitíochta níos mó, idir €469 go €903 in aghaidh an dalta, ag brath ar chatagóir, iníoctha i leith leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta i mbunscoileanna. • Cuireadh €47.4m ar fáil do phá neamhtheagaisc agus do chostais neamhphá i scoileanna Pobail agus i scoileanna Cuimsitheacha • Cuireadh €63m ar fáil do chostais neamhphá i gCoistí Gairmoideachais **Sonraí Daltaí a Phróiseáil** • Rinne an Roinn próiseáil ar 732 tuairisceán a bhaineann le sonraí daltaí ó iarbhunscoileanna i leith 360,000 dalta i 2011 • Cinneadh an bunachar sonraí nua ar líne, ar a dtugtar P-POD, a thabhairt isteach **Leithdháileadh Múinteoirí** • Rinneadh bainistíocht ar an bpróiseas leithdháilte múinteoirí laistigh de shrianta dochta an bhuiséid phárolla agus den uasteorainn a bhí ar an líon múinteoirí. • Rinneadh thart ar 1,100 múinteoir buan barrachais ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iarbhunscoile a ath-imlonnú go dtí scoileanna a raibh folúntais acu.	• Chuaigh 1,089 duine ar scor ag an leibhéal bunscoile • Chuaigh 779 duine ar scor ag an leibhéal iarbhunscoile • Íocadh cnapshuimeanna dar luach iomlán de thart ar €106m le múinteoirí bunscoile, agus íocadh cnapshuimeanna dar luach iomlán de thart ar €75m le múinteoirí iarbhunscoile • B'ionann na cnapshuimeanna a íocadh le Baill Foirne Neamhtheagaisc agus thart ar €1m ag an leibhéal bunscoile agus b'ionann na cnapshuimeanna a íocadh le Baill Foirne Neamhtheagaisc agus €188,000 ag an leibhéal iarbhunscoile **Achomhairc Alt 29** • Próiseáladh achomhairc Alt 29 agus éisteadh leo ar bhealach tráthúil agus gairmiúil i gcomhréir le frámaí ama agus le coinníollacha reachtúla • Glacadh le 367 achomharc alt 29. Rinneadh éisteacht iomlán ar 59% díobh, agus rinneadh an 41% de chásanna eile a réiteach ag an leibhéal áitiúil trí éascú nó a tharraingt siar. **Gearáin ó Thuismitheoirí** • Taifeadadh 798 gearán i 2011 • Tugadh faisnéis do thuismitheoirí agus do dhaltaí maidir le struchtúir agus le próisis chun gearáin a bhaineann le scoileanna a dhéanamh agus a réiteach • Bhí an Roinn i dteagmháil leis an Oifig Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le Comhairlí Daltaí agus le rannpháirtíocht na hÓige • Bhí an Rannóg um Oideachas Múinteoirí sa Roinn i dteagmháil leis an gComhairle Mhúinteoireachta mar ba chuí maidir le cúrsaí beartas agus le cúrsaí eile ar dhíol spéise iad don Roinn agus don Chomhairle.
1.3	• **Tacaíochtaí spriocdhírithe a chur ar fáil do scoileanna atá páirteach i gclár DEIS.** **Aschur i 2011** • Ghlac 864 scoil, páirt i gclár DEIS, rud a	• Cuireadh 229 bunscoil DEIS isteach sa chlár Aisghabháil Léitheoireachta agus cuireadh oiliúint ar 263 múinteoir faoi mhí Iúil 2011 • Cuireadh 313 bunscoil DEIS isteach sa chlár Aisghabháil Matamaitice

	Cuspóir	Aschur i 2011
	chuimsigh 669 bunscoil agus 195 scoil dara leibhéal a raibh 164,000 duine óg cláraithe iontu • Chuir 405 Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail seirbhís ar fáil do 543 scoil faoi chlár DEIS sa scoilbhliain 2011/12. Oibrítear Teagmháil Baile, Scoil agus an Phobail i mbunscoileanna uirbeacha DEIS agus in iarbhunscoileanna DEIS • Oibríodh 124 tionscadal faoin gClár Críochnaithe Scoile i 224 bunscoil agus i 467 iarbhunscoile, agus iad dírithe ar 36,000 duine, idir leanaí agus dhaoine óga • Leithdháileadh maoiniú €14.9m ar DEIS faoi Scéim Deontas na Leabhar Scoile i 2011 • Don scoilbhliain 2011/2012, eisíodh deontais DEIS dar luach thart ar €10.7m do bhunscoileanna DEIS agus €3.4m d'iarbhunscoileanna DEIS • Chríochnaigh ERC agus an Chigireacht dhá mheasúnacht ar DEIS faoi dheireadh 2011 • Cuireadh tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta chun feidhme i scoileanna DEIS • Ó mhí Mheán Fómhair 2011, tá foireann thiomnaithe litearthachta agus uimhearthachta fostaithe chun cabhrú le cur chun feidhme Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta na Roinne	• Tá 318 bunscoil DEIS a bhfuil Teagascóir Scríbhneoireachta 'Na Chéad Chéimeanna' acu, tá 276 bunscoil DEIS a bhfuil Teagascóir Léitheoireachta 'Na Chéad Chéimeanna' acu, agus tá 181 bunscoil DEIS a bhfuil Teagascóir Labhartha agus Éisteachta 'Na Chéad Chéimeanna' acu. • Tá 216 scoil DEIS páirteach sa chlár 'Ready Set Go- Maths' • Ghlac 186 iarbhunscoil DEIS páirt i gClár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) • Bhunaigh an Tionscadal Taispeána Leabharlainne leabharlanna scoile i 30 scoil a bhí páirteach i gClár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) ar bhonn náisiúnta • Leithdháileadh deontais ar 16 thionscadal i 2011/12 faoin Tionscadal Litearthachta Teaghlaigh • Ghlac 652 scoil DEIS páirt sa Chlár Béilí Scoile. Tháinig méadú ar líon na leanaí a bhí ag baint tairbhe as an gclár seo ó 125,138 leanbh i 2006 go dtí níos mó ná 189,000 leanbh i 2011. Tháinig méadú ar chaiteachas ar an gClár Béilí Scoile ó €13.6m i 2006 go dtí €34.975m i 2011.
1.4	• **Tacaíochtaí spriocdhírithe a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (SEN) acu.** **Aschur i 2011** • Bhí 9,854 múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne coibhéise lánaimseartha i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha amhail an 31/12/11 • Chuir níos mó ná 1,100 múinteoir oideachas ar fáil do leanaí a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta a raibh cóimheasa laghdaithe daltaí le múinteoirí acu • Cuireadh 10,575 Cúntóir Riachtanas Speisialta coibhéise lánaimseartha ar fáil don scoilbhliain a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2011 • Eisíodh 1,135 deontas, dar luach iomlán €940,391, do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta chun saintrealamh a cheannach d'fhonn cabhrú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu sa seomra ranga. • Chuir gach ionad a bhí páirteach sa treoirscéim Anailíse Iompraíochta Feidhmí a bhí maoinithe ag an Roinn iarratas ar aitheantas mar scoileanna speisialta do leanaí a bhfuil uathachas orthu agus	• Ghlac 149 scoil páirt i gclár Oideachais Iúil i 2011 • Cuireadh caipitíocht bhreise de €7.5m ar fáil do dhaltaí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha • Foilsíodh Athbhreithniú Luach ar Airgead ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta i mí an Mheithimh 2011. • Tá grúpa trasearnála comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn Sláinte, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige nua, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), agus tagann sé le chéile go rialta chun comhordú a dhéanamh ar chur chuige a chinnteoidh go mbeidh an freagra is éifeachtaí do leanaí a bhfuil míchumas agus riachtanais speisialta oideachais acu • Cuireadh clár speisialaithe forbartha gairmiúla leanúnaí ar fáil do scoileanna speisialta nua i gcomhair daltaí a bhfuil uathachas orthu i 2011. • Chuir SESS 18,903 áit ar fáil le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach i 2011 • Cuireadh 338 áit ar fáil i gcláir choláistebhunaithe i dTacaíocht Foghlama

	Cuspóir	Aschur i 2011
	deonaíodh an t-aitheantas seo dóibh • Ceadaíodh 86 rang breise do leanaí a bhfuil uathachas orthu atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha agus le scoileanna speisialta. D'fhág sé seo go raibh 450 rang speisialta san iomlán do leanaí a bhfuil uathachas orthu ag deireadh 2011 • Cuireadh 56 rang luath-idirghabhála ar fáil do leanaí ar speictream an uathachais i 2011 freisin • Bhain thart ar 980 dalta leas as teagasc baile le linn na scoilbhliana a chríochnaigh i mí an Mheithimh 2011	agus san Oideachas Speisialta
1.5	• **Feabhas a chur ar an measúnacht sheachtrach ar scoileanna agus ar ionaid oideachais trí leathnú agus feabhsú a dhéanamh ar an raon múnlaí cigireachta a úsáidtear agus trí dheiseanna is fearr d'obair leantach agus chomhairleach i scoileanna a chur san áireamh sa chlár cigireachta.**	**Aschur i 2011** • Tugadh cigireachtaí teagmhasacha isteach i 2011 le go gcuimseoidís iarbhunscoileanna agus ionaid oideachais. Rinneadh 92 cigireacht neamhfhógartha in iarbhunscoileanna • Bhí múnla na Measúnachta Uile-Scoile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (WSE-MLL), bunaithe go daingean ag an leibhéal iarbhunscoile i 2011. • Tháinig méadú ar an gclúdach cigireachta scoileanna agus ionad oideachais agus bhí tuairisciú níos fearr do phobail scoile, don Oireachtas agus don phobal i 2011. • Rinneadh níos mó ná 3,800 cigireacht i 2011. • Foilsíodh 961 tuarascáil chigireachta scoile ar láithreán Gréasáin na Roinne ag www.education.ie/
1.6	• **Spreagadh a thabhairt do bhoird bhainistíochta agus do phobail scoile chun dul i mbun féinmheasúnacht scoile láidir agus feabhsú leanúnach ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ina gcuid scoileanna agus ionaid oideachais trí ábhair thacaíochta ábhartha a chur ar fáil dóibh.**	**Aschur i 2011** • Tugadh treoirthionscadal féinmheasúnachta scoile isteach • Bunaíodh aonad a bhfuil freagracht shonrach air as féinmheasúnacht scoile a chur chun cinn • Forbraíodh dréacht-treoirlínte uilechuimsitheacha nua chun cabhrú le scoileanna dul i mbun féinmheasúnachta: *Dréacht-Treoirlínte maidir le Féinmheasúnacht Scoile do Bhunscoileanna* agus *Dréacht-Treoirlínte maidir le Féinmheasúnacht Scoile d'Iarbhunscoileanna* • Tá na Treoirlínte seo á dtástáil i sé bhunscoil agus i sé iarbhunscoil. • Tá cigirí ag tacú le scoileanna sa treoirthionscadal de réir mar a úsáideann siad na Dréacht-Treoirlínte agus de réir mar a fhorbraíonn siad a gcuid phróisis SSE. • D'fhorbair PDST seisiúin i measúnacht scoile • Tá clár oiliúna i bhfeidhm do Bhoird Bhainistíochta nua a ceapadh i 2011.
1.7	• **Seirbhís síceolaíochta oideachasúla atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do scoileanna.**	**Aschur i 2011** • Chuir NEPS seirbhís síceolaíochta oideachasúla ar ardchaighdeán ar fáil i

Cuspóir		Aschur i 2011
		2011 • Chuir síceolaithe NEPS oiliúint ar níos mó ná 1,000 múinteoir nuacháilithe • Earcaíodh triúr síceolaithe dhéag nua i 2011 • Bhí méadú ar an líon de shíceolaithe a bhí sannta do scoileanna • Le linn na bliana acadúla 2010/11, bhí síceolaithe NEPS i mbun cásoibre a bhain le níos mó ná 7,880 dalta ainmnithe. • Maoiníodh 2,508 measúnú faoi SCPA • B'ionann caiteachas iomlán ar sheirbhísí NEPS i 2011 agus €17.76m
1.8	• **Seirbhís iompair atá sábháilte, éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de a chur ar fáil do leanaí go dtí an scoil agus ón scoil.**	**Aschur i 2011** • Cuireadh iompar scoile ar fáil do 120,000 dalta gach lá den scoilbhliain, lena n-áirítear 8,000 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu • Foilsíodh tuarascáil an Athbhreithnithe Luach ar Airgead ar Iompar Scoile • Rinneadh 12 mholta atá san Athbhreithniú Luach ar Airgead a chur chun feidhme • Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
1.9	• **Curaclaim agus siollabais a fhorbairt agus a sholáthar, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ("NCCA"), a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga scileanna don saol, don fhoghlaim agus don obair a fhorbairt.**	**Aschur i 2011** • D'fhoilsigh NCCA an tuarascáil *I dTreo Creata don tSraith Shóisearach*, rud ina ndéantar moltaí a bhaineann le hathchóiriú curaclaim na sraithe sóisearaí • Leanadh ar aghaidh le Tionscadal Mata a rolladh amach. Eisíodh Snáithe 3 agus Snáithe 4 de shiollabas Thionscadal Mata do scoileanna príomhshrutha • Rinne iarrthóirí ar scrúdú na hArdteistiméireachta 2011 sna 24 scoil tionscadail le haghaidh Thionscadal Mata scrúduithe a chlúdaigh ceithre cinn de na cúig shnáithe siollabais. • Tacaíodh le PPLI • Leathnaíodh an Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre • Rinne 4,920 dalta Scrúdú na hArdteistiméireachta i Spáinnis, in Iodáilis, i Rúisis agus i Seapáinis i 2011 • Sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, déantar foráil d'athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe den churaclam bunscoile i ranganna naíonán d'fhonn comhsheasmhacht a chinntiú le creat curaclaim Aistear do réamhscoileanna a fógraíodh i 2009 agus béim níos mó a chur ar luathfhorbairt teangacha agus uimhearthachta. • Sa Straitéis, déantar foráil d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam Béarla (do gach scoil) agus ar an gcuraclam Gaeilge (do scoileanna lánGhaeilge d'fhonn na scileanna atáthar ag súil le bheith foghlama

Cuspóir		Aschur i 2011
		ag leanaí ag gach céim a thaispeáint go soiléir; agus, ina dhiaidh sin, d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam Gaeilge do scoileanna Béarla
1.10	• **Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme d'fhonn torthaí foghlama a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga.**	**Aschur i 2011** • Foilsíodh *Foghlaim don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011 go 2020* i 2011 • Cuireadh Grúpa Comhairleach ar bun d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise • Fostaíodh foireann thiomnaithe litearthachta agus uimhearthachta chun cabhrú le cur chun feidhme na Straitéise • Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le luathghníomhartha na Straitéise a chur chun feidhme • Tá PDST i gceannas ar an ngné thacaíochta do mhúinteoirí den Straitéis agus d'fhorbair sí plean comhtháite chun tacú leis an Straitéis • Tá aonaid litearthachta agus uimhearthachta i bhfeidhm laistigh den Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí don scoilbhliain 2011/12.
1.11	• **Tacú le húsáid TFC sa teagasc agus san fhoghlaim.**	**Aschur i 2011** • Chuaigh dúbailt ar an meántrácht comhiomlán laethúil ar líonra leathanbhanda na scoileanna ó 600 Mbit/soicind i mí Mheán Fómhair 2010 go 1200 Mbit/soicind i mí Mheán Fómhair 2011 • Cuireadh thart ar 12,000 áit oiliúna múinteoirí ar fáil i gcúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) i TFC • Cuireadh 9 gcúrsa Forbartha Gairmiúla Leanúnaí i TFC leis an soláthar a bhí ann cheana féin • Tugadh 1.54 milliún cuairt ar an láithreán Gréasáin www.scoilnet.ie, rud arb é an tairseach náisiúnta do TFC san oideachas agus a thugann rochtain ar stór comhairle, faisnéise agus foinsí Gréasáin, bogearraí agus acmhainní ilmheán measúnaithe agus catagóirithe atá ag fás.
1.12	• **Feabhas a chur ar mheasúnú agus ar mheasúnacht chun tacú le foghlaim níos fearr, go háirithe i litearthacht agus in uimhearthacht.**	**Aschur i 2011** • Eisíodh Imlitir 56/2011 do gach bunscoil i mí na Samhna 2011 chun an Straitéis Náisiúnta chun an Uimhearthacht agus an Litearthacht a Fheabhsú a chur chun cinn • Leagtar amach sa Straitéis na socruithe le haghaidh measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí atá ceaptha chun tacú le teagasc litearthachta agus uimhearthachta níos fearr i scoileanna agus déantar cur síos inti ar conas faisnéis measúnaithe ar dhul chun cinn daltaí a thaifeadadh, a úsáid agus a thuairisciú. • Soláthraítear sa Straitéis faisnéis maidir le

Cuspóir		Aschur i 2011
		measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar léitheoireacht agus ar mhatamaitic lena bhfuil baint ag scoileanna Éireannacha agus leagtar amach inti riachtanais scoileanna maidir le páirt a ghlacadh sna staidéir sin • Éilítear sa Straitéis go n-úsáidtear measúnuithe caighdeánaithe i litearthacht agus in uimhearthacht ag deireadh an dara, an cheathrú agus an séú rang i mbunscoileanna agus ag deireadh an dara bliain i scoileanna iarbhunscoile. • Beidh ar gach scoil iarbhunscoile Béarla scrúduithe caighdeánaithe léitheoireacht Bhéarla agus matamaitice a riar do gach dalta incháilithe ag deireadh an dara bliain. Beidh ar gach scoil iarbhunscoile Gaeilge scrúduithe caighdeánaithe léitheoireacht Ghaeilge agus matamaitice a riar do gach dalta incháilithe ag deireadh an dara bliain. • Beidh ar scoileanna tuairisciú do thuismitheoirí ag úsáid faisnéise ó raon cur chuige measúnaithe, lena n-áirítear torthaí na scrúduithe caighdeánaithe measúnaithe agus faisnéis maidir le dul chun cinn a linbh i gcomparáid le noirm náisiúnta. • Ní mór do scoileanna sonraí comhiomlánaithe a bhailiú freisin ar ghnóthachtáil daltaí ar scrúduithe caighdeánaithe measúnaithe. • Tabharfar tuairiscí ar na treochtaí náisiúnta gnóthachtála i léitheoireacht agus i matamaitic i mbunscoileanna agus i scoileanna iarbhunscoile gach dhá bhliain ar a laghad ag úsáid sonraí comhiomlánaithe ó scrúduithe caighdeánaithe i scoileanna. • Ghlac 151 scoil agus timpeall ar 4,500 dalta sa cheathrú rang páirt in dhá phríomhstaidéar a bhaineann le litearthacht agus le huimhearthacht, eadhon: *Progress in International Reading Literacy Study (PRILS) (Staidéar ar Dhul chun Cinn na Litearthachta Léitheoireachta Idirnáisiúnta) agus Trends in International Mathematics and Science Study (TIMSS) (Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta).*
1.13	• **Cláir iomchuí le haghaidh measúnú, creidiúnú agus teastasú scrúduithe dara leibhéal a fhorbairt agus a fheidhmiú i gcomhar le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.**	**Aschur i 2011** • Scrúdaíodh Tionscadal Mata i 24 Scoil Tionscadail san Ardteistiméireacht agus sa Teastas Sóisearach 2011 agus d'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na torthaí • Cuireadh scrúduithe ar fáil d'iarrthóirí ar fud gach clár scrúdaithe • Shocraigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit scrúduithe i 90 ábhar curaclaim agus 15 ábhar seach-churaclaim • Cuireadh raon beart ar fáil chun cabhrú le

	Cuspóir	Aschur i 2011
		hiarrthóirí a bhfuil riachtanais ar leith acu páirt a ghlacadh sna scrúduithe Stáit • Scrúdaíodh 1.9m mír scrúdaithe aonair amhail baill ealaíne agus cheardaíochta • Rinneadh torthaí Scrúdaithe a bhronnadh agus achomhairc a phróiseáil • D'ullmhaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit thart ar 1.9m mír comhpháirte do 114,380 iarrthóir a rinne scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta i 2011 • Dheonaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit 18,156 oiriúntas réasúnta do 11,437 iarrthóir lena rannpháirteachas sna scrúduithe Stáit a éascú • Gineadh 985,257 grád, rud as ar tháinig bronnadh 114,380 toradh scrúdaithe • Próiseáladh 12,731 achomharc ag leibhéal na hArdteistiméireachta, na hArdteistiméireachta Feidhmí agus an Teastais Shóisearaigh. • Thacaigh an Roinn le Coimisiún na Scrúduithe Stáit i ndáil le hathchóiriú an chórais oideachais a scrúdú maidir le hathruithe curaclaim lena n-áirítear athchóiriú na sraithe sóisearaí go háirithe
1.14	• **Obair leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus le teagascóirí múinteoirí chun cláir tosaigh oideachais mhúinteoirí ardchaighdeáin a chur ar fáil.**	**Aschur i 2011** • Cumarsáid agus teagmháil leantach idir an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le saincheisteanna comhchúraim amhail reachtaíocht, beartais, rialachas, clárú múinteoirí. Bhí cumarsáid agus riarachán éifeachtúil leantach leis na Coláistí Oideachais ar raon saincheisteanna a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí, go háirithe an chéim Bed agus an Dioplóma Iarchéime in Oideachas do mhúinteoireacht bunscoile. • Cuireadh comhairliúchán ar siúl idir an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir leis na hathruithe beartaithe ar oideachas tosaigh múinteoirí faoin Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú.
1.15	• **Cláir ardchaighdeáin ábhartha um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí.**	**Aschur i 2011** • Cuireadh cláir ábhartha um fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil i gcomhthéacs tosaíochtaí náisiúnta agus earnálacha. • Leanadh le nuashonrú na foirne uirlisí ar líne Aistear i 2011. • D'eagraigh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí seimineáir i 2011 i ndáil le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú do cheannairí scoile • D'fhorbair an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí seisiúin i

Cuspóir		Aschur i 2011
		féinmheasúnacht scoile, cúrsaí le haghaidh múinteoirí naisc agus cúrsaí atá sonrach do mheán teanga na scoile • Chuir an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge ceardlanna ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge agus reáchtáil sí An Tionól Teagaisc, ar fhreastail níos mó ná 450 múinteoir air • Thacaigh an Fhoireann Forbartha Tionscadal Mata le múinteoirí trí 2 cheardlann a chur ar fáil agus trí raon acmhainní forlíontacha i ndáil le Tionscadal Mata • D'eisigh an Roinn iarratas ar thairiscintí i mí na Nollag 2011 le haghaidh cúrsaí a sholáthar chun tacú leis an teagasc mata • Lean Líonra an Lárionaid Oideachais air cláir náisiúnta um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a óstáil do mhúinteoirí • Leanadh leis an gClár Cúrsa Samhraidh, a bhaineann le dul chun cinn scileanna oideolaíochta agus bainistíochta múinteoirí i 2011 • Lean an tseirbhís tacaíochta um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte uirthi oiliúint a thairiscint ar Threoirlínte Cosanta Leanaí na Roinne. Cuirfidh Teagmhálaithe Ainmnithe agus Boird Bhainisteoireachta oiliúint sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a tugadh isteach i 2011 i bhfeidhm • Lean an scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí uirthi maoiniú a chur ar fáil i dtreo an chostais atá ar chúrsaí forbartha inghairme • Bheadh líon iomlán na n-imeachtaí um fhorbairt ghairmiúil leanúnach nó líon na n-imeachtaí seachas cúrsaí áitiúla agus samhraidh úsáideach anseo. • Caitheadh €4.71m chun tacú le Lárionaid Oideachais agus lena gCúrsaí Áitiúla i 2011 • D'fhreastail 31,803 múinteoir ar 1,492 cúrsa áitiúil • D'fhreastail 27,579 múinteoir ar 703 Cúrsa Samhraidh i 2011 • D'fhreastail 382 Teagmhálaí Ainmnithe agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ar oiliúint i dTreoirlínte Cosanta Leanaí
1.16	• **Tacú le ról na Comhairle Múinteoireachta sa ghairm mhúinteoireachta a rialáil.**	**Aschur i 2011** • Faomhadh Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Leasú) 2012 i 2011. D'éascaigh sé seo go ndéanfaí athruithe a chabhródh le tús alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta (TCA), 2011 a éilíonn go bhfuil gach múinteoir i scoileanna atá aitheanta ag an Stát, agus a maoiníonn an Roinn a gcuid tuarastail, cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Rinne an Bille foráil freisin do leasú alt 33 den TCA a d'éascódh an riachtanas ar mhúinteoirí faisnéis bhreise a chur isteach agus a

Cuspóir		Aschur i 2011
		gclárú á athnuachan acu. • Chuir an Roinn tacaíocht leanúnach ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta
1.17	• **Tacú le feabhsuithe ar theagasc na Gaeilge ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile**	**Aschur i 2011** • Tá tús curtha le hobair a fheabhsóidh teagasc na Gaeilge inár mbunscoileanna agus inár scoileanna iarbhunscoile, lena n-áirítear cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i.e. athbhreithniú ábhar an churaclaim L1 agus L2 agus scrúduithe caighdeánaithe i nGaeilge • Leagtar amach in Imlitir 0056/2011 gur cheart an t-am a chaitear ar fhorbairt na litearthachta i mbunscoileanna, go háirithe sa chéad teanga de chuid na scoile (Gaeilge nó Béarla), a mhéadú le haon uair amháin san iomlán sa tseachtain • Cuireadh tús le curaclam athbhreithnithe Ardteistiméireachta i nGaeilge (ina leithdháiltear 40% de mharcanna scrúdaithe na hArdteistiméireachta don scrúdú béil) i ngach scoil i mí Mheán Fómhair 2010 le haghaidh an chéad scrúdaithe i 2012. Iarradh ar an NCCA athbhreithniú a dhéanamh ar an siollabas seo ag féachaint do na heispéiris sa chéad scrúdú i mí an Mheithimh 2012. • Mar chuid den chur chuige iomlán agus de chéimniú isteach Athchóirithe na Sraithe Sóisearaí, déanfar athbhreithniú ar an siollabas Gaeilge • Cuireadh tacaíocht ar fáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun comhairle, taighde, acmhainní agus téacsanna sa Ghaeilge agus seirbhísí tacaíochta do theagasc na Gaeilge agus trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. • Is é atá i láithreán Gréasáin an COGG, a athdhearadh i rith na bliana, bunachar sonraí de na hacmhainní teagaisc agus foghlama go léir do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, chomh maith le foilseacháin an COGG agus faisnéis eile. Bhuaigh an COGG roinnt dámhachtainí dá láithreán Gréasáin. • Is féidir féachaint ar roinnt téacsleabhar, páipéir bhréagscrúdaithe agus iarpháipéir scrúdaithe a foilsíodh i 2011 ar a láithreán Gréasáin ag www.cogg.ie.
1.18	• **Socruithe pátrúnachta a chur i bhfeidhm maidir le scoileanna nuabhunaithe agus tacú le hobair an Fhóraim Phátrúnachta agus Iolrachais san Earnáil Bhunscolaíochta**	**Aschur i 2011** • I 2011, seoladh an Fóram Pátrúnachta agus Iolrachais san Earnáil Bhunscolaíochta agus ceapadh Grúpa Comhairleach • Cuireadh seisiún poiblí 3 lá ar siúl le páirtithe leasmhara i mí Iúil agus craoladh go beo é ó láithreán Gréasáin na Roinne

Cuspóir		Aschur i 2011
		• Rinne an Grúpa Comhairleach 247 aighneacht a fháil agus a bhreithniú • Cuireadh seisiún oibre poiblí deiridh ar siúl i mí na Samhna 2011 • B'ionann caiteachas ar an bhFóram Pátrúnachta agus €26,755 i 2011 • Tar éis bhunú an Fhóraim, bunaíodh Grúpa um Bunú Scoileanna Nua chun comhairle a chur ar fáil faoin bpátrúnacht scoileanna nua i gcomhthéacs critéar sainaitheanta
1.19	• **Oibriú i gcomhar le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig chun straitéisí agus beartais a fhorbairt le riachtanais oideachais na ndaoine óga a chuirtear i scoileanna coinneála a chomhlíonadh**.	• Coinníonn an Roinn ról beartais iarmharach do sholáthar oideachais i scoileanna coinneála • Tacaíonn an Roinn le cur chun feidhme na Straitéise Oideachais don tSeirbhís Scoileanna Coinneála Leanaí 2010 - 2013

Sprioc 2 – Deiseanna le haghaidh uasoiliúna agus athoiliúna a chomhlíonann riachtanais na ndaoine aonair i margadh an tsaothair a chur ar fáil

Breisoideachas agus Oiliúint

Ceann amháin de róil na Roinne is ea cur chun cinn, comhordú, maoiniú agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na gclár breisoideachais agus oiliúna (FET) do dhaoine óga agus d'aosaigh a d'fhág scoil go luath agus/nó a bhfuil FET de dhíth orthu chun feabhas a chur ar a n-ionchais fostaíochta agus chun cur ar a gcumas leibhéal níos airde cáilíochta a bhaint amach ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

Tairgeann soláthar FET deiseanna rochtana, aistrithe agus dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí. Tá cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar oscailt do chách agus is é an príomhchuspóir raon tacaíochtaí a chur ar fáil a chomhlíonfaidh riachtanais na ndaoine óga a d'fhág an scoil go luath, a chuirfidh oideachas dara deis do dhaoine nár chríochnaigh an dara leibhéal uachtarach agus ullmhúchán gairme agus oiliúint ghairme a chur ar fáil do dhaoine ag iontráil an mhargaidh shaothair nó ag athiontráil an mhargaidh shaothair. Trí bhunú SOLAS, chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna agus athchóiriú na hearnála FET, tá an Roinn ag obair le caighdeán agus le hábharthacht an tsoláthair FET a fheabhsú lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé riachtanais na ndaoine aonair agus an mhargaidh shaothair. I 2011, ghlac thart ar 300,000 duine, líonta suntasacha daoine dífhostaithe san áireamh, páirt i ndeiseanna FET a sholáthair FÁS, na Coistí Gairmoideachais, Skillnets agus an Ciste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair.

Ghlac an Roinn Coimirce Sóisialaí freagracht fhoriomlán as beartas agus maoiniú chláir fostaíochta agus sheirbhísí fostaíochta FÁS ón 1 Eanáir 2011. Cuimsíonn sé seo an Clár Socrúchán Oibre agus Clár JobBridge. Tá freagracht ar an Roinn Oideachais agus Scileanna as soláthar oiliúna trí FÁS. Trí athstruchtúrú na Rannóige um Beartas Oiliúna an Mhargaidh Shaothair sa Roinn i 2011, sannadh roinnt réimsí nua oibre don Rannóg a dhéanfaidh beartas agus soláthar seirbhíse a chomhdhlúthú, lena n-áirítear an Ciste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair (LMAF), printíseachtaí agus oiliúint do dhaoine faoi mhíchumas.

B'ionann an infheistíocht iomlán i FET arna déanamh ag an Roinn agus pas beag níos mó ná €740m i 2011.

5.1 SOLAS

I mí Iúil 2011, d'fhógair an Rialtas an bunú údaráis nua bhreisoideachais agus oiliúna darb ainm SOLAS. Díscaoilfear FÁS agus aistreofar a sholáthar oiliúna do na Coistí Gairmoideachais, atá á

n-athchumrú mar Bhoird Oideachais agus Oiliúna nua (ETBanna). Comhordóidh SOLAS an soláthar FET ar bhonn comhtháite ag na ETBanna. Sa ról seo, déanfaidh SOLAS an soláthar FET in Éirinn a nua-aoisiú agus a athchóiriú. I mí Lúnasa 2011, bunaíodh Grúpa Cur Chun Feidhme SOLAS a ndéanann an tAire Ciarán Cannon, an tAire Oiliúna agus Scileanna, cathaoirleacht air agus ina bhfuil ionadaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna, FÁS, an Chumainn Ghairm-Oideachais in Éirinn, na Roinne Coimirce Sóisialaí, Roinn an Taoisigh agus ionadaí na hearnála oiliúna príobháidí, agus tagann sé le chéile go rialta. Thuairiscigh an Grúpa don Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach i mí na Samhna 2011. Ullmhaíodh reachtaíocht agus rinneadh próiseas comhairliúcháin phoiblí. Cuireadh tús le dréachtú Plean Gníomhaíochta a phléann le misean, struchtúr, soláthar foirne agus maoiniú SOLAS.

Éascóidh SOLAS freagairt náisiúnta atá straitéiseach, comhtháite agus soiléir ar fud na n-earnálacha breisoideachais agus oiliúna do chuspóirí na Straitéise Náisiúnta Scileanna agus don mhéadú suntasach ar éileamh mar gheall ar an gcás fostaíochta reatha araon.

Éascóidh SOLAS an earnáil FET chun ról suntasach a imirt i ngníomhachtú na ndaoine dífhostaithe trína chuimsiú i bpróiseas tarchuir an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Fostaíochta a bheidh le cur chun feidhme ag seirbhís náisiúnta fostaíochta agus teidlíochtaí na Roinne Coimirce Sóisialaí.

5.2 Tacú le Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna - FET

Leagtar béim sa Straitéis Náisiúnta Scileanna (NSS) ar an bhfíric go mbeidh uasoiliúint agus/nó athoiliúint agus foghlaim bhuan ag teastáil ó bheagnach gach gairm sa todhchaí. Chun cuspóirí na Straitéise Náisiúnta Scileanna a bhaint amach don tréimhse go dtí 2020, beidh ar 500,000 duine aonair sa bhreis dul leibhéal amháin ar a laghad ar aghaidh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin i dtreo bhaint amach a cuspóirí. Cuirtear in iúl sa Tuarascáil um Ráiteas Gníomhaíochta 2011 de chuid an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) gurb é an dúshlán is suntasaí don tréimhse go dtí 2020 ná iad siúd ag Leibhéal 1-3 go Leibhéal 4 agus Leibhéal 5 a uasoiliúint. Rinneadh roinnt dul chun cinn ag Leibhéal 1-3, a bhaineann leis an Teastas Sóisearach agus faoina bhun, mar gur laghdaigh céatadán an lucht saothair ag na leibhéil sin ó 27% i 2005 go 19% i 2011. Maidir le Leibhéal 4 agus Leibhéal 5, a bhaineann leis an meánscolaíocht uachtarach, tá an ráta céatadáin ag 40% go fóill, arb ionann é agus an leibhéal céanna i 2005.

Choimisiúnaigh an Roinn seo an EGFSN chun imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh aithint na réamhfhoghlama (RPL) chun cabhrú le comhlíonadh chuspóirí uasoiliúna na Straitéise Náisiúnta Scileanna. Foilsíodh an tuarascáil i mí Aibreáin 2011 agus tháinig sí ar an gconclúid go bhfuil cur chuige beartais náisiúnta comhordaithe ag teastáil, cé gur forbraíodh taithí shuntasach ar RPL in Éirinn.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le líon an rannpháirtithe, áiteanna a cuireadh ar fáil agus dámhachtainí a deonaíodh ag 2.1 de Thábla 2 thíos.

5.3 An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí

Rinne an Clár don Rialtas 2011 foráil do sheirbhís náisiúnta fostaíochta agus teidlíochtaí nua a bhunú. Is é an cuspóir an soláthar seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí íocaíochta sochair laistigh den Roinn Coimirce Sóisialaí, inter alia, chun tacú le cuardaitheoirí poist agus iad ar lorg fostaíochta. Tá ról tábhachtach le himirt ag uasoiliúint agus ag athoiliúint sa tacaíocht spriocdhírithe a thairgtear do chuardaitheoirí poist. Mar chuid dá chlár oibre gníomhachtaithe agus don chlár tionlacain um athchóiriú institiúideach, chinn an Rialtas gur cheart prótacail eatramhacha a chomhaontú idir Coistí Gairmoideachais agus oifigí áitiúla leasa, ar feitheamh bhunú an údaráis nua bhreisoideachais agus oiliúna, SOLAS, agus chur i bhfeidhm céimneach na seirbhíse náisiúnta fostaíochta agus teidlíochtaí, chun tarchur daoine dífhostaithe chuig cláir bhreisoideachais agus oiliúna atá maoinithe ag an Roinn seo agus atá curtha ar fáil ag Coistí Gairmoideachais a chumasú.

Tá meicníochtaí tarchuir ann cheana idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus FÁS agus, i mí na Nollag 2011, síníodh Meabhrán Tuisceana (MOU) idir an dá pháirtí. I mí na Nollag 2011, d'eisigh an Roinn Imlitir 76/2011 a bhaineann le cur chun feidhme na bprótacal tarchuir eatramhach idir oifigí leasa agus Coistí Gairmoideachais chun an tarchur níos éifeachtaí daoine dífhostaithe chuig cúrsaí breisoideachais a chumasú agus chun MOU FÁS-na Roinne Coimirce Sóisialaí a chomhlánú.

5.4 An Tionscnamh Jabanna

Ba é a bhí sa Tionscnamh Jabanna, a fógraíodh i mí na Bealtaine 2011, sonraí maidir le 20,000 áit oiliúna, oideachais agus taithí oibre sa bhreis do dhaoine dífhostaithe. Chuir FÁS 6,000 áit de na háiteanna breise seo le haghaidh Oiliúint Sainscileanna (SST). Díobh sin, bhí 5,000 áit i gcúrsaí gairide, tráthnóna agus cumaisc SST a sholáthraíonn FÁS laistigh d'acmhainní reatha. Cuireadh €3.5 milliún sa bhreis i maoiniú ar fáil le haghaidh 1,000 áit sa bhreis i gcúrsaí SST níos faide de chuid FÁS. Áirítear leis na cúrsaí ar fáil faoi Oiliúint Sainscileanna innealtóireacht, teicneolaíocht na faisnéise, oifig agus riaracháin, díolacháin, margaíocht, bainistíocht, foirgníocht, leictreonaic agus éadach. Tugann Oiliúint Sainscileanna an deis do chuardaitheoirí poist sainscileanna a ghnóthú a bhaineann le jabanna agus cáilíochtaí foirmiúla gairme chun athiontráil sa lucht saothair a éascú. Tá Mór-Dhámhachtainí FETAC ag leibhéal 4, leibhéal 5 agus leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus/nó teastasú aitheanta ag tionscal mar thoradh ar na cúrsaí.

I 2011, mar chuid den Tionscnamh Jabanna, leithdháileadh 3,000 áit sa bhreis de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) ar Choistí Gairmoideachais, rud a mhéadaigh líon na n-áiteanna ar fáil go 12,000 áit. B'ionann an caiteachas iomlán 2011 agus pas beag níos mó ná €20 milliún. Soláthraíonn an BTEI raon cúrsaí páirtaimseartha ar fud fhoireann iomlán na

gclár breisoideachais agus tá sé dírithe ar aosaigh nach bhfuil oideachas dara leibhéal uachtarach acu. Leithdháileadh 1,000 áit Iar-Ardteistiméireachta (PLC) ar sholáthraithe sa bhliain acadúil 2011/2012 faoin Tionscnamh Jabanna freisin, rud a mhéadaigh líon iomlán na n-áiteanna go 32,688 áit. Tá an clár PLC dírithe ar dhaoine a d'fhág scoil agus ar aosaigh atá ag iarraidh filleadh ar oideachas chun uasoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh d'fhonn an margadh saothair a iontráil nó a athiontráil.

Rinne Buiséad 2011 foráil d'fheidhmiú céimneach soláthair leithscartha le haghaidh Taistealaithe Fásta in Ionaid Oideachais do Thaistealaithe Fásta (STTCanna) faoi mhí an Mheithimh 2012. Rinneadh dul chun cinn ar chur chun feidhme an chinnidh seo i 2011. Is féidir le taistealaithe leanúint orthu an raon iomlán de chláir bhreisoideachais agus oiliúna lánaimseartha agus pháirtaimseartha a rochtain.

5.5 Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas

Oibríonn FÁS i gcomhar le 18 Soláthraí Sainoiliúna (STP) ar fud na tíre chun oiliúint a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Éilíonn an grúpa cliant seo tacaíocht níos déine ná atá ar fáil i soláthar oiliúna neamhspeisialtóra. Áirítear le gnéithe na sainoiliúna gairme seo fad breise oiliúna, trealamh oiriúnaithe, sainsocruithe iompair, ábhar feabhsaithe cláir agus cóimheas feabhsaithe oiliúnóir-foghlaimeoirí. Don tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2011, cuireadh próiseas tairisceana buiséid nua chun feidhme le Soláthraithe Sainoiliúna bunaithe ar bhaint amach na gcuspóirí agus na spriocanna comhaontaithe le haghaidh soláthar seirbhíse oiliúna do dhaoine faoi mhíchumas. I 2011, mhaoinigh FÁS 18 Soláthraí Sainoiliúna i 47 láthair, chun 2,110 áit foghlaimeora STP san iomlán a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Díobh sin, chuir an Líonra Náisiúnta Foghlama 1,804 áit ar fáil. Chríochnaigh 1,442 rannpháirtí san iomlán a gclár.

5.6 Printíseachtaí

I 2011, b'ionann líon iomlán na bprintíseach ar fud na gcéimeanna go léir d'oiliúint FÁS agus timpeall ar 13,000. Ba é 1,307 clárú líon na gcláruithe printísigh nua do 2011. B'ionann líon na bprintíseach iomarcach a chuir fostóirí in iúl do FÁS ag deireadh mhí na Nollag 2011 agus 4,673 printíseach ar fud na ngairmeacha go léir.

Leasaigh FÁS na Rialacha Printíseachta i 2009 chun cead a thabhairt do phrintísigh iomarcacha dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim as an jab eile dá bprintíseacht agus, i 2011, d'fhreastail 1,272 printíseach iomarcach ar FÁS agus ar na hInstitiúidí Teicneolaíochta faoi na rialuithe athbhreithnithe seo.

Tugadh Scéim Socrúchán na bPrintíseach Iomarcach athbhreithnithe isteach i mí Feabhra 2011 chun deiseanna a chur ar fáil do phrintísigh iomarcacha le hoiliúint ar an jab a chríochnú ag Céim 3, Céim 5 agus Céim 7. Socraíodh printísigh iomarcacha le fostóirí earnála poiblí agus earnála príobháidí i rith na bliana. Faoi dheireadh na bliana, bhain 2,359 printíseach iomarcach leas as an scéim.

Thug FÁS Meicníocht um Chinneadh Inniúlachta isteach i 2011 do phrintísigh iomarcacha. Is le haghaidh na bprintíseach ar éirigh leo Céim 1 – Céim 7 dá bprintíseacht a chríochnú ach a bhfuil easnamh ama acu atá an mheicníocht seo. Rinneadh í a thriail i rith 2011 le haghaidh cheird na Bríceadóireachta, na Cearpantóireachta agus na Siúinéireachta, an Leictreachais, na Plástrála agus na Pluiméireachta.

5.7 Skillnets

Is comhlacht stát-mhaoinithe fiontar-threoraithe é Skillnets a d'éascaigh oiliúint fiontair ón mbliain 1999. Is é cuspóir na hoiliúna seo cabhrú le cuideachtaí le go mbeidh siad iomaíoch go fóill agus a chinntiú go leanfaidh oibrithe orthu scileanna atá tionscal-shonrach a fhorbairt, go háirithe ar fud earnálacha éiritheacha. Cuireann oiliúint Skillnets soghluaisteacht oibrithe agus inaistritheacht scileanna chun cinn.

I 2010, chuir Skillnets gné oiliúna do dhaoine dífhostaithe san áireamh den chéad uair agus d'oil sé timpeall ar 4,800 duine dífhostaithe. I 2011, d'oil Skillnets breis agus 42,000 duine, a raibh 5,875 duine díobh dífhostaithe.

5.8 Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta na nAosach

Soláthraíonn an Roinn maoiniú bliantúil do na Coistí Gairmoideachais chun raon teagaisc litearthachta agus Bhéarla a chur ar fáil d'aosaigh. Cuirtear teagasc ar fáil go solúbtha i rith an lae agus san oíche do ghrúpaí nó duine le duine i socruithe traidisiúnta agus aitíopúla. Rinneadh cláir spriocdhírithe agus dhírithe a cheapadh agus a fhorbairt, lena n-áirítear Dian-Teagasc in Oideachas Bunata Aosach (ITABE) a sholáthraíonn teagasc litearthachta 6 huaire sa tseachtain do ghrúpaí beaga. Ghlac 2,000 duine páirt sa chlár i 2011. Tá cuid mhór clár litearthachta eile ann freisin, iad siúd do bhodhair, do chainteoirí Gaeilge, do dhaoine a bhfuil disléicse orthu, do Thaistealaithe etc. san áireamh. Bhunaigh na Coistí Gairmoideachais líonraí tarchuir le páirtithe leasmhara áitiúla agus le cláir forbartha foirne a eagraítear i gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus le hInstitiúidí Teicneolaíochta Phort Láirge.

Is é atá sa Chlár don Rialtas ceangaltais i ndáil le feabhsú na leibhéal litearthachta aosach in dhá phríomhréimse. Mar chuid de Bheartas Mhargadh an tSaothair dá chuid, déanfaidh an Rialtas scileanna litearthachta agus bunúsacha ionad oibre ina dtosaíocht náisiúnta, agus ionchorprófar oiliúint litearthachta i raon níos leithne clár breisoideachais agus oiliúna. Tabharfaidh an Rialtas aghaidh ar an bhfadhb fhorleathan agus dhianseasmhach a bhaineann le caighdeáin i litearthacht aosach trí chomhtháthú na litearthachta i ngairmoiliúint agus trí oideachas pobail faoina bheartas foghlama ar feadh an tsaoil.

Tá páirt á glacadh ag Éirinn sa Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Daoine Fásta (PIAAC) ina ndéantar suirbhé ar aosaigh idir 16 bliana d'aois agus 64 bliain d'aois, ina dteach féin ar raon scileanna a chlúdaíonn an spéis, an dearcadh agus an cumas atá ag aosaigh aonair chun rochtain, bainistiú, tuiscint, comhtháthú agus measúnacht a dhéanamh ar chineálacha éagsúla

faisnéise, ar faisnéis téacs agus uimhriúil í den chuid is mó, chomh maith leis an gcumas atá acu chun freagairt do dhaoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo i ré na faisnéise. Díreoidh sé ar na príomhscileanna cognaíocha agus ionad oibre atá de dhíth le haghaidh rannpháirteachas rathúil sa gheilleagar agus sa tsochaí den 21ú hAois. Tá freagracht ar an bPríomh-Oifig Staidrimh as an suirbhé a riar in Éirinn agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar na torthaí i 2013. Cuireadh tús leis an bpróiseas um agallamh a chur ar aosaigh ina mbailte i mí Lúnasa 2011 agus beidh sé le rith go dtí mí an Mhárta 2012. Tá sé beartaithe agallamh a chur ar níos mó ná 5,000 aosach ar feadh an tsuirbhé.

Tá méadú bliantúil tagtha ar líon na rannpháirtithe ag baint leasa as teagasc trí chláir litearthachta aosach ó 5,000 rannpháirtí i 1997 go dtí níos mó ná 56,000 rannpháirtí i 2011. Sa tréimhse 2000-2010, bhí thart ar 450,000 rannpháirtí, breis agus 90,000 rannpháirtí ESOL san áireamh. I 2011, cuireadh maoiniú €30 milliún ar fáil don tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh. I 2011, chuir an Roinn tús le hullmhú na dtreoirlínte nua oibriúcháin le haghaidh soláthar litearthachta aosach agus oideachais phobail a leagfaidh béim ar an tábhacht a bhaineann le litearthacht a chomhtháthú i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna.

Tá roinnt moltaí sa Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú a foilsíodh i 2011 maidir le litearthacht aosach, go sonrach maidir le cur chun cinn thábhacht na litearthachta teaghlaigh.

5.9 An Ciste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair (LMAF)

Tugadh an Ciste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair (LMAF) isteach i 2010 agus rith sé isteach i 2011. Bhí a fhócas ar thacaíocht do bhearta nuálacha, margadh-threoraithe a bhfuil sé mar aidhm acu feabhas a chur ar infhostaitheacht na ndaoine dífhostaithe trí 'bhealaí dul chun cinn' agus bhearta uasoiliúna agus athoiliúna a chur ar fáil, rudaí a mhéadaíonn caipiteal daonna trí fheabhas a chur ar leibhéil oideachais agus scileanna ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus le riachtanais an Gheilleagair Chliste. Infheistíodh thart ar €30 milliún sa Chiste, ag tacú le 55 tionscadal arna dtreorú ag 42 soláthraí agus ag cur thart ar 12,500 áit oideachais agus oiliúna ar fáil do dhaoine dífhostaithe. Ghnóthaigh daoine aonair dífhostaithe a ghlac páirt in oiliúint faoi LMAF roinnt cáilíochtaí éagsúla ailínithe leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus cuireadh bealach isteach i bhfostaíocht nó i mbreisoideachas agus oiliúint ar fáil dóibh. Ba chláir nuálacha ábhartha iad na cláir faoi LMAF a bhí dírithe ar infhostaitheacht na ndaoine aonair a ghlac páirt sna cláir a fheabhsú.

Tar éis rath LMAF i 2010/2011, faomhadh ciste nua do 2012 darb ainm Ciste Oideachais agus Oiliúna an Mhargaidh Shaothair (LMETF) agus dearadh é seo i gcomhthéacs na moltaí a tháinig as measúnacht LMAF.

I 2011, rinne Forfás, ar bord comhairleach beartais na hÉireann é le haghaidh fiontraíochta, trádála, eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta, dul chun cinn freisin ar an dréachtú treoirlínte i gcomhair soláthar breisoideachais a ailíniú le riachtanais scileanna fiontraíochta, a d'fholaigh athbhreithniú ar staitisticí breisoideachais.

5.10 Tábla na gClár Breisoideachais

Cláir Bhreisoideachais	
Lánaimseartha (Áiteanna)	
PLC	32,688
VTOS	5,000
Youthreach	3,692
STTC	684
Iomlán	**42,064**
Páirtaimseartha (Rannpháirtithe)	
BTEI	32,030
Litearthacht Aosach	56,391
Oideachas Pobail	57,939
Iomlán	**146,360**
Cláir Oiliúna (FÁS) (líon daoine a chríochnaigh i 2011)	
Printíseacht	7,618
Oiliúint Scileanna	16,902
Bonnscileanna	9,002
Oiliúint Urraithe	1,869
Socrúchán Printíseach Iomarcach	1,678
Ilghnéitheach	700
Cúrsaí Tráthnóna	29,384
Iomlán	**67,153**
Cláir Oiliúna (Eile)	
LMAF (2010/2011)	**12,629**
Skillnets	**40,000**

5.11 Bunú Fóraim Rannpháirtíochta Fiontair

I 2011, bhunaigh an Roinn Fóram Rannpháirtíochta Fiontair freisin chun deis le haghaidh rannpháirtíocht straitéiseach le comhpháirtithe fiontair a chur ar fáil. Déanann Ard-Rúnaí na Roinne cathaoirleacht ar an bhFóram agus déanann sé foráil do rannpháirtíocht le fiontar ar gach gné de théarmaí tagartha na Roinne.

5.12 Tábla 2 – Roinnt aschur a baineadh amach faoi Sprioc 2 i 2011

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
2.1	• **Tacú le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna.**	**Aschur i 2011** • Thit an céatadán sa lucht saothair ag Leibhéal 1-3 ó 27% go 19% i 2011 • Chuir an Earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna breis agus 360,000 áit ar fáil ar chúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha, lena n-áirítear níos mó ná 165,000 áit trí FÁS, 12,500 áit tríd an gCiste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair, 4,800 áit trí Skillnets agus 182,000 áit trí na Coistí Gairmoideachais. • Cuireadh 20,000 áit oiliúna, oideachais agus taithí oibre sa bhreis ar fáil le haghaidh daoine dífhostaithe faoin Tionscnamh Jabanna a fógraíodh i mí na

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
		Bealtaine 2011. • Soláthraíodh breis agus 180,000 dámhachtain FETAC i 2011, arb ionann é agus méadú 2.3% ó 2010. Tá miondealú ar na dámhachtainí ar fáil ag www.fetac.ie/fetac/providers/statistics/2011stats.htm (Féach freisin 3.3 de Thábla 3 - Sprioc 3)
2.2	• **SOLAS, an t-údarás nua breisoideachais agus oiliúna, a bhunú chun cláir bhreisoideachais agus oiliúna a athchóiriú, a chomhordú agus a mhaoiniú go náisiúnta.**	**Aschur i 2011** • Seoladh SOLAS i mí Iúil 2011 • Bunaíodh Grúpa Cur Chun Feidhme SOLAS i mí Lúnasa 2011 • Thuairiscigh an Grúpa don Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach i mí na Samhna 2011 • Ullmhaíodh reachtaíocht agus rinneadh próiseas comhairliúcháin phoiblí • Tosaíodh dréachtú Plean Gníomhaíochta a bhaineann le misean, struchtúr, soláthar foirne agus maoiniú SOLAS
2.4	• **Naisc fhoirmiúla a bhunú idir an NEES agus SOLAS agus Coistí Gairmoideachais leis an tarchur iomchuí daoine dífhostaithe a chinntiú.**	**Aschur i 2011** • Tá meicníochtaí tarchuir ann cheana idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus FÁS agus síníodh Meabhrán Tuisceana (MOU) idir an dá chomhlacht • I mí na Nollag 2011, d'eisigh an Roinn Imlitir 76/2011 ar chur chun feidhme na bprótacal eatramhach tarchuir idir oifigí leasa agus Coistí Gairmoideachais chun an tarchur níos éifeachtaí daoine dífhostaithe chuig cúrsaí breisoideachais agus chun MOU FÁS-na Roinne Coimirce Sóisialaí a chumasú.
2.5	• **An soláthar deiseanna oiliúna agus oideachais atá ar chaighdeán ard, dírithe ar fhoghlaimeoirí, ábhartha agus solúbtha a chinntiú chun ligean do dhaoine, go háirithe cuardaitheoirí poist agus daoine faoi mhíchumas uasoiliúint agus athoiliúint a dhéanamh.**	**Aschur i 2011** • Bhí sonraí maidir le 20,000 áit oiliúna, oideachais agus taithí oibre sa bhreis do dhaoine dífhostaithe sa Tionscnamh Jabanna a fógraíodh i mí na Bealtaine 2011 • Chuir FÁS 6,000 áit de na háiteanna sin ar fáil le haghaidh Oiliúint Sainscileanna (SST) • Cuireadh €3.5 milliún sa bhreis i maoiniú ar fáil le haghaidh 1,000 áit sa bhreis i gcúrsaí SST níos faide de chuid FÁS • Leithdháileadh 3,000 áit sa bhreis de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas ar Choistí Gairmoideachais faoin Tionscnamh Jabanna • Leithdháileadh 1,000 áit Iar-Ardteistiméireachta sa bhreis ar sholáthraithe don bhliain acadúil 2011/12 faoin Tionscnamh Jabanna • I 2011, ghlac thart ar 300,000 duine, lena n-áirítear líonta suntasacha daoine dífhostaithe, páirt i ndeiseanna FET arna gcur ar fáil ag FÁS, ag na Coistí Gairmoideachais, ag Skillnets agus ag an gCiste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair • Mhaoinigh FÁS 18 Soláthraí Sainoiliúna (STP) i 2011, ag soláthar breis agus 2,000 áit foghlaimeora do dhaoine faoi mhíchumas • Bhí pas beag níos mó ná 13,000 printíseach ar fud na gcéimeanna go léir d'oiliúint FÁS i 2011 • Ba é 1,300 an figiúr do phrintísigh nua • Cuireadh ar chumas níos mó ná 1,200 printíseach iomarcach dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim as an jab eile dá bprintíseacht faoi Rialacha Printíseachta athbhreithnithe a tugadh isteach i 2008

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
		• Tugadh Scéim Socrúchán na bPrintíseach Iomarcach athbhreithnithe isteach i mí Feabhra 2011, ag tabhairt na deise do 2,359 printíseach iomarcach leas a bhaint as an scéim • Infheistíodh thart ar €30 milliún i LMAF, rud a chuir níos mó ná 12,500 áit oideachais agus oiliúna ar fáil do dhaoine dífhostaithe • D'oil Skillnets níos mó ná 40,000 duine aonair dífhostaithe agus fostaithe i 2011 • D'infheistigh an Roinn breis agus €740 milliún san Earnáil Bhreisoideachais.
2.6	• **Oibriú le soláthraithe chun oiliúint litearthachta a ionchorprú i raon leathan de chláir bhreisoideachais agus oiliúna.**	**Aschur i 2011** • I 2011, chuir an Roinn tús leis an ullmhú treoirlínte oibriúcháin nua do sholáthar litearthachta aosach agus oideachais phobail a aibhsíonn an tábhacht a bhaineann le litearthacht a chomhtháthú i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna. • Tá roinnt moltaí maidir le litearthacht aosach sa Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú • Cuireadh tús leis an bpróiseas um agallamh a chur ar aosaigh ina dteach faoin PIACC i mí Lúnasa 2011 • Mhéadaigh líon na rannpháirtithe i dteagasc litearthachta aosach ó 5,000 duine i 1997 go dtí níos mó ná 56,000 duine i 2011 • Sa tréimhse 2000-2010, bhí thart ar 450,000 rannpháirtí ann, lena n-áirítear 90,000 rannpháirtí ESOL • I 2011, cuireadh timpeall ar €30 milliún de mhaoiniú ar fáil don tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh.
2.7	• **Measúnachtaí a dhéanamh ar chláir bhreisoideachais agus oiliúna d'fhonn an éifeachtúlacht is mó agus éifeachtacht an tsoláthair a áirithiú.**	**Aschur i 2011** • Rinne Forfás dul chun cinn ar an dréachtú Treoirlínte le haghaidh soláthar breisoideachais a ailíniú le riachtanais scileanna fiontair, rud a chuimsigh athbhreithniú ar staitisticí breisoideachais • Dearadh cláir oideachais agus oiliúna LMAF chun feabhas a chur ar infhostaitheacht na rannpháirtithe • Cuireadh Measúnacht ar LMAF i gcrích i 2011. • Tar éis rath LMAF i 2010/2011, ceadaíodh ciste nua do 2012 darb ainm an Ciste um Oideachas agus Oiliúint an Mhargaidh Shaothair (LMETF)
2.8	• **Oibriú le soláthraithe chun próiseas láidir um dhearbhú cáilíochta a chur chun feidhme**	**Aschur i 2011** • I gcomhairle le FETAC, thug FÁS athruithe suntasacha isteach ar na próisis a bhaineann le próiseáil agus le faomhadh na dTorthaí Measúnachta. Bhain na hathruithe den chuid is mó le deimhniú inmheánach na dtorthaí agus le próisis sheachtracha fíordheimhnithe • I 2011, d'fhorbair Coistí Gairmoideachais raon dámhachtainí nua ag Leibhéal 1-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar aon dul le tabhairt isteach an Chomhchórais Dámhachtainí

Sprioc 3 – Deiseanna ardchaighdeáin foghlama, taighde agus nuálaíochta a chur ar fáil san earnáil ardoideachais

Tá ról tábhachtach ag Ardoideachas i dtacú le deis phearsanta agus le forbairt shóisialta, shibhialta agus chultúrtha. Tá sé aitheanta freisin mar ghné atá ag éirí níos tábhachtaí dár mbonneagar náisiúnta chun tacú le forbairt fiontair, le nuálaíocht agus le fás geilleagrach. Laistigh den chomhthéacs sin, maidir le tacú le teagasc agus foghlaim, taighde agus nuálaíocht ardchaighdeáin in ardoideachas agus le feabhas a chur ar chumas na hearnála freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí atá ag athrú, tá an geilleagar agus an tsochaí mar thosaíocht don Roinn. Is é is aidhm don Roinn rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, trí dheiseanna solúbtha foghlama a chur ar fáil. Is iad ár gcuspóirí fadtéarmacha leibhéil an ghnóthaithe iomláin oideachais sa lucht saothair a mhéadú agus rannpháirtíocht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht in ardoideachas a mhéadú.

6.1 An Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas

Seoladh an Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go 2030 i 2011 a bhfuil an cuspóir foriomlán aici cur chuige níos cuimsithí agus níos comhordaithe a thabhairt d'fhorbairt na hearnála ardoideachais. Tá ceithre phríomhshraith leis an Straitéis, eadhon; feabhas i dteagasc, i bhfoghlaim, i dtaighde agus i rannpháirtíocht; forbairt córais; inbhuanaitheacht agus maoiniú agus rialachas (HR/IR). Tá ról tábhachtach ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) i gcur chun feidhme na Straitéise, rud a éileoidh rannpháirteachas QQAAI go pointe mór freisin. Bunaíodh Grúpa um Dheimhniú Forfheidhmíochta, a ndéanann an tArd-Rúnaí cathaoirleacht air, go luath i 2011 agus foilsíodh Plean Cur Chun Feidhme le freagrachtaí sannta agus amscálaí comhaontaithe ar láithreán Gréasáin na Roinne.

Chuir na comhpháirtithe go léir tús le hobair chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí na Straitéise. I 2011, scrúdaíodh athstruchtúrú córais trí choimisiúnú agus chur isteach tuarascála ar na critéir um ainmniú na n-institiúidí teicneolaíochta mar Ollscoileanna Teicneolaíochta chuig an Údarás um Ard-Oideachas le haghaidh tuilleadh breithnithe agus comhairle. Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas an chéad chéim de staidéar inbhuanaitheachta a chur i gcrích agus a fhoilsiú i 2011. Tháinig an staidéar as torthaí na Straitéise nach mór dúinn ailíniú níos fearr a dhéanamh de na cuspóirí a bhaineann le córas ardoideachais ardchaighdeáin a fhéadann an t-éileamh suntasach ar ardoideachas isteach sa todhchaí a bhfuiltear ag súil leis a éascú. Tá athchóirithe deontas mac léinn ar siúl le foilsiú an Achta um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 agus le comhdhlúthú na scéimeanna deontais isteach i scéim amháin. Reáchtáladh comh-chomhdháil NCCA-HEA i mí Mheán Fómhair 2011 chun plé a dhéanamh ar mholtaí athchóirithe le haghaidh trasdula ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal. Rinneadh tuarascáil na comhdhála, i dteannta a cuid moltaí, a chur chuig an Aire agus a fhoilsiú i mí na Nollag 2011.

6.2 Tacú le Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna – Ard-Oideachas

Tá freagracht ag rannóg an Ardoideachais – Cothromas Rochtana sa Roinn as treorú a dhéanamh ar fhorbairt an bheartais náisiúnta um chothromas rochtana ar ardoideachas do gach mac léinn, ach go háirithe i measc na ngrúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht san earnáil faoi láthair. Tacaíonn an rannóg le raon beart a éascaíonn leibhéil níos mó rannpháirtíochta na mac léinn faoi mhíbhuntáiste, na mac léinn aibí agus na mac léinn faoi mhíchumas. Cuirtear an tacaíocht phríomha ó thaobh airgeadais de ar fáil faoin scéim deontas mac léinn, a chuireann cúnamh airgeadais de réir tástála acmhainne ar fáil do mhic léinn i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Tá an scéim á riar ag na húdaráis áitiúla agus ag Coistí Gairmoideachais i 2011. Áirítear le tacaíochtaí rochtana spriocdhírithe eile an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Cuireann an rannóg roinnt deiseanna scoláireachta tríú leibhéal ar fáil freisin, lena n-áirítear scoláireachtaí atá dírithe ar mhic léinn faoi mhíchumas.

6.3 Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas a Chur Chun Cinn

Tá freagracht ag rannóg an Ardoideachais – Cothromas Rochtana sa Roinn as treorú a dhéanamh ar fhorbairt an bheartais náisiúnta um chothromas rochtana ar ardoideachas do gach mac léinn, ach go háirithe i measc na ngrúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht san earnáil faoi láthair. Tacaíonn an rannóg le raon beart a éascaíonn leibhéil níos mó rannpháirtíochta na mac léinn faoi mhíbhuntáiste, na mac léinn aibí agus na mac léinn faoi mhíchumas. Cuirtear an tacaíocht phríomha ó thaobh airgeadais de ar fáil faoin scéim deontas mac léinn, a chuireann cúnamh airgeadais de réir tástála acmhainne ar fáil do mhic léinn i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Tá an scéim á riar ag na húdaráis áitiúla agus ag Coistí Gairmoideachais. Áirítear le tacaíochtaí rochtana spriocdhírithe eile an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Cuireann an rannóg roinnt deiseanna scoláireachta tríú leibhéal ar fáil freisin, lena n-áirítear scoláireachtaí atá dírithe ar mhic léinn faoi mhíchumas.

6.4 Athchóiriú an Chórais Deontas Mac Léinn

Déantar foráil san Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, a síníodh isteach sa dlí agus a foilsíodh i 2011, d'athchóiriú bunúsach an chórais deontas mac léinn. Déantar foráil ann, *inter alia*, do chruthú na scéime aonair aontaithe deontas, trí bhíthin rialála, chun dul in ionad na gceithre scéim deontas atá ann cheana, don aistriú freagrachta as deontais mhac léinn chuig údarás bronnta deontas aonair agus as an mbunú boird achomhairc neamhspleách.

Sa chéad chéim mhór leis an gcóras deontas mac léinn a ollchóiriú, tháinig scéim aonair aontaithe isteach in ionad na gceithre scéim atá ann cheana le héifeacht ón mbliain acadúil 2011/12. De bhreis air sin, cuireadh áis nua iarratas deontas mac léinn ar líne a chuaigh beo i mí Mheán Fómhair 2010 i bhfeidhm maidir le 24 comhlacht bronnta deontas sa bhreis i 2011, rud a chiallaigh go raibh 35 comhlacht san iomlán ag úsáid an chórais i 2011.

I mí Eanáir 2011, d'iarr an Roinn léirithe spéise ó na Coistí Gairmoideachais, ó údaráis áitiúla agus ó chomhlachtaí poiblí eile, maidir leis an spéis atá acu i bhfreagracht a ghlacadh as bronnadh agus íoc láraithe na ndeontas mac léinn. Fuarthas deich dtogra. Rinne iad siúd a

gearrliostáladh tograí mionsonraithe a chur i láthair chuig painéal roghnúcháin neamhspleách. Ghlac an tAire le moladh an phainéil roghnúcháin gur cheart Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC) a roghnú mar údarás aonair bronnta faoi réir plean cur chun feidhme comhaontaithe a fhorbairt. Fuarthas faomhadh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh an togra fhoriomláin chun gníomhaireacht aonair a bhunú laistigh de CDVEC ar a dtabharfaí Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éireann (SUSI) i gcomhair phróiseáil agus íocaíocht na ndeontas mac léinn i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar phleanáil agus ar fhorbairt SUSI i 2011.

Glacfaidh SUSI le gach iarratas nua ón mbliain acadúil 2012/13 trí chóras iarratas ar líne aonair. Leanfaidh na comhlachtaí bronnta deontas atá ann cheana orthu plé le hathnuachan na ndeontas atá ann cheana ar bhonn tabhairt chun críche sna trí bliana nó sna ceithre bliana atá le teacht.

6.5 Bunú an Bhoird Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn

Bunaíodh an Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 agus tá sé neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna. Tugann a bhunú an deis do mhic léinn a rinne iarratas ar dheontas faoin scéim deontas mac léinn 2011/12 agus faoi scéimeanna ina dhiaidh sin go gcinnfidh an Bord aon achomhairc. Is é atá sa Bhord ná Cathaoirleach agus seisear gnáthbhall a ceapadh ina gcáileanna aonair bunaithe ar a n-eolas agus ar a saineolas.

6.6 Leathnú na híocaíochta deontas mac léinn ag EFT

I 2009, d'oibrigh an Roinn go dlúth le roinnt údaráis áitiúla agus Coistí Gairmoideachais chun dul chun cinn a dhéanamh ar an íocaíocht bheartaithe deontas mac léinn trí ríomhaistriú airgid (EFT) go díreach i gcuntas bainc an mhic léinn. Rinne an Roinn athbhreithniú ar an gcéim tosaigh tástála i 2010. Bhí an fhreagairt don chóras EFT ó chomhlachtaí bronnta deontas rannpháirteacha agus ó institiúidí rannpháirteacha dearfach d'aontoil, rud a chumasaigh leathnú an chórais íocaíochta seo chuig tuilleadh comhlachtaí bronnta deontas agus institiúidí i 2010 agus i 2011. Aistríodh trí údarás bronnta deontas bhreise go dtí EFT sa bhliain acadúil 2011/2012.

6.7 Caiteachas ar Thacaíocht do Mhic Léinn

I 2011, b'ionann an t-uasráta caighdeánach deontais chothabhála agus €3,120. Fuair mic léinn a cháiligh don ráta speisialta deontais uasmhéid de €6,100 i 2011. B'ionann an caiteachas iomlán ar dheontais mhac léinn i 2011 agus thart ar €335m do 71,532 mac léinn, i gcomparáid le caiteachas de thart ar €362m i 2010 do 69,846 mac léinn. Faomhadh leithdháileadh iomlán €13.7m le haghaidh tacaíochta do mhic léinn faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas i 2010/2011. Tá sé seo i gcomparáid le thart ar €12.1m sa bhliain acadúil 2009/10. Bhain 6,097 mac léinn leas as an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas i 2010/11, i gcomparáid le 4,964 mac léinn sa bhliain acadúil 2009/10. Faomhadh leithdháileadh comhlán de €9m le haghaidh an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn i 2011/12. Bhain 8,301 mac léinn leas as an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn i 2010/11. Sa bhliain acadúil 2010/11, bhain 279 mac léinn leas as scéimeanna scoláireachta na Roinne agus caitheadh thart ar €2.25m san iomlán i 2011.

Is mar seo a leanas atá caiteachas i 2010/11 ar Thacaíochtaí do Mhic Léinn:

Scéimeanna	Líon na dtairbhithe	Caiteachas sa Bhliain Airgeadais 2011
Scéimeanna Deontas Mac Léinn	71,532	€355m
Beart Rochtana Tríú Leibhéal (Buiséad Riaracháin NAO san áireamh)	14,398	€16m
Scoláireachtaí	279	€2.25m

6.8 Taighde agus Airgeadas

Tá freagracht ar an Rannóg Ardoideachais – Taighde agus Airgeadas sa Roinn as beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar aon leis na leithdháiltí buiséadacha a cheapadh agus a athbhreithniú le haghaidh an tsoláthair bhreisoideachais agus thaighde in institiúidí faofa sa Stát. Is é atá i gceist anseo bainistíocht airgeadais agus tuairisciú faoin gcreat maoinithe a chomhcheanglaíonn samhail mhaoinithe deontas córais leis na scéimeanna um Tháillí in Aisce; an soláthar maoinithe don Údarás um Ard-Oideachas (HEA) i gcomhair leithdháileadh díreach ar institiúidí; teagmháil leis an HEA, a dhéileálann le hInstitiúidí Ardoideachais (HEInna) ar bhonn laethúil agus an soláthar maoinithe dhírigh do HEInna nach bhfuil ainmnithe ag an HEA. Tá an Rannóg freagrach freisin as athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar chórais láidre faireacháin agus mheasúnachta chun freagracht a chur chun cinn laistigh de na hinstitiúidí, lena n-áirítear comhlíonadh riachtanais chóid rialachais. Tá sí rannpháirteach freisin san athbhreithniú leanúnach ar an tionchar atá ag athruithe ar reachtaíocht, bíodh sí ina reachtaíocht Éireannach nó ina reachtaíocht de chuid an AE, ar na scéimeanna um tháillí in aisce agus san athbhreithniú leanúnach ar chláir thaighde sna hollscoileanna agus sna hinstitiúidí teicneolaíochta lena n-éifeachtacht a aimsiú. Soláthraítear tacaíocht freisin i ndáil le cur chun feidhme na Straitéise um Eolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI) agus le haghaidh comhoibrithe, nuálaíochta agus athraithe ar fud HEInna trí chláir ar nós an Chiste Straitéisigh Nuálaíochta (SIF).

I rith 2011, thacaigh an Roinn le cuspóirí an SSTI a bhaineann le taighde den chéad scoth a fhorbairt in institiúidí ardoideachais. Cuimsíonn sé seo líon na gcéimithe PhD a mhéadú agus tacú le struchtúir agus le beartais idir-rannacha SST chun tacú le forbairt an oideachais cheathrú leibhéal.

B'ionann an soláthar athfhillteach do na hollscoileanna agus do na hinstitiúidí teicneolaíochta agus €1.177 billiún i 2011. Áirítear le maoiniú athfhillteach don earnáil tríú leibhéal deontas in ionad an chostais ar tháillí teagaisc arbh ionann é agus thart ar €416 milliún sa bhliain acadúil 2010/11 a chlúdaigh 124,474 mac léinn fochéime. B'ionann caiteachas athfhillteach faoin SIF agus thart ar €14 milliún. Rinne na comhairlí taighde 234 dámhachtain nua PhD agus 95 dámhachtain Iardhochtúireachta san iomlán i 2011. B'ionann caiteachas athfhillteach faoi Thaighde agus Forbairt agus €38.5 milliún i 2011.

6.9 Oideachas in Éirinn a Chur Chun Cinn ar Bhonn Idirnáisiúnta

I rith 2011, lean an Roinn uirthi an creat beartais agus comhordaithe do chur chun cinn an oideachais in Éirinn a chur ar fáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar chur chun feidhme

Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2010-2015, lena n-áirítear seoladh agus cur i bhfeidhm an tionscnaimh náisiúnta nua bhranda agus mhargaíochta *Oideachas in Éirinn* i bpríomh-mhargaí, tionscnamh a chuimsíonn ardoideachas agus an earnáil Bhéarla. Chomh maith leis sin, ainmníodh margaí tosaíochta ardfháis i Meiriceá Thuaidh, i Meiriceá Laidineach, san Áise agus sa Mhurascaill, agus cuireadh tionscnaimh mhargadh-shonracha i bhfeidhm. Malartaíodh cuairteanna ardleibhéil chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht idir-rialtasach le roinnt de na tíortha tosaíochta. Chuir an Roinn tacaíocht ar fáil le haghaidh na hóstála mórchomhdhálacha oideachais idirnáisiúnta in Éirinn, lena n-áirítear Líonra Seomra Ranga na hÁise is na hEorpa 2011 agus comhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Meastóireacht Éachtaí Oideachais 2011.

Déanann Fiontraíocht Éireann suirbhé bliantúil chun líon na mac léinn idirnáisiúnta cláraithe i 48 institiúid ardoideachais phoiblí agus phríobháideach a aimsiú. Áirítear leo siúd mic léinn lánaimseartha, pháirtaimseartha agus mhalairte atá cláraithe in institiúidí Éireannacha ach atá ag déanamh staidéir thar lear (e.g. ar champais bhrainse, ar chláir chomhchéime etc.). Tuairiscíonn Fiontraíocht Éireann gurb é 32,000 mac léinn líon na mac léinn sin i 2011. Díobh sin, bhí 7,000 mac léinn easchósta nó ag déanamh staidéir trí chianoideachas.

Déanann Fiontraíocht Éireann suirbhé bliantúil chun líon na mac léinn idirnáisiúnta cláraithe i 48 institiúid ardoideachais phoiblí agus phríobháideach a aimsiú. Áirítear leo siúd mic léinn lánaimseartha, pháirtaimseartha agus mhalairte atá cláraithe in institiúidí Éireannacha ach atá ag déanamh staidéir thar lear (e.g. ar champais bhrainse, ar chláir chomhchéime etc.). Tuairiscíonn Fiontraíocht Éireann gurb é 32,000 mac léinn líon na mac léinn sin i 2011, arb ionann é agus méadú de níos mó ná 2,500 mac léinn ó na figiúirí a tuairiscíodh i 2010.

6.9.1 An Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013

Ar aon dul lena ról i dtacú le agus i gcur le gníomhartha na mBallstát i réimse an oideachais agus na hoiliúna, ghlac an Coimisiún Eorpach le raon clár a thacaíonn le soghluaisteacht trasteorann, le líonrú agus le comhroinnt dea-chleachtais. Chomhtháthaigh an Coimisiún Eorpach a chuid tionscnamh éagsúil oideachais agus oiliúna faoi bhrat amháin: An Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil (LLP) 2007-2014. Le buiséad de bheagnach €7 billiún do 2007 go dtí 2013, cuireann an clár seo ar chumas daoine aonair ag gach céim dá saol gabháil do dheiseanna foghlama ar fud na hEorpa. Tá ceithre fhochlár ann: Erasmus, Comenius, Leonardo DaVinci agus Grundtig, chomh maith le cláir thrasnaí a chlúdaíonn téamaí idir-earnálacha ar nós TFC agus teangacha. Tá maoiniú a chuirtear ar fáil faoin gClár á riar ag na gníomhaireachtaí náisiúnta sna ballstáit. In Éirinn, is iad Léargas agus an tÚdarás um Ard-Oideachas na gníomhaireachtaí riartha. Déanann an Roinn seo agus an Roinn Sláinte agus Leanaí maoirseacht ar riar an chláir ag na gníomhaireachtaí.

Idir 2007 agus 2013, gheobhaidh Éire breis agus €80 milliún ón gClár Foghlama ar Feadh an tSaoil, rud a thabharfaidh an deis do thart ar 18,500 mac léinn Éireannach tríú leibhéal agus foireann léachtóireachta páirt a ghlacadh i malairtí oideachais Erasmus. Soláthróidh an maoiniú seo de chuid an AE an deis do thart ar 2,500 oiliúnaí Éireannach leas a bhaint as socrúcháin oibre

Eorpacha, do thart ar 800 oibrí uasoiliúint a dhéanamh le linn socrúchán i gcuideachtaí Eorpacha, do thart ar 500 gairmí gairmoideachais agus oiliúna dea-chleachtas a mhalartú agus do thimpeall ar 550 scoil agus 150 eagraíocht oideachais aosach páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí éagsúla Eorpacha. De bhreis air sin, glacfaidh thart ar 300 teagascóir aosach páirt i gClár Grundtvig, agus tabharfar an deis do níos mó ná 1,100 múinteoir agus múinteoir todhchaíoch a bheith páirteach i gclár Comenius. B'ionann an maoiniú iomlán a leithdháileadh ar Éirinn faoin gClár i 2011 agus beagnach €12m.

I rith 2011, shocraigh an Rannóg Idirnáisiúnta den Roinn seo, i gcomhréir le riachtanais an AE, go ndéanfaí athbhreithniú meántéarma ar oibriúchán an LLP agus go gcuirfí chuig an gCoimisiún Eorpach é. Leagtar an caiteachas ar thionscnaimh oideachais idirnáisiúnta amach sa tábla thíos.

Caiteachas ar Thionscnaimh Oideachais Idirnáisiúnta i 2011	
Clár	**Caiteachas i 2011**
Erasmus	€5,484,000
Comenius	€1,818,000
Leonardo	€3,497,000
Grundtvig	€551,000
Cuairteanna Staidéir	€60,000
Costais Oibriúcháin do na gníomhaireachtaí náisiúnta	€748,000

6.9.2 Rannpháirtíocht na Roinne i gCruinnithe agus i dTionscnaimh Idirnáisiúnta

Tagann Airí Oideachais an AE le chéile ag an gComhairle Oideachais sa Bhruiséil trí huaire sa bhliain chun beartais um chomhoibriú a phlé agus a chomhaontú. Déanann an Coiste Oideachas an t-ullmhúchán don Chomhairle Oideachais, coiste a bhfreastalaíonn foireann ón Rannóg Idirnáisiúnta sa Roinn air. Is é an Coiste Oideachais, a tháinig le chéile 11 uair i 2011, an príomhfhóram ina bhféadann Éire tionchar a imirt ar an dréachtú doiciméad comhaontaithe chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta.

I 2011, lean Airí Oideachais ar aghaidh lena gcuid iarrachtaí chun cur le baint amach chuspóirí agus spriocanna na *Straitéise 'Eoraip 2020'*. Ag an gComhairle i mí Feabhra, ghlac Airí Oideachais le Conclúidí na Comhairle ar ról an oideachais agus na hoiliúna i gcur chun feidhme na Straitéise *'Eoraip 2020'*. Iarrann na Conclúidí sin fócas leantach ar oideachas agus ar oiliúint a chinntiú mar chuid lárnach den phróiseas iomlán *'Eoraip 2020'* agus iarrann siad iarrachtaí méadaithe le haghaidh na bpríomhspriocanna *'Eoraip 2020'* in oideachas a bhaint amach. I mí na Bealtaine, tháinig Airí Oideachas ar Chomhaontú Polaitíochta ar Mholadh na Comhairle maidir le beartais chun fágáil luath scoile a laghdú. Leagtar amach sa Mholadh seo creat a mholtar do Bhallstáit a úsáid agus iad ag ceapadh beartas chun céatadán na luathfhágálaithe scoile a laghdú go níos lú ná 10% de gach duine idir 18 mbliana d'aois agus 24 bliain d'aois, i gcomhréir leis an bpríomhsprioc *'Eoraip 2020'*. Is é 8% sprioc 2020 de chuid na hÉireann.

I mí na Bealtaine 2011, tháinig Airí Oideachais ar Chomhaontú Polaitíochta faoi Mholadh na Comhairle a dhéanann soghluaisteacht foghlama na ndaoine óga dar teideal An Óige ag Bogadh a chur chun cinn. Iarrann an Moladh spreagadh a thabhairt do Bhallstáit cur chun cinn a

dhéanamh ar shoghluaisteacht foghlama na ndaoine óga agus, nuair is féidir, constaicí atá ag cur bac ar dhul chun cinn sa réimse seo a bhaint. Bhí oideachas agus cúram luath-óige ina fhócas i rith 2011 freisin, agus ghlac Airí le tacar Conclúidí ar an topaic seo.

I mí na Samhna, faoi mhaoirseacht na hUachtaránachta Polannaí, ghlac Airí Oideachais le Réiteach na Comhairle ar chlár oibre Eorpach athnuaite um fhoghlaim aosach. Ba cheart an Clár Oibre um Fhoghlaim Aosach nua, a dhíríonn i dtosach ar an tréimhse 2012-2014, a bhreathnú i gcomhthéacs físe níos fadtéarmaí le haghaidh foghlaim aosach. Sa tréimhse go dtí 2020, is é is aidhm dó iomrá na hearnála i gcoitinne a ardú agus cur ar chumas aosach, go háirithe na hoibrithe ísealoilte agus níos sine, feabhas a chur ar a gcumas oiriúnú d'athruithe ar an margadh saothair agus ar an tsochaí. Ghlac Airí freisin le Conclúidí ar inniúlachtaí teanga agus le tagarmharc ar shoghluaisteacht foghlama.

Ghlac Airí Oideachais le Conclúidí na Comhairle ar nua-aoisiú an ardoideachais i mí na Samhna freisin. Bhí na Conclúidí seo mar fhreagairt do Chumarsáid ón gCoimisiún ar nua-aoisiú chórais ardoideachais na hEorpa a seoladh i mí Mheán Fómhair 2011. Féachann siad le tacaíocht a thabhairt do bhallstáit chun príomhsprioc an AE a bhaint amach, sprioc a bhaineann le gnóthachtáil den tríú grád a bheith ag 40% de dhaoine idir 30 bliain d'aois agus 34 bliain d'aois faoi 2020. Is é 60% sprioc 2020 de chuid na hÉireann.

Freastalaíonn an Rannóg Idirnáisiúnta ar chruinnithe an Ghrúpa Ard-Leibhéil neamhfhoirmiúil ar Oideachas agus Oiliúint suas le ceithre huaire sa bhliain chun treoir ardleibhéil straitéiseach beartais a phlé agus a chomhaontú i réimse an oideachais agus na hoiliúna.

Glacann pearsanra na rannóige staitisticí páirt i gcruinnithe Idirnáisiúnta ar Tháscairí Córas Oideachais ag leibhéal an OECD agus na hEorpa araon. Reáchtáiltear thart ar 7 gcruinniú nó 8 gcruinniú den chineál seo gach bliain.

6.10 Tábla 3 – Roinnt aschur a baineadh amach faoi Sprioc 3 i 2011

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
3.1	• **Creat nua beartais agus oibriúcháin, lena n-áirítear maoiniú, a fhorbairt le haghaidh ardoideachais.**	**Aschur i 2011** • Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Ard-Oideachas go dtí 2030 • Bunaíodh grúpa chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise • Rinneadh plean cur chun feidhme le hamscálaí comhaontaithe a leagan amach agus a fhoilsiú ar láithreán Gréasáin na Roinne • Rinneadh tuarascáil ar athstruchtúrú córais a choimisiúnú agus a chur faoi bhráid an HEA • Chríochnaigh an HEA an chéad chéim de staidéar inbhuanaitheachta ar sholáthar an ardoideachais • Tá athchóirithe deontas mac léinn á ndéanamh • Bunaíodh Fóram Rannpháirtíochta Fiontair freisin a ndéanann an tArd-Rúnaí cathaoirleacht air • B'ionann soláthar athfhillteach d'institiúidí atá ainmnithe ag HEA (ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus HEInna eile) agus €1.177 billiún i 2011. • B'ionann soláthar athfhillteach d'institiúidí nach bhfuil ainmnithe ag HEA a bhí maoinithe go díreach ag an Roinn agus thart ar €50 milliún. • Áirítear le maoiniú athfhillteach don earnáil tríú leibhéal deontas in ionad an chostais ar tháillí teagaisc arbh ionann é agus thart ar €367 milliún sa bhliain acadúil 2011/12 a chlúdaíonn 125,034 mac léinn fochéime lánaimseartha. • B'ionann caiteachas athfhillteach faoin SIF agus thart ar €14 milliún.
3.2	• **Oibriú leis an Údarás um Ard-Oideachas agus leis an nGníomhaireacht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta nua chun tacaíocht bheartais, maoirseacht agus ceannasaíocht éifeachtach a chur ar fáil le freastal ar riachtanais an fhoghlaimeora.**	**Aschur i 2011** • D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an HEA maidir le hardoideachas agus le saincheisteanna áirithe scileanna ar fud 2011 • Moltar sa Straitéis Náisiúnta um Ard-Oideachas gur cheart córas níos solúbtha a fhorbairt, feabhsuithe a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama agus cinntiú a dhéanamh go nascann ardoideachas ar dhóigh níos éifeachtúla le riachtanais níos leithne shóisialta, gheilleagracha agus fiontair. • Cuireadh tús le hobair ar chur chun feidhme na moltaí sa Straitéis • Foilsíodh an Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2011

	Cuspóirí	Roinnt Aschur i 2011
3.3	• **Tacú le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Scileanna.**	**Aschur i 2011** • I 2010/11 bhí 160,972 mac léinn lánaimseartha cláraithe i gcúrsaí fochéime agus iarchéime in institiúidí atá maoinithe ag an HEA. Bhí 32,215 mac léinn sa bhreis cláraithe i gcláir pháirtaimseartha • Sholáthair an clár Springboard níos mó ná 5,000 áit shaor pháirtaimseartha ardoideachais do dhaoine dífhostaithe i réimsí de riachtanais aitheanta scileanna • D'oibrigh an Roinn le Forfás, leis an HEA agus le TFC Éireann/Comhlachas Trádála Mheiriceá chun easnaimh scileanna a shainaithint agus chun tograí le haghaidh Comh-Phlean Gníomhaíochta tionscail/Rialtais a fhorbairt • Tacaíodh leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí • Forbraíodh freagairtí ar Riachtanais Scileanna (Féach freisin 2.1 de Thábla 2 - Sprioc 2)
3.4	• **Tacú le cuspóirí na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ("SSTI") maidir le taighde den chéad scoth a fhorbairt in institiúidí ardoideachais.**	**Aschur i 2011** • Rinne na Comhairlí Taighde 234 dámhachtain nua PhD agus 95 dámhachtain Iardhochtúireachta san iomlán i 2011. • B'ionann caiteachas athfhillteach faoi Thaighde & Forbairt agus thart ar €38.5 milliún i 2011. • Bronnadh 1,222 PhD san iomlán ar fud earnáil an ardoideachais i 2010. (Níl na sonraí do 2011 ar fáil go fóill). • Cumascadh Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht agus Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta ina n-aonán aonair – Comhairle Taighde na hÉireann.
3.5	• **Cothromas rochtana ar ardoideachas a chur chun cinn.**	**Aschur i 2011** • Bhain níos mó ná 71,000 duine leas as scéimeanna deontas mac léinn le caiteachas iomlán de €335m i 2011 • Bhain níos mó ná 14,000 duine leas as Scéimeanna Rochtana ar Thríú Leibhéal le caiteachas iomlán de €16m • Bronnadh 278 Scoláireacht ar chostas €2.25m • I 2011, b'ionann gnáthráta an deontais chothabhála agus €3,120. Fuair mic léinn ag cáiliú don ráta speisialta deontais uasmhéid de €6,100. • Faomhadh leithdháileadh iomlán de €13.7m le haghaidh tacaíochta do mhic léinn faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas i 2010/2011. Bhain níos mó ná 6,000 mac léinn leas as an gCiste i gcomparáid le 4,964 mac léinn i 09/10. • Faomhadh leithdháileadh comhlán €9m le haghaidh an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn i 2011/12

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
3.6	• **Straitéis nua a chur chun feidhme le seirbhísí oideachais Éireannacha a dhéanamh níos idirnáisiúnta agus le hÉirinn a chur chun cinn mar ionad feabhais in oideachas agus in oiliúint.**	**Aschur i 2011** • Rinneadh an tionscnamh náisiúnta nua branda agus margaíochta *Oideachas in Éirinn* a sheoladh agus a chur i bhfeidhm • Cuireadh rannpháirtíocht idir-rialtasach chun cinn • Cuireadh tacaíocht ar fáil don óstáil mórchomhdhálacha idirnáisiúnta oideachais in Éirinn • Mhéadaigh líon na mac léinn idirnáisiúnta ó 2010 go 2011
3.7	• **Clár um athchóiriú reachtaíochta agus riaracháin ar dheontais chothabhála do mhic léinn a chur chun feidhme.**	**Aschur i 2011** • Rinneadh an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn a shíniú isteach sa dlí agus a fhoilsiú i 2011 • Bunaíodh scéim deontais aonair chomhaontaithe • Ainmníodh Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath mar údarás bronnta aonair faoi réir an chomhaontaithe plean cur chun feidhme leis an Roinn • Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe chun oibriú le Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath ar fhorbairt an phlean cur chun feidhme. Tháinig an Grúpa le chéile roinnt uaireanta i 2011 agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar chomhaontú an phlean. • Chuir OOP cóiríocht oifige ar fáil don Roinn i gcomhair an údaráis bhronnta aonair • Fuarthas faomhadh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don togra foriomlán le gníomhaireacht aonair a bhunú laistigh de Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath le haghaidh iarratais ar dheontais mhac léinn in ardoideachas a phróiseáil • Bunaíodh an Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn, ar Bord achomhairc neamhspleách é

Sprioc 4 – Bonneagar iomchuí le haghaidh timpeallachtaí foghlama a phleanáil agus a chur ar fáil

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil i gcomhair an tsoláthair bhonneagair iomchuí do gach timpeallacht foghlama le gur féidir le daltaí agus le mic léinn rochtain ar thimpeallachtaí nua-aimseartha foghlama agus teagaisc a bhfuil cóiríocht imleor agus iomchuí i bhfeidhm acu lena gcuid riachtanas oideachais agus oiliúna a chomhlíonadh. Dá réir sin, is cuma cé acu an bhfuil daltaí nua ag tosú ar scoil den chéad uair, an bhfuil daltaí ag tosú ar thurais oideachais dara leibhéal nó an bhfuil mic léinn ag gabháil d'oideachas nó d'oiliúint i ndiaidh an dara leibhéal, lena n-áirítear mic léinn ag freastal ar institiúidí ardoideachais ar bhonn lánaimseartha nó ar bhonn páirtaimseartha nó príntíseachtaí ag cur tús le hoiliúint, cabhraíonn an Roinn leis na háiseanna riachtanacha a chur ar fáil i scoileanna agus i gcoláistí chun soláthar an oideachais agus na hoiliúna a éascú ag gach leibhéal.

Laistigh de bhuiséad caipitil €556m i 2011, chuir an seachadadh agus an soláthar tionscadal tógála le gníomhaíocht gheilleagrach, chabhraíodar le cruthú post agus mhéadaíodar acmhainneacht an gheilleagair i gcoitinne chun freagairt d'fhás agus do tháirgiúlacht. B'ionann an caiteachas iomlán ar thionscadail tógála ar bhunscoileanna agus ar iarbhunscoileanna i 2011 agus pas beag níos mó ná €455 milliún. Ba é €77.334m an tsuim a caitheadh ar chaipiteal ardoideachais i 2011 agus caitheadh níos mó ná €17m ar thionscadail PPP.

7.1 Infheistíocht Mheántéarmach Bonneagair agus Caipitil

I mí na Samhna 2011, thug an Rialtas níos mó ná €2 billiún i maoiniú do thionscadail tógála scoile mar chuid den Infheistíocht Mheántéarmach Bonneagair agus Caipitil chun éilimh dhéimeagrafacha a chomhlíonadh. Cuirfidh an infheistíocht níos mó ná 100,000 áit scoile bhuan ar fáil thar na cúig bliana atá romhainn, ar áiteanna breise iad 80,000 acu – beidh an chuid eile ina hionadú cóiríochta sealadaí agus neamhshásúla. Bainfidh breis agus 11% den phobal scoile iomlán tairbhe as áiteanna buana nua mar thoradh ar an infheistíocht shuntasach seo. Cuireadh tús le pleanáil i 2011 le haghaidh níos mó ná 40 bunscoil nua agus 40 scoil dara leibhéal nua a chur ar fáil thar na sé bliana atá romhainn. Beidh na scoileanna nua seo ina scoileanna bunleibhéil sé sheomra ranga dhéag agus ina n-iarbhunscoileanna 1,000 dalta den chuid is mó. Táthar ag súil gurbh ionann na costais réamh-mheasta chaipitil agus thart ar €380m agus go mbainfí an soláthar de chuid de na scoileanna amach faoi Chlár an Rialtais um Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP).

Bunaíodh Grúpa um Bunú Scoileanna Nua freisin chun comhairle a chur ar fáil ar an bpátrúnacht scoileanna nua, ag forbairt bhunú an Fhóraim Phátrúnachta agus Iolrachais san Earnáil Bhunscolaíochta ag an Aire.

7.2 Éifeachtúlacht a Mhéadú i Seachadadh Tionscadal Tógála

D'fhonn an éifeachtúlacht i seachadadh na dtionscadal tógála a mhéadú, cuireadh socruithe nua i bhfeidhm i 2011 le Coistí Gairmoideachais (VECanna), le hÚdaráis Áitiúla, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais chun cabhrú leis an Roinn scoileanna nua agus síntí ag teastáil thar na cúig bliana atá romhainn a sheachadadh.

I 2011, cineachadh bainistíocht tionscadal 27 mórthionscadal tógála scoile do 13 Choiste Gairmoideachais aonair ar fud na tíre agus cineachadh an seachadadh agus an bhainistíocht de mhórthionscadal scoile breise do Chomhairle Contae Lú freisin. San iomlán, déanfaidh na tionscadail seo breis agus 21,000 áit a chur ar fáil, lena n-áirítear breis agus 14,000 áit scoile nua sa bhreis.

Cuireadh tús le socruithe i 2011 le go gcabhródh Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais leis an Roinn chun tionscadail scoileanna nua agus mórthionscadail sínidh a sheachadadh nuair is gá.

I 2011 freisin, thug an Roinn faoi athbhreithniú mór ar a cuid nósanna imeachta maidir le dul chun cinn na dtionscadal caipitil trí na céimeanna dearaidh agus tógála d'fhonn dul chun cinn na dtionscadal tríd an gcóras a chuíchóiriú trí bhíthin glacadh le modheolaíocht dírithe ar sheachadadh. Áirítear leis na bearta ar glacadh leo lena bhaint amach an idirghníomhaíocht idir an tAonad Pleanála agus Tógála agus an Fhoireann Cliaint/Dearaidh a laghdú, tús a chur leis an bhforbairt córais mheasúnachta feidhmíochta oibiachtúil ag baint úsáid as garspriocanna na Seirbhíse Cáilíochta agus na Tréimhse Seachadta agus ag baint úsáid as an measúnú feidhmíochta dá thoradh sin chun cabhrú le measúnacht oiriúnachta le haghaidh obair thodhchaíoch. Mar thoradh ar an athbhreithniú thuas, rinneadh Nósanna Imeachta Fhoireann Dearaidh na Roinne a athcheapadh go mór. Cuireadh próiseas comhairliúcháin ar siúl leis na 4 institiúid ghairmiúla, agus uaslódáladh foireann de Nósanna Imeachta 2012 na Foirne Dearaidh (30+ doiciméad) chuig láithreán Gréasáin na Roinne. Féach:

[http://www.education.ie/en/School-Design/Procedures%20and%20Cost%20Plans/Procedures-and-Cost-Plans.html]

7.3 Soláthar Áiteanna Scoile

Áiríodh na nithe seo a leanas le mórthionscadail tógála a cuireadh i gcrích i 2011:

- 55 scoil a chuir áiteanna buana ar fáil do níos mó ná 18,500 dalta. Laistigh de na críochnuithe seo, seachadadh 14 scoil nua faoin gClár Mear-Sheachadta 2011. Chuir na 14 scoil seo foirgnimh nua-aimseartha atá tíosach ar fhuinneamh agus timpeallachtaí foghlama feabhsaithe ar fáil do 3,500 daltaí agus ball d'fhoireann scoile reatha agus chuireadar níos mó ná 1,000 áit sa bhreis ar fáil.

- Ina theannta sin, cuireadh breis agus 300 tionscadal i gcrích faoin scéim um chóiríocht bhreise agus cuireadh beagnach 8,500 áit scoile bhuan ar fáil freisin.

- Bhain 450 bunscoil agus scoil dara leibhéal leas as €41 milliún i maoiniú faoin Scéim Oibreacha Samhraidh.
- Bhain 370 bunscoil agus scoil dara leibhéal leas as infheistíocht €40m faoin Tionscnamh Jabanna.
- Cuireadh €32 milliún ar fáil le haghaidh campas oideachais i gCo. Mhuineacháin a sholáthródh cóiríocht nua do bhunscoil 16 sheomra ranga, d'iarbhunscoil 400 dalta i dteannta institiúid bhreisoideachais 700 dalta.

7.4 Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach

Ar aon dul le beartas an Rialtais, baineann an Roinn Oideachais agus Scileanna úsáid as socruithe Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí le haghaidh bonneagar oideachais a chur ar fáil. Tá tionscadail scoile a dhéanann an Roinn bunaithe ar shocrúcháin dearaidh, tógála agus chothabhála 25 bliain a mhaoinítear faoi íocaíochtaí aonadacha bliantúla. Cuimsíonn na híocaíochtaí aonadacha aisíocaíochtaí iasachta (caipiteal agus ús) don mhaoiniú tionscadail a chlúdaíonn dearadh, tógáil agus trealamh, cistí saolré tógála agus trealaimh agus a éascaíonn bainistíocht na scoileanna. Áirítear leis an mhír dheireanach cothabháil, glantachán, tuarastail agus speansais éagsúla. Cuireadh beagnach 11,000 áit daltaí ar fáil tríd an gcóras PPP: 3,475 áit i gcéim thrialach thosaigh; 2,700 áit i mBeart 1; agus 4,700 áit i mBeart 2 a tháinig i bhfeidhm i rith 2011. Is mar seo a leanas atá sonraí iomlána maidir le 6 scoil a bhfuil baint acu le Beart 2:

<u>2ú Beart</u>

Is mar seo a leanas atá na 6 scoil i mBeart 2:

- Coláiste Pobail Bheanntraí, Co. Chorcaí,
- Gaelscoil Bheanntraí, Co. Chorcaí,
- Pobalscoil Bhaile Chill Dara,
- Coláiste Pobail Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh,
- Pobalscoil Bhaile Átha Buí, Co. na Mí,
- Coláiste Pobail Bhaile Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin.

Fógraíodh iad sin i mí Mheán Fómhair 2006. Síníodh conradh le Comhpháirtíocht Macquarie d'Éirinn (MPFI) i mí an Mheithimh 2010. Tháinig dhá cheann de na sé scoil seo i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2011 agus seachadadh na 4 scoil eile faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2011. Cuireann na scoileanna atá curtha san áireamh sa Bheart seo cóiríocht ar fáil do níos mó ná 4,700 dalta. Seachadadh na scoileanna go léir go luath. Cuireadh tús leis na híocaíochtaí aonadacha go mall i mí Iúil 2011 do scoil amháin, i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair faoi seach do dhá scoil agus i mí Dheireadh Fómhair 2011 do na 3 scoil eile.

<u>Beart Scoileanna 3</u>

Tá pleananna beartaithe chun 3ú beart de thionscadail scoileanna a chur ar fáil mar seo a leanas:

- Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall,
- Pobalscoil Bhéal an Átha Mhóir, Co. Liatroma,
- Iarbhunscoil Dhabhach Uisce agus Bunscoil Dhabhach Uisce, Co. na Gaillimhe,
- Iarbhunscoil i nGuaire, Co. Loch Garman,
- Meánscoil Thrá Mhór, Co. Phort Láirge,
- Iarbhunscoil Dhún Bleisce, Co. Luimnigh,
- Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

Seachadadh an beart seo don Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) i mí Iúil 2010 agus táthar ag súil go dtabharfar conradh leis an tairgeoir roghnaithe chun críche ar ball agus go mbeidh na scoileanna i bhfeidhm i 2014, ag cur cóiríochta ar fáil do 5,700 dalta.

7.5 Forbairtí ag Tríú Leibhéal

Seachadadh raon tionscadal a sholáthraíonn áiseanna d'oideachas tríú leibhéal atá nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm i 2011. Ar na móréachtaí i 2011 bhí cur i gcrích na leabharlainne ag Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, an críochnú roinnt oibreacha sláinte agus sábháilteachta ag roinnt institiúidí teicneolaíochta agus ag coláistí níos lú agus an dul chun cinn ar shuíomh Lárionad Eolaíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Leagtar tuilleadh faisnéise maidir le forbairtí ag tríú leibhéal amach i 4.3 de Thábla 4 thíos.

7.6 Comórtas Dearaidh d'Iarbhunscoileanna

Seoladh Comórtas Dearaidh d'Iarbhunscoileanna, a d'eagraigh Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann thar ceann na Roinne, i 2011 freisin. Bhí an comórtas ceaptha chun dearadh nuálach a chur chun cinn i scoileanna dara leibhéal. Ba í an duais don Fhoireann Dearaidh ná scoil nua a dhearadh agus a tógáil a bhainistiú.

7.7 Tábla 4 – Roinnt aschur a baineadh amach faoi Sprioc 4 i 2011

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
4.1 4.2	• **Sainaithint, pleanáil agus tús a dhéanamh ar chomhlíonadh na riachtanas cóiríochta go dtí 2016 bunaithe ar threochtaí dhéimeagrafacha agus ar shonraí faoi stoc scoile atá ann cheana.** • **Úsáid a bhaint as modheolaíochtaí éagsúla le haghaidh na tógála mórthionscadal ar an gclár tógála bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar aon dul le hamlínte sonracha**	**Aschur i 2011** • Críochnaíodh 18 mbunscoil nua i 2010, ag cur 7,924 áit scoile bhuan ar fáil, ar áiteanna buana breise iad 6,596 áit acu. • Críochnaíodh 23 síneadh mórscála, ag cur tuilleadh áiteanna buana bunscoile agus áiseanna feabhsaithe i scoileanna atá ann cheana ar fáil do 3,416 dalta. • Ag leibhéal iarbhunscoile, críochnaíodh 4 scoil nua, ag cur 2,625 áit scoile bhuan ar fáil, ar áiteanna buana breise iad 2,495 áit acu. • Críochnaíodh 4 shíneadh mórscála, ag cur áiseanna feabhsaithe in iarbhunscoileanna atá ann cheana ar fáil do 1,725 dalta • Críochnaíodh 267 tionscadal cóiríochta breise san earnáil bhunscolaíochta, ag cur 7,476 áit scoile bhuan ar fáil

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
	tionscadail.	• Críochnaíodh 42 tionscadal cóiríochta breise i gcrích san earnáil bhunscolaíochta, ag cur 1,539 áit scoile bhuan ar fáil • Faomhadh 870 tionscadal san iomlán le haghaidh maoinithe faoin Scéim Oibreacha Samhraidh agus faoin Scéim Tionscnaimh Jabanna • Faomhadh 316 tionscadal le haghaidh maoinithe faoin Scéim um Oibreacha Éigeandála • Eisíodh an Deontas Mionoibreacha ar gach bunscoil ag a bhfuil aithint bhuan acu i mí na Samhna 2011. Fuair scoileanna bundeontas €5,500 móide €18.50 sa dalta príomhshrutha agus €74 sa dalta riachtanas speisialta • Chuir 5 iarbhunscoil 4,476 áit bhuan ar fáil faoin dara Beart den Chlár PPP, ar áiteanna buana breise iad 1,516 áit acu • Chuir 1 bhunscoil 224 áit bhuan ar fáil faoin dara Beart den Chlár PPP, ar áiteanna buana breise iad 84 áit acu
4.3	• **Na tionscadail ardoideachais inar tosaíodh tógáil a chríochnú le linn riarachán laethúil a aistriú chuig an Údarás um Ard-Oideachas.**	**Aschur i 2011** • Bhí 6 thionscadal á ndearadh a raibh an cumas acu 14,242m² de chóiríocht nua fheabhsaithe a sholáthar • Bhí 14 thionscadal bhreise spriocdhírithe chun 60,440m² a sholáthar ar shuíomh i 2011 • Bhí 21 tionscadal críochnaithe go hiomlán i 2011 agus soláthraíodh 13,713m² d'áiseanna nua feabhsaithe • Bhí costas iomlán €20m i 2011 ar an Scéim Deontais Dhéabhlóidithe a chuimsíonn na hollscoileanna agus na hinstitiúidí teicneolaíochta. D'éascaigh sé seo tionscadail mhionoibreacha a bhaineann leis an gcothabháil áiseanna. • Cuireadh tacaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí eile ar fáil do Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin • B'ionann an caiteachas iomlán i 2011 agus pas beag níos mó ná €77,300,000 • Cineachtar tionscadail chaipitil thríú leibhéal d'institiúidí ardoideachais le haghaidh seachadadh níos tapa a cheadú
4.4	• **Forbairt a dhéanamh ar chórais fheabhsaithe um bainistíocht airgeadais, measúnacht, iniúchadh agus bainistíocht sócmhainní a úsáidtear le haghaidh tionscadail bhonneagair chun luach ar airgead agus éifeachtacht i gcaiteachas caipitil a chinntiú**	**Aschur i 2011** • Comhcheanglaíodh na fotheidil chaipitil Bhunscoile agus Iarbhunscoile. • Tugadh córais nua feabhsaithe TF isteach a ligeann bainistíocht sonraí níos fearr agus tuairisciú níos fearr agus a dhíbríonn an dúbláil iontrála sonraí • Tá an Fardal Ar Líne um Chóiríocht Scoile (IOS) á chur le chéile ag scoileanna a úsáideann an Tairseach Esinet mar chuid d'ollchóiriú bhunachar sonraí lárnach na cóiríochta scoile • Chríochnaigh 77% de scoileanna na sonraí fardail • Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin um Chóiríocht Scoile i 2011 • Tá socruithe i bhfeidhm chun seachadadh na dtionscadal a éagsúlú. • Bunaíodh raon Creat maidir le ceapacháin chomhairleachta le haghaidh tionscadail níos mó, chasta agus phráinneacha • Is é atá i gceist i gceann amháin de choinníollacha an smachtbhanna maidir le caiteachas caipitil curtha in iúl

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
		faoin gcreat caipitil ilbhliantúil ná spotseiceálacha bliantúla a dhéanamh agus na torthaí a thuairisciú don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa chomhthéacs seo, rinneadh spotseiceálacha ar shé thionscadal i 2011
4.5	• **Cumarsáid agus comhordú le páirtithe leasmhara seachtracha a fheabhsú**	**Aschur i 2011** • Tá socruithe i bhfeidhm chun seachadadh na dtionscadal a éagsúlú, lena n-áirítear socruithe le Coistí Gairmoideachais agus le Comhairle Contae • Cuirfidh an Fardal Ar Líne um Chóiríocht Scoile feabhas ar chomhordú agus ar chumarsáid • I 2011, lean an Roinn uirthi oibriú go dlúth le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus tháinig sí ar chomhaontú faoi Mheabhrán Tuisceana chun leibhéil mhéadaithe chomhair a chothú le hÚdaráis Áitiúla i ndáil le sainaithint agus fáil na láithreán i gcomhair scoileanna. • I 2011, rinneadh athbhreithniú mór ar nósanna imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le dul chun cinn na dtionscadal caipitil trí na céimeanna dearaidh agus tógála d'fhonn dul chun cinn na dtionscadal tríd an gcóras a chuíchóiriú trí bhíthin glacadh le modheolaíocht dírithe ar sheachadadh. • Foilsítear liostaí de thionscadal a faomhadh le haghaidh seachadta ar láithreán Gréasáin na Roinne ar bhonn míosúil. I gcás na mórthionscadal, cuirtear an t-eolas is déanaí faoin dul chun cinn ar fáil trí na céimeanna éagsúla seachadta agus i gcás na dtionscadal déabhlóidithe níos lú, cuirtear an cineál tionscadail agus na dátaí faofa ar fáil.
4.6	• **Idirbheartaíocht a dhéanamh ar aistriú an bhonneagair scoile faoi úinéireacht 18 n-ord rialta luaite i dTuarascáil Ryan faoi láthair chuig an Stát gan aon chostas breise**	**Aschur i 2011** • Leanann an Roinn uirthi coinneáil le réadú na ranníocaíochta de bhun thuairim an Rialtais gur cheart an costas ar an bhfreagairt do mhí-úsáid institiúideach chónaithe a chomhroinnt ar bhonn 50:50 idir an Stát agus iad siúd a bhí freagrach as bainistiú na n-institiúidí, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le haistriú úinéireacht na scoile chuig an Stát gan aon chostas breise.

Cuid 3 – Feabhas a chur ar ár nÉifeachtúlacht agus ar ár nÉifeachtacht

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhís atá ardchaighdeánach agus éifeachtúil a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara go léir. I 2011, leanamar orainn ár ndícheall a dhéanamh lena chinntiú gur sholáthraíomar luach don cháiníocóir trí sheirbhísí éifeachtacha éifeachtúla a sholáthar. Sa chuid seo den Tuarascáil, leagtar amach na feabhsúcháin a chuir an Roinn chun feidhme i 2011 chun méadú a dhéanamh ar a héifeachtúlacht agus ar a héifeachtacht trí thagairt a dhéanamh do na gníomhaíochtaí agus do na táscairí feidhmíochta atá leagtha amach i gCuid 4 de Ráiteas Straitéise na Roinne 2011-2014.

8.1 An Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil

Chuir an Roinn fáilte roimh thorthaí Fhoireann Athbhreithnithe an Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP) a d'aithin ardchumas agus tiomantas na foirne ag obair sa Roinn. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin os comhair na Roinne, a aithníodh sa Tuarascáil, agus mar chuid de thiomantas na Roinne dár gcuid seirbhísí a fheabhsú agus dár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach ar bhealach níos rathúla agus níos éifeachtúla, chuireamar tús le forbairt ár bPlean Gníomhaíochta ORP i mí na Bealtaine 2011. Mar thoradh ar cheardlanna a bhí ar oscailt don fhoireann ar fad, a cuireadh ar siúl i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2011, forbraíodh Plean Gníomhaíochta cuimsitheach a d'aithin 39 gníomhaíocht tosaíochta chun aghaidh a thabhairt ar raon saincheisteanna a ardaíodh i dTuarascáil an ORP. Tá na gníomhaíochtaí sa phlean dírithe ar threo straitéiseach agus ar cheannasaíocht, ar chumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú, ar struchtúir agus rialachas, ar mheasúnacht, ar bhainistíocht agus úsáid acmhainní daonna agus ar phróisis agus ar struchtúir ghnó inmheánacha. Is é atá sa Phlean cumasc de ghníomhaíochtaí nua agus de ghníomhaíochtaí atá ann cheana ar cuireadh tús leo ó scríobhadh an Tuarascáil ORP, lena n-áirítear forbairt láithreáin Ghréasáin nua don Roinn, mar aon le hobair ar SOLAS agus ar na Boird Oideachais agus Oiliúna a bhunú. Is é ár gcuspóir fadtéarmach cultúr feabhais leanúnaigh agus nuálaíochta leanúnaí a chothú sa dóigh a dtugaimid faoinár gcuid oibre agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí ar fud an chórais oideachais. Sannadh freagracht as tuairisciú faoi na gníomhaíochtaí aonair sa Phlean Gníomhaíochta agus iad a sheachadadh d'oifigeach ag Leibhéal Rúnaí Chúnta nó Príomhoifigigh. Cuireadh an Plean faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2011 agus foilsíodh é mar chuid den Tríú Tuarascáil ar an bpróiseas ORP i mí Eanáir 2012. Tá an tuarascáil iomlán, a chuimsíonn athbhreithnithe ar na trí Roinn eile, ar fáil le híoslódáil ó www.orp.ie.

8.2 Athchóiriú Ginearálta na hEarnála Oideachais

Ar an dul chun cinn a rinne an Roinn i 2011 maidir le hathchóiriú struchtúrtha beartaithe na hearnála oideachais, tá foilsiú an Bhille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2011, seoladh SOLAS agus athchumraíocht na gCoistí Gairmoideachais.

Déantar foráil sa Bhille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2011, do chónascadh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) agus Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC), arb ionann iad agus na comhlachtaí atá freagrach as cáilíochtaí agus as dearbhú cáilíochta in oideachas agus oiliúint, chun Údarás Cáilíochtaí agus Dearbhaithe Cáilíochta na hÉireann (QQAAI) a chruthú. Glacfaidh an eagraíocht nua freagracht freisin as an athbhreithniú seachtrach dearbhaithe cáilíochta ar na hollscoileanna, feidhm atá á déanamh ag Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Ciallaíonn sé seo go mbeidh feidhm ag ról dearbhaithe cáilíochta QQAAI maidir le gach réimse de bhreisoideachas agus d'ardoideachas agus d'oiliúint. Déantar foráil sa Bhille um Cháilíochtaí freisin do Chód Cleachtais le haghaidh seirbhísí oideachais a chur ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta. Cuirfidh sé seo ar chumas soláthraithe oideachais agus oiliúna iarratas a dhéanamh ar mharc oideachais idirnáisiúnta bunaithe ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais.

Seoladh SOLAS, an t-údarás nua breisoideachais agus oiliúna, i mí Iúil 2011 agus an t-údarás aige lena chinntiú go gcuirfear cláir bhreisoideachais agus oiliúna atá cothrom le dáta agus ardchaighdeánach ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d'fhoghlaimeoirí eile. Beidh na cláir comhtháite, solúbtha, ina luach ar airgead agus freagrach do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus do riachtanais ár dtimpeallachta comhshaoil. Cuirfidh SOLAS béim níos mó ar scileanna cineálacha agus inaistrithe, lena n-áirítear scileanna a bhaineann le daoine, scileanna réitithe fadhbanna agus scileanna litearthachta digití. Tá dearbhú cáilíochta láidir, caighdeáin ghairme, tagarmharcanna idirnáisiúnta agus athbhreithnithe ábhair chúrsa mar bhonn agus thaca ag SOLAS. Comhlíonann sé ról don earnáil bhreisoideachais agus oiliúna atá cosúil leis an ról a fheidhmíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas d'institiúidí ardoideachais. Áireofar lena chuid oibre bearnaí scileanna a shainaithint i gcomhar leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, an soláthar atá ann cheana a scrúdú agus a fheabhsú agus cúrsaí a nascadh níos dlúithe le riachtanais an duine aonair agus an mhargaidh shaothair araon.

I mí an Mheithimh 2011, rinne an tAire Oideachais agus Scileanna athchumraíocht athbhreithnithe na gCoistí Gairmoideachais (VECanna) a fhógairt agus a fhaomhadh. Beidh Boird Oideachais agus Oiliúna i mbun obair na gCoistí Gairmoideachais agus beidh ról leathnaithe acu sa soláthar breisoideachais agus oiliúna ar fud na tíre. I mí Dheireadh Fómhair 2011, tarchuireadh an Scéim Ghinearálta de Bhille um Boird Oideachais agus Oiliúna chuig Coiste an Oireachtais ar Phoist, Choimirce Shóisialach agus Oideachas. Déantar foráil sa Bhille d'athchumraíocht na gCoistí Gairmoideachais lena laghdófar líon na gCoistí Gairmoideachais ó 33 coiste go 16 coiste. Déanfaidh an Bille na hAchtanna Coistí Gairmoideachais atá ann cheana a aisghairm, feidhmeanna agus cumhachtaí a nuashonrú agus an creat rialála don earnáil a nua-aoisiú.

I mí na Samhna 2011, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tUas. Brendan Howlin T.D., roinnt tionscnaimh thábhachtacha le haghaidh athchóiriú na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Ráiteas tionlacain Rialtais. Socraíonn sé seo

an bonn le haghaidh athraithe ar fud na n-earnálacha go léir den tseirbhís phoiblí sna blianta atá le teacht. Tá fócas ar chúig thiomantas mhóra d'athrú lárnach don chlár oibre um athbhreithniú, lena n-áirítear tús áite a thabhairt do sheirbhís do chustaiméirí, bealaí nua agus nuálacha seachadta seirbhíse a uasmhéadú, ár gcostais a laghdú go mór chun luach níos fearr ar airgead a spreagadh, treorú, eagrú agus oibriú i mbealaí nua agus fócas láidir a leagan ar chur chun feidhme agus ar sheachadadh.

Mar fhreagairt do riachtanais chlár an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, chuir an Roinn tús go mall i 2011 leis an bhforbairt Plean Seachadta Athchóirithe Chomhtháite don Earnáil Oideachais chun na mórthionscadail um athchóiriú earnálach atá á ndéanamh ag an Rialtas a leagan amach, mar aon le roinnt tionscadail athchóirithe leathana, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte, soláthar agus ríomh-Rialtas. Éilítear ar gach Roinn Pleananna Seachadta Athchóirithe Chomhtháite a fhorbairt le hailíniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoi Phlean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh), faoin Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas, nuair is iomchuí, agus ar thionscnaimh athchóirithe eagraíochtúla/atá sainiúil d'earnáil.

8.3 Feabhas a Chur ar Fheidhmíocht agus ar Éifeachtúlacht ár Roinne

8.3.1 Párolla agus Airgeadas

Mar chuid den tionscnamh chun gnéithe tábhachtacha de sholáthar seirbhísí corparáideacha a bhogadh chuig clár seirbhísí comhroinnte de réir an chláir oibre um athchóiriú na hearnála poiblí, bhí an Roinn rannpháirteach sa phróiseas ullmhúcháin a bhain lena párolla a bhogadh chuig clár seirbhísí comhroinnte i rith 2011. Ba é a bhí i gceist anseo plé díreach féidearthachta le saoráid párolla chomhroinnte na Roinne Airgeadais i dTulach Mhór agus rannpháirteachas leis an Oifig um Athchóiriú na hEarnála Poiblí san fhorbairt faisnéise feidhmíochta bonnlíne a bhaineann leis an bhfeidhm párolla. I rith 2011, chuaigh an Roinn isteach i bplé leis an Oifig um Athchóiriú na hEarnála Poiblí faoi anailís luath féidearthachta maidir le seirbhísí comhroinnte baincéireachta.

I mí Mheán Fómhair 2011, chuir an Roinn a Tuarascáil ar Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas (CRE) faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuaigh tuarascáil CRE na Roinne isteach i CRE na Seirbhíse Poiblí iomláine ina raibh na príomhghnéithe de Bhuiséad 2012 agus ina leagadh amach uasteorainneacha caiteachais Rannacha don bhliain 2013 agus don bhliain 2014. D'fhoilsigh an Rialtas an Tuarascáil i mí na Nollag 2011.

Tugadh Buiséadú Feidhmíochta isteach freisin mar cheann de na príomhghnéithe d'athchóiriú struchtúrtha tábhachtach den phróiseas buiséadach. Is é atá sa chur chuig nua go bhfoilsíonn Ranna a réamh-mheastacháin maidir le caiteachas beartaithe ar bhonn na gclár straitéiseach, faoi mar atá leagtha amach ina Ráitis Straitéise, in ionad an tseanbhoinn chuntasaíochta fotheidil. Áiríodh le Réamh-Mheastachán na Roinne seo don bhliain 2012 aguisín léiritheach bunaithe ar an bhformáid nua um buiséadú feidhmíochta, agus beidh na Réamh-Mheastacháin do 2013 bunaithe

go hiomlán ar an bhformáid nua seo. Tá athstruchtúrú Vóta na Roinne ag gabháil leis an mbogadh chuig an bhformáid nua chun freagairt don chur chuige straitéiseach nua cláir. Tríd an mbogadh ón bpróiseas Réamh-Mheastachán chuig an bhformáid nua um buiséadú feidhmíochta, beidh fócas níos mó ar na haschuir agus ar na torthaí a bhaintear amach le cistí poiblí, in ionad an fhócais thraidisiúnta níos cúinge ar ionchuir airgeadais. Éascóidh sé seo anailís níos éifeachtaí ar éifeachtacht na gclár oideachais, rud a mbeidh leibhéil feabhsaithe seirbhíse do chustaiméirí an chórais mar thoradh air.

Rinne an tAonad Airgeadais teagmháil le bainisteoirí fotheidil i rith 2011 lena chinntiú go bhfanfadh caiteachas laistigh den leithdháileadh iomlán don bhliain. Ag deireadh na bliana, bhí coigilteas glan foriomlán €31 milliún ar chaiteachas ar an Vóta, cothrom le 0.4% den leithdháileadh bunaidh.

8.3.2 Tacú lenár mBeartais agus lenár nAnailísí agus Iad a Fheabhsú

Lean an Roinn uirthi tacú le taighde, le measúnacht agus le pleanáil chun creat beartais éifeachtach a chinntiú. Tagraítear do thionscadail taighde a bhí leanúnach nó críochnaithe i 2011 ag 5.7 de Thábla 5 thíos. I rith 2011, rinne an Roinn roinnt measúnachtaí ar phríomhréimsí caiteachais tríd an gclár um Athbhreithniú Beartais ar Luach ar Airgead (VFMPR). Leagtar na VFMPRanna a bhí críochnaithe nó leanúnach i 2011 amach ag 5.14 de Thábla 5 thíos.

8.3.3 Faireachán a Dhéanamh ar ár gCórais Inmheánacha agus ar ár bPróisis Inmheánacha

Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ag an Roinn freagrach as dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leorgacht, le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht bhainistíocht riosca, chórais rialaithe inmheánacha agus phróisis rialachais na Roinne. Cinntíonn Aonad Rialaithe Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) go gcloíonn Éire le riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh i ndáil le hiniúchadh ESF, cuireann sé dea-chleachtas chun cinn i mbainistíocht, i rialú agus in iniúchadh ESF in Éirinn agus cinntíonn sé go ndéantar iniúchóireachtaí i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta d'fhonn tuarascálacha ardchaighdeánacha, cothroma agus cothromaithe a chur ar fáil. Déantar cláir bhliantúla iniúchóireachta a ullmhú faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn Údarás Iniúchóireachta ESF don Choiste faoi stiúradh na gclár seo agus faoi thabhairt chun críche na dtuarascálacha iniúchóireachta. Tá sonraí maidir le hiniúchóireachtaí a rinneadh i 2011 ag 5.13 de Thábla 5 thíos.

8.3.4 Acmhainní Daonna agus Oiliúint Foirne

Comhlíonadh na laghduithe ar sholáthar foirne a bhí ag teastáil faoi dheireadh na bliana 2011 maidir le líonta Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) na Roinne. Bhí timpeallacht níos solúbtha Acmhainní Daonna (HR) i bhfeidhm inar ath-imscaradh baill foirne ar bhonn sealadach chun comhfhreagairt do bhuaiceanna agus do loig ar leith a sainaithníodh in ualach oibre na rannóg ar fud na Roinne.

Ina theannta sin, bhuail an tAonad Pearsanra le bainisteoirí sinsearacha líne chun athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní soláthair foirne agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon réimsí gníomhaíochta a d'fhéadfaí a athbhreithniú/ a chónascadh agus/nó a bhféadfaí scor díobh agus chun cabhrú le leanúnachas de leibhéil seirbhíse atá ann cheana a chinntiú le hacmhainní laghdaithe a oiread ab fhéidir.

Ag deireadh 2011, chuir an Roinn tús leis an bpróiseas rannpháirtíochta le Céim 1 (an chéim anailíse) den tionscadal um Ionad Seirbhísí Comhroinnte d'Acmhainní Daonna (HRSSC) a bhí beartaithe ag an am sin chun an luach a bhaineann le cur chun feidhme an tsocraithe seirbhísí comhroinnte do phróisis áirithe HR a aimsiú.

8.3.4a Oiliúint agus Forbairt Foirne

I rith 2011, bhí Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne na Roinne i dteagmháil le foireann agus le bainistíocht d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar riachtanais oiliúna as a dtiocfadh an reáchtáil raoin leathain chláir oiliúna agus forbartha d'fhoireann agus tacaíocht dóibh. Cuireadh breis agus 2,800 lá oiliúna ar fáil i 2011. Bhí an oiliúint dírithe ar riachtanais tosaíochta ghnó na Roinne agus soláthraíodh í go hinmheánach den chuid is mó, ar aon dul le laghdú na gcostas oiliúna iomlán. Cuireadh oiliúint ar fáil i réimsí lena n-áirítear Bainistíocht Airgeadais, an Ghaeilge, Saoráil Faisnéise, Cosaint Leanaí, Cearta an Duine, cúrsaí forbartha atá sonrach do ghrád (CO, EO agus HEO) agus TF (úsáideoir deiridh). Chomh maith leis sin, lean an Roinn uirthi tús áite a thabhairt d'oiliúint bainistíochta chun méadú a dhéanamh ar a hacmhainneacht le dúshláin atá nua agus atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh go hiomchuí trí chláir oiliúna a chur ar fáil do bhainisteoirí meánacha agus do bhainisteoirí sinsearacha.

De bhreis ar oiliúint agus forbairt do ghráid riaracháin, cuireadh tacaíocht oiriúnaithe oiliúna ar fáil don Chigireacht, don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), don Aonad Pleanála agus Tógála (PBU) agus don Aonad TF lena sainriachtanais oiliúna gairmiúla agus teicniúla a chomhlíonadh.

Ar leith ón oiliúint eagraithe agus ón bhforbairt eagraithe a leagtar amach thuas, lean an Roinn uirthi cultúr foghlama a chothú trí thacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne freastal ar chúrsaí breisoideachais, atá bainteach le hobair na Roinne agus na seirbhíse sibhialta agus poiblí níos leithne, ina gcuid ama féin.

Mar fhreagairt do thiomantas faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh agus do thorthaí phróiseas an Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP), chuir an tAonad Oiliúna agus Forbartha Foirne, i dteannta an Aonaid TF sa Roinn, tús i 2011 le hobair ar an bhforbairt ceistneora lena scaipeadh do gach ball foirne d'fhonn acmhainneacht scileanna na Roinne a bhunú. Ba é aidhm na hoibre sin ceistneoir a dhearadh a chumasódh an cruthú bunachair shonraí scileanna, bearnaí scileanna agus riachtanais oiliúna agus forbartha eagraíochtúla a shainaithint agus tacú le húsáid níos fearr foirne ar fud na Roinne.

8.3.5 Feabhsúcháin Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide Inmheánaí

I rith 2011, lean Aonad TF na Roinne air úsáid a bhaint as cumais TFC ar mhaithe le haonaid ghnó agus custaiméirí na Roinne. Thabhaigh an tAonad TF caiteachas caipitil €1.67m i 2011, agus tabhaíodh caiteachas caipitil €2.32m.

8.3.5a Forbairt ár Láithreáin Ghréasáin Nua

I rith 2011, bhí an Roinn rannpháirteach i bpróiseas fairsing comhairliúcháin lena baill foirne, lena custaiméirí agus lena páirtithe leasmhara chun láithreán Gréasáin nua dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt don Roinn. Anailísíodh torthaí na gcomhairliúchán agus comhaontaíodh clár d'fhorbairt. I mí Dheireadh Fómhair 2011, d'fhoilsigh an Roinn iarratas ar thairiscintí le haghaidh dhearadh an láithreáin Ghréasáin nua agus cuireadh conradh i bhfeidhm. Beidh áiseanna feabhsaithe cuardaigh agus inneachar dea-eagraithe curtha i láthair ar bhealach loighciúil agus iomasach ag an láithreán Gréasáin nua. Táthar ag súil go mbeidh an láithreán Gréasáin nua beo sa tríú ráithe den bhliain 2012.

8.3.6 Pleanáil agus Feabhsúcháin Ghnó ag an Leibhéal Rannóige

Tá próiseas bliantúil pleanála gnó na Roinne lárnach i mbaint amach thráthúil agus rathúil ár spriocanna. Gach bliain, iarrtar ar rannóga a gcuid tascanna ríthábhachtacha don bhliain le teacht a shainaithint trí thagairt a dhéanamh do dhoiciméid ar nós ár Ráitis Straitéise agus pleanáil a dhéanamh lena gcur chun feidhme tríd an bpróiseas pleanála gnó. De bhreis ar thascanna ríthábhachtacha a shainaithint, soláthraíonn an próiseas pleanála gnó an deis freisin do bhaill foirne plé a dhéanamh ar fheabhsú an phróisis ghnó as a dtagann éifeachtúlacht agus éifeachtacht ar chostas níos mó agus seirbhísí feabhsaithe do chustaiméirí, a bhfuil gach ceann acu ina ngnéithe tábhachtacha de Phlean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Ghlac gach rannóg den Roinn páirt sa phróiseas pleanála gnó do 2011. Déanann ár bPlean Gníomhaíochta ORP tiomantas do thuilleadh feabhsaithe a chur ar ár bpróiseas pleanála gnó lena chinntiú go mbeidh sé níos éifeachtaí fós.

Mar thoradh ar an bpróiseas seo agus ar an measúnacht a rinne rannóga ar a nósanna imeachta, rinneadh athruithe éagsúla ag leibhéal na rannóige as ar tháinig éifeachtúlacht níos mó, an caighdeánú nósanna imeachta agus laghdú ar chaiteachas de bharr chur chun feidhme na mbeart coigiltis chostais.

8.4 Tábla 5 – Athchóiriú a Chur Chun Feidhme agus Feabhas a Chur ar ár Seirbhísí i 2011

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
5.1	**Tacú leis an tionscnamh um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ar fud na hearnála oideachais.**	**Aschur i 2011** • Cuireadh tús le hobair ar Phlean Athchóirithe Chomhtháite na Roinne le haghaidh na hEarnála Oideachais • Táirgeadh Plean Gníomhaíochta ORP na Roinne • Tionscnaíodh tionscadal soláthair chomhroinnte don earnáil scoileanna • Thángthas ar chomhaontú idir an Roinn seo agus na Coimisinéirí Ioncaim go n-aistreofaí priontáil agus

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
		pacáistiú dhuillíní pá na múinteoirí chuig saoráid phriontála na gCoimisinéirí Ioncaim. • Cuireadh comhairliúchán ar siúl leis an Roinn Airgeadais agus leis an Oifig um Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí i ndáil le saoráid phárolla chomhroinnte agus le seirbhísí baincéireachta comhroinnte • Cuireadh tús le Céim 1 de thionscadail an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte d'Acmhainní Daonna • Rinneadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh arna dhéanamh ag an Roinn
5.2	**Neartú a dhéanamh ar ár ról mar cheannasaithe earnála agus tuiscint chomhroinnte ar shaincheisteanna agus ar chláir oibre a chinntiú, Comhaontuithe Seirbhíse a chomhaontú lenár ngníomhaireachtaí agus lenár soláthraithe oideachais de réir mar is cuí.**	Aschur i 2011 • Cuireadh tús le hobair ar Phlean Athchóirithe Chomhtháite na Roinne le haghaidh na hEarnála Oideachais • Áiríodh an Plean Gníomhaíochta ORP leis na gníomhaíochtaí ábhartha.
5.3	**I gcomhréir le Tús Áite do Leanaí, tacú leis an gcóras oideachais chun timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do gach leanbh.**	Aschur i 2011 • D'fhoilsigh leagan nuashonraithe de Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Iarbhunscoile i 2011 mar thoradh ar chomhairliúchán fairsing leis na comhpháirtithe oideachais. • Tá nósanna imeachta i bhfeidhm d'fhoireann na roinne maidir le buarthaí leasa agus cosanta leanaí a cuireadh in iúl dóibh a thuairisciú. • Lean an tseirbhís tacaíochta um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte uirthi oiliúint ar Threoirlínte Cosanta Leanaí na Roinne a thairiscint. Cuirfidh na Teagmhálaithe Ainmnithe (DLPanna) agus Boird Bhainistíochta oiliúint sna Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí a tugadh isteach i 2011 i bhfeidhm • D'fhreastail 382 Teagmhálaí Ainmnithe agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ar oiliúint i dTreoirlínte Cosanta Leanaí
5.4	**Tús a chur le hobair ar 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna a bhunú i gcomhréir leis an tiomantas sa Chlár don Rialtas.**	Aschur i 2011 • Cuireadh tús le hobair ar 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna chun na 33 Coiste Gairmoideachais a ionadú i gcomhréir leis an tiomantas sa Chlár don Rialtas. • Tá reachtaíocht ag céim forbartha. • Fógraíodh ceanncheathrú na mBord nua. • Tháinig an Roinn ar chomhaontú le SIPTU faoi scéim a dhéanfaidh foráil do cheapachán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ainmnithe de na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna nua sula mbunófar iad faoi reachtaíocht. Déanann an comhaontú foráil freisin d'athúsáid aon sealbhóirí barrachais poist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin buan.
5.5	**Plean Gníomhaíochta an Chláir Athbhreithnithe**	Aschur i 2011 • Tugadh an Plean Gníomhaíochta ORP chun críche

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
	Eagraíochtúil a chur chun feidhme	go mall i 2011. Is é atá sa phlean cumasc de ghníomhaíochtaí nua agus de ghníomhaíochtaí atá ann cheana a tosaíodh ó ceapadh an tuarascáil ORP. Bhí obair ar siúl cheana ar roinnt gníomhaíochtaí, lena n-áirítear athfhorbairt láithreán Gréasáin na Roinne, cuíchóiriú na hearnála Coistí Gairmoideachais agus obair chun Boird Oideachais agus Oiliúna a bhunú, chomh maith le cur chun feidhme na Straitéise Ard-Oideachais go dtí 2030. • Cuireadh ceardlanna foirne ar siúl chun Plean Gníomhaíochta ORP na Roinne a fhorbairt
5.6	**Tacú lenár bhfoireann obair chomh maith agus is féidir leo trí chumarsáid inmheánach a fheabhsú, trí úsáid éifeachtúil acmhainní foirne a chinntiú, trí dheiseanna oiliúna ardchaighdeáin a chur ar fáil, lena n-áirítear oiliúint ar an láthair**.	**Aschur i 2011** • Sainaithníodh oiliúint spriocdhírithe trí chomhairliúchán le foireann agus le bainisteoirí agus tríd an bpróiseas PMDS, agus cuireadh ar fáil í de réir mar ba ghá • Cuireadh níos mó ná 2,800 lá oiliúna ar fáil i 2011 • Chuir an tAonad Pearsanra tús leis an bpróiseas maidir lenár n-éifeachtúlacht a fheabhsú in úsáid na n-acmhainní foirne mar chuid de chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh • Chuir an tAonad Oiliúna tús leis an bpróiseas maidir le ceistneoir a fhorbairt chun iniúchadh scileanna a dhéanamh. • Bhuail bainisteoireacht Acmhainní Daonna le bainisteoireacht shinsearach chun athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní soláthair foirne d'fhonn tuarascáil ar fheabhsú fheidhmeanna gnó na Roinne a tháirgeadh
5.7	**Leanúint le feabhas a chur ar chaighdeán ár gcumais faisnéise, anailíse agus mheasúnachta agus ar ár saineolas chun eolas a thabhairt don fhorbairt beartais agus roghanna soláthair sheirbhíse; rud a chuirfidh feabhas ar ár gcumas chun saincheisteanna a thagann chun cinn a shainaithint agus a bhainistiú.**	**Aschur i 2011** • Caitheadh beagnach €160,000 ar thionscadail arna maoiniú ag Coiste Taighde agus Forbartha na Roinne i 2011 • Críochnaíodh tionscadal taighde Valuing Visibility: An Exploration of How Sexual Orientation Issues are Addressed in Post Primary Schools (Infheictheacht a Luacháil: Taiscéaladh ar Conas a Thugtar Aghaidh ar Shaincheisteanna um Chlaonadh Gnéis i Scoileanna Iarbhunscoile) i 2011 • Bhí tionscadal taighde a bhaineann leis an bhforbairt ar chlár oideachais reiligiúin ilchreidimh lena sheachadadh i Scoileanna Pobail Náisiúnta ar siúl i 2011 • Cuireadh feabhas ar phróisis agus ar chórais TF mar ba ghá (féach 5.11 agus 5.13)
5.8	**Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil don Rialtas, don Aire, d'Airí Stáit agus don chóras polaitíochta níos leithne.**	**Aschur i 2011** • Tá córais rianaithe agus nósanna imeachta saintreoracha i bhfeidhm chun an soláthar seirbhísí ardchaighdeáin agus tráthúla a éascú • Freagraíodh do 3,103 Ceist Pharlaiminte i 2011 • Fuarthas 147 Meabhrán don Rialtas le haghaidh breathnuithe i 2011 • Fuair Oifig an Aire agus Oifig na nAirí Stáit thart ar 13,000 uiríoll i 2011 • Freagraíodh do 60 Saincheist Thráthúil sa Dáil agus freagraíodh do 32 atráth sa Seanad
5.9	**Clár oibre foirmiúil um bainistíocht athraithe a chur chun feidhme chun cur chuige pleanáilte agus**	**Aschur i 2011** • Bhuail bainisteoireacht Acmhainní Daonna le bainisteoireacht shinsearach chun athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní soláthair foirne d'fhonn

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
	smachtaithe a chinntiú chun éifeachtúlachtaí eagraíochtúla a shainaithint agus a úsáid.	tuarascáil ar fheabhsú fheidhmeanna gnó na Roinne a tháirgeadh
5.10	**A chinntiú go soláthraítear cláir sa bhealach is éifeachtúla agus go ndéantar cur chun feidhme na gclár a bhainistiú go maith agus a ailíniú le hobair eile.**	**Aschur i 2011** • Éilíonn an Próiseas Pleanála Gnó an t-athbhreithniú bliantúil ar chur chun feidhme na bpleananna gnó. Ullmhaíonn gach rannóg den Roinn pleananna bliantúla gnó • Tá a gcuid nósanna imeachta, próiseas agus acmhainní á scrúdú ag rannóga líne ar mhaithe le héifeachtúlacht mhéadaithe, le tacaíocht an Aonaid Phearsanra • Chuaigh Pleanálaí Caiteachais don Aonad Pleanála agus Tógála beo i mí Mheán Fómhair 2011 • Rinneadh feabhsuithe ar an FMS, lena n-áirítear comhéadan le soláthraithe bulc-ualaigh agus sonraisc chuig an gcóras • Cuireadh an Laghdú ar Phinsean na Seirbhíse Poiblí (PSPR) i bhfeidhm maidir le córais Riaracháin Phinsean agus Phárolla • Leasaíodh an Sceideal Leithdháilte Iarbhunscoile do 2011/12 chun an ríomh LCVP a ionchorprú leis an ríomh Gnáth-Rollaithe ar sceidil soláthair foirne • Bhí ullmhúchán do phriontáil agus phacáistiú na nduillíní pá d'fhostaithe scoile agus do phinsinéirí a aistriú chuig an Ionad Priontála Ioncaim ar siúl
5.11	**Tacú leis na bearta arna gcinneadh ag an Rialtas a tháinig as an Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas agus iad a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs seo, déanfaimid ár mbuiséad a bhainistiú go héifeachtach agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí ar mhaithe leis an tionchar agus an éifeachtúlacht is mó, lena n-áirítear trí chur chun feidhme an chuir chuige um Buiséadú Feidhmíochta.**	**Aschur i 2011** • Cuireadh Tuarascáil na Roinne um Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas (CER) isteach i mí Mheán Fómhair 2011 • Áiríodh le Réamh-Mheastachán na Roinne do 2012 aguisín léiritheach bunaithe ar fhormáid nua buiséadaithe feidhmíochta • Cuireadh tús le hathstruchtúrú Vóta na Roinne chun freagairt don chur chuige straitéiseach nua cláir • Rinne an tAonad Airgeadais teagmháil le bainisteoirí fotheidil i rith 2011 lena chinntiú go bhfanfadh caiteachas laistigh den leithdháileadh iomlán don bhliain • Bhí glanchoigilteas iomlán €31 milliún ar chaiteachas ar an Vóta Oideachais, cothrom le 0.4% den leithdháileadh bunaidh
5.12	**Feabhas a chur ar ár n-úsáid TFC chun an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre a fheabhsú; chun an úsáid seirbhísí comhroinnte a éascú, chun seirbhísí agus faisnéis ar líne a sholáthar don phobal agus don chóras oideachais agus oiliúna níos leithne, lena n-áirítear láithreán Gréasáin nua dírithe ar chustaiméirí.**	**Aschur i 2011** • Foilsíodh Straitéis TFC na Roinne do 2011-2013 • Cuireadh tús le pleanáil chun córas teileafóin 25 bliain d'aois na Roinne a ionadú le córas teileafóin VoIP (Prótacal Idirlín don Ghuthú. Cuireadh conradh i bhfeidhm go mall i 2011 agus bhí mí Aibreáin 2012 sceidealta le haghaidh cur chun feidhme beo • Cuireadh tús le pleanáil chun an córas teileafóin VoIP a chomhtháthú i gclár cumarsáide aontaithe iomlán • Cuireadh tús le pleanáil le haghaidh forbairt P-POD (Sonraí Ar Líne Iarbhunscoile) • Rinneadh feabhsuithe ar an gcóras éileamh ar líne agus ar an gcomhéadan le hAcmhainní Daonna/párolla • Cuireadh feabhas ar na córais Acmhainní Daonna/Phárolla um Maoirseacht agus Ionadú (S&S)

Cuspóirí		Roinnt Aschur i 2011
		chun uaireanta S&S a eochraíodh tríd an gCóras Éileamh Ar Líne (OLCS) a phróiseáil. • Cuireadh na bogearraí párolla deireadh bliana chun feidhme in am • Forbraíodh córais Acmhainní Daonna agus Párolla le haghaidh rátaí tuarastail níos ísle agus liúntais a íoc le hiontrálaithe nua, le ceapacháin mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta agus le múinteoirí scortha a fhilleann ar obair. • Cuireadh tús le Céim II d'Intleacht Ghnó ag úsáid sonraí iarbhunscoile • Cuireadh tús le pleanáil le haghaidh nuashonrú na mbunachar sonraí Oracle go léir, mar aon le bogadh ón ardán reatha AIX go Windows • Suiteáladh bandaleithead ilchineálach sna trí phríomhoifig de chuid na Roinne • Cuireadh tús le suiteáil bandaleithid fheabhsaithe do líonra 31 oifig áitiúil na Roinne • Cuireadh tús le pleanáil le haghaidh Buiséadú Feidhmíochta ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais (FMS) a thabhairt isteach • Rinneadh bogearraí carnacha um Laghdú atá Bainteach le Pinsean (PRD) a thástáil agus a chur chun feidhme. • Tástáladh an láithreán párolla Athshlánaithe ó Thubaiste i rith 2011
5.13	**Faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht ár bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais trí obair ár nAonaid Iniúchóireachta Inmheánaí**	**Aschur i 2011** • I rith 2011, rinneadh seacht dtuarascáil iniúchóireachta a thabhairt chun críche agus a eisiúint.
5.14	**Tabhairt faoi mheasúnachtaí rialta ar phríomhréimsí caiteachais tríd an gclár um Athbhreithniú Beartais ar Luach ar Airgead**	**Aschur i 2011** • Foilsíodh an tAthbhreithniú Beartais ar Luach ar Airgead (VFMPR) ar an Scéim Iompar Scoile i 2011 • Rinneadh an VFMPR ar Chaiteachas ar Oideachas na nDaltaí Imircigh ag an Leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile nach labhraíonn Béarla mar Chéad Teanga a fhoilsiú i 2011 • Rinneadh an VFMPR ar Chaiteachas ar an Scéim um Chúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA) a fhoilsiú i 2011 • Ba iad seo a leanas na VFMPRanna a bhí ar siúl i 2011: • Athbhreithniú ar an Scéim Oibreacha Samhraidh • Athbhreithniú ar Shocruithe Árachais do Scoileanna • Athbhreithniú ar Sholáthar Bunscoileanna Beaga
5.15	**Sonraí a bhaineann le hoideachas agus le hoiliúint a chur ar fáil d'eagraíochtaí amhail Eurostat, an ECFE, agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe.**	• Rinneadh tuilleadh feabhsuithe ar fhoirm an Daonáirimh Bhliantúil Scoileanna Náisiúnta a chuidigh le scoileanna a gcuid faisnéise a chomhlánú agus a chur ar ais • Foilsíodh paimfléad Staitisticí Oideachais • Cuireadh staitisticí oideachais ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne nuair ba ghá de réir mar ba chuí

Aguisín A: Comhlachtaí faoi Scáth na Roinne i 2011

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	**(COGG)**
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	**(CICA)**
An Bord Airgeadais Oideachais	**(EFB)**
Foras Áiseanna Saothair	**(FÁS)**
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	**(FETAC)**
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	**(GGDA)**
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	**(HETAC)**
An tÚdarás um Ard-Oideachas	**(HEA)**
Léargas - An Biúró Malartaithe	
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	**(NCGE)**
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	**(NCCA)**
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	**(NCSE)**
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	**(NQAI)**
An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe	**(RIRB)**
An Coiste Athbhreithnithe um Shásamh Institiúidí Cónaithe	**(RIRC)**
An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta	**(IRCHSS)**
Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht	**(IRCSET)**
Skillnets Teo.	
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	**(SEC)**
[5] An Chomhairle Mhúinteoireachta	

[5] Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta féinmhaoinitheach ó mhí an Mhárta 2008